An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

FONN CEOIL CEOL DON TEASTAS SÓISEARACH CROÍLEABHAR

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

FONN CEOIL

Ceol don Teastas Sóisearach Croíleabhar

Sinéad Ní Fhathaigh
Deirdre Ní Chaomhánaigh

Fonn Ceoil

Ceol don Teastas Sóisearach

Sinéad Ní Fhathaigh
Deirdre Ní Chaomhánaigh

Tá COGG buíoch de EdCo a thug cead sleachta as Tuned In le Caire O'Grady a úsáid sa leabhar seo.

Curtha in eagar ag Fionnuala de Barra-Cusack
Arna chlóbhualadh ag Print Bureau
© 2010

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Clár na nÁbhar

Roinn 1: Litearthacht an Cheoil

Caibidil 1:	**Litearthacht an Cheoil 1**	**1**
Caibidil 2:	**Litearthacht an Cheoil 2**	**24**
Caibidil 3:	**Cur síos ar cheol**	**35**
Caibidil 4:	**An Cheolfhoireann**	**61**

Roinn 2: Eolas ar Cheol

Caibidil 5:	**Ceol Traidisiúnta**	**76**
Caibidil 6:	**Amhráin Roghnaithe**	**107**
Caibidil 7:	**Saothair Roghnaithe**	**131**
Caibidil 8:	**Staidéar Ginearálta**	**159**

Roinn 3: Cumadóireacht

Caibidil 9:	**Cumadóireacht - Tríchordaí**	**179**
Caibidil 10:	**Cumadóireacht Séise**	**193**
Caibidil 11:	**Réimniú ó Chorda go Corda.**	**206**
Auigisín:	**Foclóir Ceoil**	**226**

Caibidil 1: Litearthacht Ceoil 1

Clár Ábhair

Réamhrá:	Cuspóirí an tSiollabais: Litearthacht Ceoil	2
Aonad 1:	Scríbhneoireacht an Cheoil & an Sólfá Tonach	3
	An Chliath	3
	Airde an Nóta	4
	Fad an Nóta: Buille & Rithim	4
	Cleachtadh	7
Aonad 2:	Sosanna	11
	Cleachtadh	12
	Frásaí	13
Aonad 3:	Amchomharthaí/Barraí	14
	Cleachtadh	16
Aonad 4:	An méarchlár	19
	Mórghléasanna & scálaí	20
	Cleachtadh	21
Aonad 5:	Cleachtaí Amharc Léamh	23

Réamhrá – Cuspóirí an tSiollabais

Sonraítear thíos na spriocanna siollabais a bhaineann le Litearthacht Ceoil.

Litearthacht Ceoil

Beifear ag súil go mbeidh buneolas praiticiúil ag na hiarrthóirí uile ar bhunailt nodaireacht choinbhinseanach an cheoil agus leas á bhaint as cliath na tribile, i mórghléasanna agus i mionghléasanna suas le dhá ghéar agus dhá mhaol agus go mbeidh siad in ann a léiriú go dtuigeann agus go n-aithníonn siad, go héasca, an dordchliath i gcleachtaí atá ceaptha chun na réimsí seo a leanas a thástáil:

(a) An cumas mórghléasanna, mionghléasanna, mórchordaí agus mionchordaí a idirdhealú ó chéile;

(b) Tuiscint ar ionaid suaimhnis i gceol;

(c) Aithne ó chluas agus eolas ar na hamchomharthaí coiteanna agus na cineálacha leathlán go dtí an camán, an croisín poncaithe agus an minim poncaithe agus na sosanna gaolmhara san áireamh, agus na hidirchéimeanna coiteanna, diatonacha ó chomhairde go hochtach;

(d) Tuiscint ó chluas ar an difríocht idir amchomharthaí débhuilleacha agus tríbhuilleacha, méadair na ngnáthrincí Gaelacha, agus comhchosúlachtaí idir rincí gaolmhara i dtraidisiún an tsnagcheoil agus an cheoil phobail a thabhairt faoi deara;

(e) An cumas ar fhoirmeacha simplí a úsáidtear go coitianta, cuma an amhráin, rincí nó dréachtaí atá ag an bpobal, iad a aithint ó chluas agus ó leagan scríofa an cheoil;

(f) An cumas ar shliocht gearr rithime a scríobh ó dheachtú agus leas á bhaint as luachanna na nótaí agus as na hamchomharthaí a thugtar faoi (c) thuas.

Ardleibhéal amháin

Mar bhreis beidh ar na hiarrthóirí seo a léiriú go bhfuil siad in ann gléasanna suas le ceithre ghéar agus ceithre mhaol a thuiscint agus a aithint, agus buneolas feidhme a léiriú ar chliath na tribile agus an doird agus leas á bhaint as mórghléasanna agus mionghléasanna suas le dhá ghéar agus dhá mhaol i gcleachtaí atá ceaptha chun tástáil a dhéanamh ar an gcumas i dtaca leis na scileanna seo a leanas:

(a) Dúnta a aithint ó chluas agus a ainmniú;

(b) Séiseanna a scríobh agus leas á bhaint as luachanna na nótaí, na hidirchéimeanna, agus na hamchomharthaí a thugtar faoi 3.4.7 (c) thuas;

(c) Mírfhaid rialta agus mírfhaid neamhrialta, agus méadair na ngnáthfhoirmeacha rince clasaicigh de chuid an 18ú haois a bhraistint ó chluas.

Aonad 1 – Scríbhneoireacht an Cheoil



Ealaín do na cluasa atá sa cheol. Ní gá go mbeimis ábalta é a fheiceáil nó a bhlaiseadh nó lámh a leagan air, le sult a bhaint as. Ar feadh na mblianta (níos mó ná míle bliain ó shin) ní raibh an ceol scríofa síos ar chor ar bith. Chan daoine agus sheinn siad, agus bhí orthu cuimhneamh ar an gceol ansin. Níor tosaíodh ar cheol a scríobh go dtí thart ar an mbliain 1000 nuair a chum manach san Iodáil – Guido d'Arezzo – an sólfá tonach – dó, ré, mí, fá, só, lá, tí, dó.

Le foghlaim

Sólfá tonach: Ainmneacha na nótaí sa scála: d r m f s l t d

Ina dhiaidh sin, tháinig an córas nodaireachta chun cinn, agus d'fhás sé de réir a chéile go dtí an córas atá againn inniu. De réir mar a théann na nótaí suas agus síos sa cheol, téann na spotaí ceoil suas agus síos ar na línte. Léirítear fad na nótaí tríd an gcruth agus dathú atá ar na spotaí ceoil.

An Chliath: 5 líne, 4 spás



Chun ceol a sheinm is gá dhá p

a. Airde an Nóta - an bhfuil sé ard nó íseal?
b. Fad an Nóta - an seinneann tú an nóta ar feadh buille amháin nó ceithre bhuille?

Is féidir an t-eolas sinn a fháil ón gcliath.

Le foghlaim:
An Chliath: Na cúig líne agus ceithre spás ar a scríobhtar ceol

Airde an Nóta

Más nóta ard é scríobhtar in eochair na tribile é.
Más nóta íseal é scríobhtar in eochair an doird é.

An lámh dheas ar an bpianó

An lámh chlé ar an bpianó

Ag tús chliath na tribile, cuirtear isteach "eochair na tribile" rud a thaispeánann cá bhfuil an nóta G.
Tugtar litreacha ón aibítir ar na nótaí ceoil – ó A go G.

Seo iad Ainmneacha na Nótaí in eochair na tribile:

Na Spásanna



F A C E

Na Línte



E G B D F

Le foghlaim:
Cúig líne na tribile: E, G, B, D, F
Ceithre spás na tribile: F, A, C, E

Is féidir linn na línte a fhoghlaim le cuidiú ón abairt seo:
Éiríonn **G**ach **B**uachaill **D**ána **F**eargach
Is féidir an abairt "**F**aigheann **A**mhránaithe **C**eol **É**asca" a úsáid leis na spásanna a fhoghlaim agus litríonn na spásanna an focal "**FACE**" sa Bhéarla, agus mar sin tá sé éasca a fhoghlaim.

Fad an Nóta



An Leathlán: 4 bhuille - abair "tá-á-á-á"



An Minim: 2 bhuille - abair "tá-á"



An Croisín: 1 bhuille - abair "tá"

An Camán, Leathbhuille ♪ Dhá chamán le chéile- abair "tí-tí"

Le foghlaim:	**Camán**	**leathbhuille**
	Dhá chamán ♫	**dhá leathbhuille**
	Croisín ♩	**buille amháin**
	Minim 𝅗𝅥	**dhá bhuille**

Rithim

Is é an croisín an nóta is simplí sa cheol. Tá aon bhuille amháin air. Is féidir sraith croisíní a bhualadh amach leis an siolla "ta" a rá:

♩ ♩ ♩ ♩ ♩ ♩ ♩ ♩ ♩ ♩ ♩ ♩

ta ta ta ta ta ta ta ta ta ta ta ta

Bíonn buille rialta ann agus an spás céanna idir gach nóta.

Scríobh líne de chroisíní anseo:

_____

Tá leathbhuille ar chamán agus is féidir camán a chur leis féin ♪ nó dhá cheann a chur le chéile ♫ . Cuirimid an dá shiolla "tí-tí" leis an dá chamán.

Buail amach an rithim seo a leanas:

♫ ♫ ♫ ♫ ♫ ♫ ♫ ♫ ♫ ♫ ♫ ♫

tí tí tí tí tí tí tí tí tí tí tí tí tí tí tí tí tí tí tí tí tí tí tí tí

Scríobh líne de chamáin anseo:

_____

Tá dhá bhuille ar mhinim 𝅗𝅥 agus cuirtear an siolla “ta-a” leis.

𝅗𝅥 𝅗𝅥 𝅗𝅥 𝅗𝅥 𝅗𝅥 𝅗𝅥 𝅗𝅥 𝅗𝅥 𝅗𝅥 𝅗𝅥

ta-a ta-a ta-a ta-a ta-a ta-a ta-a ta-a ta-a ta-a

Scríobh líne de mhinimí anseo:

_____

Caithfidh an buille fanacht mar an gcéanna i gcónaí agus tú ag bualadh na rithime – ciallaíonn sé seo nach féidir leat éirí níos tapúla ná níos moille.

Le foghlaim
Rithim: Meascán de nótaí fada agus gearra curtha le chéile le píosa ceoil a dhéanamh. Is féidir é a bhualadh le do lámha.

Buille

Go minic nuair atáimid ag éisteacht le píosa ceoil ar an raidió, buailimid ár gcos ar an talamh. Ní hí an rithim a bhuailimid leis an gcos mar bheadh sé i bhfad róchasta. Buailimid rud éigin i bhfad níos rialta – gan nótaí fada nó gearra, ach gach nóta den fhad céanna. Tugaimid an buille air seo.

Le foghlaim
Buille: An chuid den cheol a bhuailimid lenár gcos. Tá sé rialta agus fanann sé mar an gcéanna tríd an gceol ar fad.



Aonad 1: Cleachtadh

1.1.1

Déan cleachtadh ar eochair na tribile a scríobh anseo:

Agus arís anseo:

Agus arís anseo:

Scríobh eochair na tribile agus ansin líne de chroisíní anseo:

Scríobh eochair na tribile agus ansin líne de mhinimí anseo:

Scríobh eochair na tribile agus ansin líne de dhá chamán le chéile anseo:

1.1.2

Scríobh na nótaí seo a leanas ar an gcliath ag baint úsáide as leathlán (nóta ceithre bhuille)



A C F E D G B A



B A G G F A D A



G A B A D F G B



E A B F D C G E B

1.1.3

Matamaitic an cheoil





1.1.4

Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad is brí le rithim?

   _____

   _____

2. Cad is brí le buille?

   _____

   _____

3. Cá mhéad buille atá ar chroisín? _____
4. Cá mhéad buille atá ar chamán? _____
5. Cá mhéad buille atá ar mhinim? _____
6. Cá mhéad buille atá ar leathlán? _____
7. Cad is brí le sólfá tonach?

   _____

   _____

8. Cé mhéad buille atá ar dhá chamán le chéile? _____
9. Cé mhéad buille atá ar chroisín agus minim curtha le chéile? _____
10. Cé mhéad buille atá ar leathlán agus minim curtha le chéile? _____
11. Cad is brí le cliath? _____
12. Ainmnigh na cúig línte in eochair na tribile: _____
13. Cén abairt a chuidíonn leat cuimhniú orthu? _____
14. Ainmnigh na ceithre spásanna in eochair na tribile: _____
15. Cén abairt a chuidíonn leat cuimhniú orthu? _____
16. Cad is brí le sólfá tonach? _____

Aonad 2 – Sosanna



Sa cheol tá an sos ar chomhthábhacht leis an nóta.
Seo iad na soschomharthaí

	Sos leathláin
	Sos minim
	Sos croisín
	Sos camáin

Má táimid ag iarraidh a léiriú go bhfuil nóta trí bhuille ann is féidir linn minim poncaithe a úsáid, mar seo a leanas:



Maidir le sos trí bhuille is féidir linn ponc a chur tar éis sos minim ach tá sé níos fearr sos minim a scríobh agus ansin sos croisín. Féach thíos:



Cleachtadh 1.2.1
Scríobh síos ainm na nótaí a bhfuil na buillí seo a leanas orthu:

1 bhuille _____

3 bhuille _____

4 bhuille _____

Leathbhuille _____

2 bhuille _____

Scríobh sampla den sos do gach ceann de na nótaí sin ar an gcliath thíos



Cleachtadh 1.2.2

I gcás gach frása thíos cuir isteach an sos atá in easnamh áit a bhfuil réalta.



Anois buail amach na rithimí sin. Nuair atá sos le “bualadh” oscail amach do lámha le taispeáint nach bhfuil aon bhuille ansin.

Frásaí

Tugtar frása ar líne cheoil. De ghnáth, bíonn 4 bharra i ngach frása agus tá sé cosúil le habairt sa chaint. Má tá tú ag canadh, léiríonn frásalíne cá háit a dtógtar anáil, mar atá léirithe thíos:



Ní bhriseann tú frása riamh - níor chóir anáil a thógáil i lár frása riamh.

Le foghlaim
Frása: Líne cheoil a chanann tú in aon anáil amháin. Tá sé cosúil le habairt sa chaint.

Cleachtadh 1.2.3

Scríobh frása ceithre bharra agus ocht mbarra anseo thíos. Cuir barralíne dhúbailte ag an deireadh agus frásalíne thar gach ceann.

1.



2.



Aonad 3 – Amchomharthaí

Cuirtear airde agus fad na nótaí le chéile chun amhráin nó foinn a chumadh. Cosúil le haon teanga (Béarla, Gaeilge, Gearmáinis srl.) tá gá le struchtúr éigin. Sa Ghaeilge tá poncaíocht, abairt, camóg, agus lán stad againn. Sa cheol tá amchomharthaí, barra, barralíne agus barralíne dhúbailte ann.

Barraí

Bíonn sé deacair sraith fhada nótaí a leanúint, mar sin brisimid suas i ngrúpaí iad. Is féidir le dhá bhuille, 3 bhuille nó 4 bhuille a bheith i ngach grúpa, agus tugaimid "barra" (barraí) ar an ngrúpa (na grúpaí) seo. Cuirimid líne ingearach idir gach barra agus tugaimid "barralíne" air seo.



Le foghlaim :

Barra: sa cheol cuirtear na buillí i ngrúpaí .i. cuirtear iad sa bharra.

Barralíne: taispeánann an bharralíne tús agus deireadh an bharra.

Barralíne dhúbailte: taispeánann an bharralíne dhúbailte deireadh an tsaothair, an amhráin nó an fhoinn.

Amchomhartha: taispeánann an t-amchomhartha cá mhéad buille atá sa bharra.

Amchomhartha

Sna samplaí ar fad thuas tá uimhir scríofa ag tús na líne le taispeáint cá mhéad buille atá i ngach barra. De ghnáth, bíonn dhá uimhir ar bharr a chéile ag tús na líne le taispeáint cá mhéad buille atá i ngach barra.

Féach ar shampla 1 thíos. Léiríonn an uimhir 2 ar an mbarr go bhfuil 2 bhuille i ngach barra.

Léiríonn an uimhir 4 ar bun cén saghas buille atá i gceist. 4 an ceann is coitianta agus seasann 4 don chroisín. Mar sin ciallaíonn 2/4 go bhfuil dhá bhuille croisín i ngach barra.

Sampla 1 :



Féach Sampla 2 thíos. Taispeánann an uimhir 3 go bhfuil trí bhuille sa bharra. Taispeánann an uimhir 4 gur buillí croisín iad. (Válsa)

Sampla 2



Féach Sampla 3 thíos. Taispeánann an uimhir 4 go bhfuil ceithre bhuille sa bharra. Taispeánann an uimhir 4 gur buillí croisín iad. (Ríl)

Sampla 3



Féach Sampla 4 thíos. Taispeánann an uimhir 6 go bhfuil sé bhuille sa bharra. Taispeánann an uimhir 8 gur buillí camáin iad. Úsáidtear an t-amchomhartha seo sa rince Gaelach port. Mar go gceanglaítear na camáin le chéile in dhá ghrúpa de thrí chamán, deirtear go bhfuil dhá chroisín poncaithe i ngach barra.

Sampla 4



Le foghlaim:
Amchomhartha: Dhá uimhir ar bharr a chéile ag tús an phíosa ceoil. Léiríonn an uimhir ar an mbarr cá mhéad buille atá i ngach barra. Léiríonn an uimhir ar bun cén saghas buille atá i gceist.

Aonad 3 - Cleachtadh

1.3.1

Scríobh frásaí sna hamchomharthaí seo a leanas:

3/4

2/4

4/4

2/4

3/4

4/4

3/4

1.3.2 Buail amach na rithimí seo a leanas. Is féidir na siollaí tá agus títí a úsáid le cuidiú leat.



Buail amach na rithimí seo a leanas.



Aonad 4 – An Méarchlár

Fíor 1: Mórphianó

An Méarchlár

Is féidir linn na nótaí éagsúla sa cheol a fheiceáil (agus a chloisteáil) go soiléir ar an bpianó. Tá sé an-éasca na nótaí atá ar an bpianó a léiriú i bpictiúr. Tugtar "méarchlár" ar na nótaí seo. Seo thíos pictiúr de mhéarchlár:

Tá nótaí dubha agus nótaí bána ar an bpianó. Tá patrún ag na nótaí dubha, grúpa 2 nóta agus grúpa 3 nóta.

Is féidir scála a sheinm ar an méarchlár. Is focal Iodáilise é *scala* a chiallaíonn dréimire. Tá an scála cosúil le dréimire, téann tú suas agus síos.
Sa mhéarchlár tá leath-thon agus ton ann. Chun leath-thon a fháil cuir do mhéar ar nóta dubh agus ar an nóta bán in aice leis. Chun ton a fháil aimsigh dhá nóta bhána le nóta dubh eatarthu.

Mórghléasanna

Tá foirmle ann chun scála mórghléis a dhéanamh:

Foirmle: Ton Ton Leath-thon, Ton Ton Ton Leath-thon.

Scála C: C D E F G A B C

Má bhunaítear píosa ceoil ar na nótaí i scála C, deirtear go bhfuil an píosa ceoil sin i ngléas C. Ag tús gach líne cheoil (ar an gcliath) ní bhíonn aon rud scríofa roimh an amchomhartha agus léiríonn sé seo go bhfuil an píosa i ngléas C mór.



Is féidir nóta a ghéarú nó a mhaolú. Chun nóta a mhaolú tar anuas leath-thon. Seo í an tsiombail le haghaidh nóta maol:

Tá gá le maol nuair a sheinntear scála ag tosú ar F. Bain triail as an scála a sheinm ar an bpianó.

Seo scála F scríofa ar an gcliath:



Mar go bhfuil gá le Bb sa scála seo deirtear go bhfuil maol amháin i ngléas F mór agus ‘sé sin B maol. Scríobhtar an Bb roimh an amchomhartha ar an gcliath.



Chun nóta a ghéarú téigh suas leath-thon. Seo í an tsiombail le haghaidh nóta géar:





Tá gá le F# nuair a sheinntear scála ag tosú ar G. Bain triail as an scála a sheinm ar an bpianó.

Seo scála G ar an gcliath:



Tá gá le F# i scála G mór, mar sin nuair a bhunaítear píosa ceoil ar na nótaí sa scála seo deirtear go bhfuil an píosa i ngléas G mór. Tá géar amháin i ngléas G mór 'sé sin F#. Scríobhtar an F# ar an gcliath roimh an amchomhartha i gcónaí.

Is féidir scálaí eile a dhéanamh leis an bhfoirmle chéanna: Ton, Ton, Leath-thon, Ton, Ton, Ton, Leath-thon.

Tá dhá ghéar i scála D mór – F# agus C# - seo mar a scríobhtar an scála:



Is féidir scála a thosú ar nóta dubh chomh maith. Má thosaíonn muid ag seinm ar Bb, cloisimid go bhfuil gá le dhá mhaol ann – Bb agus Eb. Seo mar a scríobhtar an scála:

Le foghlaim

An fhoirmle chun scála mórghléis a dhéanamh ná:
Ton Ton Leath-thon Ton Ton Ton Leath-thon

Gléasanna:
Níl aon ghéar ná maol i ngléas C mór.
Tá maol amháin i ngléas F mór 'sé sin Bb.
Tá géar amháin i ngléas G mór 'sé sin F#.
Tá dhá ghéar i ngléas D mór, F# agus C#.
Tá dhá mhaol i ngléas Bb mór, Bb agus Eb.

Aonad 4 – Cleachtadh 1.4.1 *Freagair na ceisteanna thíos*

1. Cá mhéad nóta bán atá ar an méarchlár sa phictiúr thíos?

2. Cá mhéad nóta dubh atá ann?

3. Má tá pianó agat sa bhaile faigh amach cá mhéad nóta bán agus nóta dubh atá air.

   Bán: Dubh:

Pianó Ingearach

1.4.2

Tabhair faoi deara go mbíonn níos mó nótaí bána ann ná nótaí dubha i gcónaí.
Tá na nótaí dubha leagtha amach i bpátrún de 2 cheann, 3 cinn, 2 cheann, 3 cinn...an bealach ar fad suas agus síos an méarchlár.

Le Déanamh

1. Seinn gach grúpa de 3 nóta dhubha ar an méarchlár.

2. Anois seinn gach grúpa de dhá nóta dhubha.

3. Anois faigh agus seinn an nóta bán idir an dá nóta dhubha. Is é sin an nóta D – an nóta is éasca le teacht air.

4. Seinn gach D ar an bpianó (nó méarchlár).

5. Ainmnigh na nótaí eile ar an méarchlár. Nuair a thagann tú go G, tosaigh arís ar A ar an gcéad nóta eile.

6. Anois tarraing méarchlár anseo thíos agus scríobh isteach ainmneacha na nótaí uile air.

Aonad 5: Cleachtadh Amharc Léamh

Amharc ar na cleachtaí thíos. Tá frása ceithre bharra i ngach ceann acu.

1. Oibrigh amach ón ngléaschomhartha cén gléas ina bhfuil an frása.

2. Scríobh amach an scála sa ghléas sin anseo agus scríobh isteach an sólfá tonach faoi gach nóta sa scála sin.



3. Scríobh isteach an sólfá tonach faoi gach nóta sna frásaí seo a leanas.

4. Buail amach rithim gach frása.

5. Can gach ceann acu ag baint úsáide as an sólfá tonach.

6. Déan iarracht iad a sheinm ar an bpianó chomh maith.



Caibidil 2: Litearthacht Ceoil 2

Clár Ábhair

		Leathanach
Réamhrá:	Cuspóirí an tSiollabais	25
Aonad 1:	Mionghléasanna	26
	Cleachtaí	27
Aonad 2:	An Dordchliath	29
	Cleachtaí	30
Aonad 3:	Idirchéimeanna	31
	Cleachtaí	31
Aonad 4:	Nótaí poncaithe	32
	Cleachtaí	32
Aonad 5:	Gléaschomharthaí don Ardleibhéal	34
	Cleachtaí	34

Réamhrá – Cuspóirí an tSiollabais

Litearthacht Ceoil

Beifear ag súil go mbeidh buneolas praiticiúil ag na hiarrthóirí uile ar bhunailt nodaireacht choinbhinseanach an cheoil agus leas á bhaint as cliath na tribile, i mórghléasanna agus i mionghléasanna suas le dhá ghéar agus dhá mhaol agus go mbeidh siad in ann a léiriú go dtuigeann agus go n-aithníonn siad, go héasca, an dordchliath i gcleachtaí atá ceaptha chun na réimsí seo a leanas a thástáil:

(g) An cumas mórghléasanna, mionghléasanna, mórchordaí agus mionchordaí a idirdhealú ó chéile;

(h) Tuiscint ar ionaid suaimhnis i gceol;

(i) Aithne ó chluas agus eolas ar na hamchomharthaí coiteanna agus na cineálacha leathlán go dtí an camán, an croisín poncaithe agus an minim poncaithe agus na sosanna gaolmhara san áireamh, agus na hidirchéimeanna coiteanna, diatonacha ó chomhairde go hochtach;

(j) Tuiscint ó chluas ar an difríocht idir amchomharthaí débhuilleacha agus tríbhuilleacha, méadair na ngnáthrincí Gaelacha, agus comhchosúlachtaí idir rincí gaolmhara i dtraidisiún an tsnagcheoil agus an cheoil phobail a thabhairt faoi deara;

(k) An cumas ar fhoirmeacha simplí a úsáidtear go coitianta, cuma an amhráin, rincí nó dréachtaí atá ag an bpobal, iad a aithint ó chluas agus ó leagan scríofa an cheoil;

(l) An cumas ar shliocht gearr rithime a scríobh ó dheachtú agus leas á bhaint as luachanna na nótaí agus as na hamchomharthaí a thugtar faoi (c) thuas.

Ardleibhéal amháin

Mar bhreis beidh ar na hiarrthóirí seo a léiriú go bhfuil siad in ann gléasanna suas le ceithre ghéar agus ceithre mhaol a thuiscint agus a aithint, agus buneolas feidhme a léiriú ar chliath na tribile agus an doird agus leas á bhaint as mórghléasanna agus mionghléasanna suas le dhá ghéar agus dhá mhaol i gcleachtaí atá ceaptha chun tástáil a dhéanamh ar an gcumas i dtaca leis na scileanna seo a leanas:

(d) Dúnta a aithint ó chluas agus a ainmniú;

(e) Séiseanna a scríobh agus leas á bhaint as luachanna na nótaí, na hidirchéimeanna, agus na hamchomharthaí a thugtar faoi 3.4.7 (c) thuas;

(f) Mírfhaid rialta agus mírfhaid neamhrialta, agus méadair na ngnáthfhoirmeacha rince clasaicigh de chuid an 18ú haois a bhraistint ó chluas.

Aonad 1: Mionghléasanna

Tá an mórscála agus an mionscála gaolta lena chéile. Baineann an mionghléas úsáid as nótaí den mhórscála ach i bpátrún (le foirmle) éagsúil.
Sa sólfá tonach, is féidir an mionscála an chanadh mar seo:

lá, tí, dó, ré, mí, fá, sí, lá

Is féidir dhá rud a thabhairt faoi deara faoin mionscála thuas

- Tosaíonn an mionscála ar 'lá' an mhórscála
- Tá an nóta 'só' géar agus tugtar 'sí' air

Féach thíos an Scála C Mór

C	D	E	F	G	A	B	C
dó	ré	mí	fá	só	lá	tí	dó

Chun an mionscála gaolta a chruthú tosóimid ar 'lá' agus ardaímid an seachtú nóta (só go sí)

Mionscála A (gaolta le C mór)



A	B	C	D	E	F	G#	A
lá	tí	dó	ré	mí	fá	sí	lá

Bíonn an gléaschomhartha céanna ag C mór agus A mion sa cheol. An difríocht eatarthu ná na nótaí laistigh den fhonn. Bíonn an seachtú nóta (G) géar san fhonn an chuid is mó den am.

Le Foghlaim

Chun an mionghléas coibhneasta (an mionghléas atá gaolta leis an mórghléas) a aimsiú, faigh an nóta 'lá' sa mhórghléas. Bíonn an seachtú nóta ardaithe i gcónaí i mionghléas.

Cleachtadh 2.1.1

1. Scríobh amach an scala G mór anseo:



2. Roghnaigh an mionscála atá gaolta le G mór ón liosta thíos:

    a. D mion: D, E, F, G, A, Bb, C#,D

    b. G mion: G, A, Bb, C, D, Eb, F#, G

    c. E mion: E, F#, G, A, B, C, D#, E

3. Scríobh amach an scála B mion:



4. Scríobh amach an scála D mion agus ainmnigh an mórghléas coibhneasta (an mórghléas lena bhfuil sé gaolta).

Mórghléas coibhneasta: _____



5. Scríobh amach scála Bb agus ansin scríobh amach an mionscála coibhneasta (mionghléas atá gaolta leis).

Scála Bb:



Mionscála coibhneasta: _____



2.2.2

Líon isteach an ghreille thíos.

Gléaschomhartha	Mórscála	Mionscála	7ú nóta géar
0 # 0 b	C		
Géar amháin: F#	G		
2 ghéar: F# C#	D		
Maol amháin: Bb	F		
2 mhaol: Bb Eb	Bb		

Aonad 2 – An Dordchliath

An Dordchliath

Seo thíos na nótaí ar an dordchliath

Na 5 línte



G B D F A

Cuideoidh an abairt seo thíos leas na línte a fhoghlaim:

Gluaiseann **B**usanna **D**earga **F**aoin **A**er

Na 4 spás



A C E G

Cuideoidh an abairt seo thíos leat na spásanna a fhoghlaim:
Aimsíonn **C**ailíní **É**agsúla **G**rá

Seo a leanas mar a scríobhtar gléaschomhartha ar an dordchliath



D mór

Le Foghlaim:

Na 5 Líne ar an Dordchliath: G, B, D, F, A

Na 4 Líne ar an Dordchliath: A, C, E, G

Cleachtadh 2.2.1

Ainmnigh na nótaí seo:



Scríobh na nótaí seo ar an gcliath:



C C A F B G D E F G A B

2.2.3
Ainmnigh na scálaí seo:



Scála: _____



Scála: _____

Aonad 3: Idirchéimeanna

Idirchéimeanna

Tugtar idirchéim ar an spás idir dhá nóta atá seinnte le chéile sa cheol. Mar sin má tá beirt ag canadh dhá nóta éagsúla is é an spás idir an dá nóta sin an idirchéim. Tá idirchéimeanna tábhachtach nuair atá muid ag iarraidh cordaí a chruthú, mar go mbíonn an spás céanna idir an chéad agus dara nóta is atá idir an dara agus tríú nóta.

Seo a leanas na hidirchéimeanna is coitianta. Tógtar an bun-nóta céanna gach uair agus cuirtear nóta éagsúil den scála os a chionn. Bíonn na hidirchéimeanna mar an gcéanna i ngach scála mór.



Tá trí bhealach inar féidir cur síos a dhéanamh ar an idirchéim idir dhá nóta atá mar an gcéanna. Is féidir a rá go bhfuil aontach eatarthu. Nó is féidir a rá go bhfuil aoncheol ann. Is féidir a rá chomh maith go bhfuil siad ar chomhairde. Bí ag faire amach do na téarmaí éagsúla ar pháipéir scrúdaithe.

Cleachtadh 2.3.1
Ainmnigh na hidirchéimeanna seo a leanas:



Aonad 4: Nótaí poncaithe

D'fhoghlaim muid i gcaibidil 1 faoi luach nótaí – croisín (1 bhuille), minim (dhá bhuille), leathlán (4 bhuille) agus camán (leathbhuille). Is féidir linn nótaí a scríobh a bhfuil luachanna eile orthu chomh maith leis na cinn seo. Má chuireann muid ponc i ndiaidh nóta déanann sé sin an nóta sin níos faide. Is féidir leat a oibriú amach cé chomh fada is atá an luach iomlán má shuimítear luach an nóta móide leathchuid de luach an nóta.
Mar sin:

Minim (2 bhuille):	Minim phoncaithe (2 + 1) = 3 bhuille
Leathlán (4 bhuille):	Leathlán poncaithe (4 + 2) = 6 bhuille
Croisín (1 bhuille):	Croisín poncaithe (1 + ½) = 1.5 buille

Má úsáideann tú na siollaí "tá" agus "tití" le cuidiú leat agus tú ag bualadh amach na rithimí, tabharfaidh tú faoi deara go bhfuil ceann nua ag teastáil don chroisín poncaithe. "tá-í tí" na siollaí a úsáidtear don chroisín poncaithe agus camán le chéile.

Cleachtadh 2.4.1
Oibrigh amach cén luach atá ar na nótaí thíos:



Scríobh frásaí 4-bharra anseo thíos ag baint úsáide as croisíní agus minimí poncaithe. Cuir isteach barra línte dúbailte nuair atá siad in easnamh. Nuair atá siad críochnaithe agat malartaigh le do chara agus buail amach rithimí a chéile. Bain úsáid as "tá-ítí" don chroisín poncaithe agus camán le chéile.



Buail amach na rithimí seo a leanas:



Bain triail as na cinn seo chomh maith:



Aonad 5: Gléaschomharthaí don Ardleibhéal

Don chúrsa ardleibhéil caithfear gléaschomhartha suas go ceithre ghéar agus ceithre mhaol a fhoghlaim. Seo thíos na scálaí a bhfuil trí agus ceithre ghéar agus mhaol iontu.

Tá trí ghéar i ngléas A mór – F#, C# agus G#. Seo thíos scála A mór.



Tá ceithre ghéar i ngléas E mór – F#, C#, G#, D#. Seo thíos scála E mór.

Tá trí mhaol i ngléas Eb mór – Bb, Eb, Ab. Seo thíos scála Eb mór.



Tá ceithre mhaol i ngléas Ab mór – Bb, Eb, Ab, Db. Seo thíos scála Ab mór.

Cleachtadh 2.5.1
Scríobh amach gléaschomharthaí do na gléasanna seo a leanas:





Caibidil 3: Cur Síos ar Cheol



	Clár Ábhair	Leathanach
Réamhrá:	Cuspóirí an tSiollabais	36
Aonad 1:	Fonn, Tiúin, Séis	37
Aonad 2:	Rithim	39
Aonad 3:	Armóin	42
Aonad 4:	Uigeacht	44
Aonad 5:	Mothúcháin	45
Aonad 6:	Stíl	47
Aonad 7:	Cleachtadh	48

Réamhrá – Cuspóirí an tSiollabais

Scileanna Ginearálta Éisteachta agus Cur Síos ar Cheol

A léiriú go bhfuil ar do chumas fuaimeanna éagsúla uirlise agus gutha a thabhairt chun grinnis ó chluas, iad a chatagóiriú agus a ainmniú, go príomha iad sin a chuirtear ar fáil trí na huirlisí aithnidiúla ceolfhoirne a úsáid ar an ngnáthchaoi.

Bheith in ann tráchtaireachtaí éagsúla a thabhairt faoi shleachta taifeadta agus leas a bhaint as béarlagair teicniúil agus/nó neamhtheicniúil maidir lena bpríomh-shaintréithe, a mbunús, a gcosúlachtaí, agus éagsúlachtaí. Aire éigin a thabhairt, má oireann, d'athruithe meanma, luas, tonúlacht, amchomharthaí, tréithe ginearálta stílíochta agus na gnéithe athraitheacha a bhaineann le huigeacht an cheoil (m.sh. tondath, fórsaí seanma, airde srl.) chomh maith le tuiscint éigin ar an gceangal atá idir eilimintí dá sórt agus ar a n-oiriúnacht maidir leis na cuspóirí ceoil a bhí ar intinn ag na cumadóirí a bhain leas astu.

Ba chóir dóthain taithí éisteachta ar an iomlán a bheith ag iarrthóirí, ag cur san áireamh na stíleanna uile agus scaradh na *genres*, chun a chur ar a gcumas claontaí coitianta a bhrath ó chluas, m.sh. an tuiscint gur féidir aidhm fhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil a bheith leis na gceol (.i. le haghaidh searmanais murab ionann is ceol le haghaidh siamsa éadroim) gur féidir éifeacht ghníomhach nó éifeacht éighníomhach a bheith leis (ceol rince a spreagfadh gníomh i gcomparáid le ceol a cheapfaí chun aird a mhealladh de thoradh na háilleachta a bhraithfí a bheith de dhlúth agus d'inneach ann) agus na cáilíochtaí éagsúla atá mar an gcéanna ag an gceol sna catagóirí sin.

Ba chóir go mbeadh sé ina chuid d'éisteacht rialta dá sórt tuiscint ar chiall agus úsáid focal a úsáidtear go coitianta chun cur síos ar an gceol, m.sh. ceol tuairisciúil, uathcheol, stíl chuntraphuntúil/homafónach, monaicheol, tondath, rithimiúil/séiseach, comharthaí luais agus dinimic (ní gá go gcloífí le téarmaíocht na hIodáilise ná na Gearmáinise amháin) uigeacht, clasaiceach, eitneach, snagcheol, srl. agus focail eile a chuideodh le cur síos a dhéanamh ar fhreagairt phearsanta do dhréachtaí áirithe ceoil nó léiriú air, m.sh. ornáideach, bríomhar, gnóthach/suaimhneach, inspioráideach, ar mhodh damhsa srl.

Nóta don mhúinteoir:

Tá ceisteanna bunaithe ar cheol a bhfuil teacht air ar an idirlíon sa chaibidil seo. Tá ceisteanna eile ann bunaithe ar do rogha ceoil sa chuid dheireanach.

Aonad 1 – Fonn/Tiúin/Séis

Gluaiseacht na séise:

- Is féidir leis an cheol gluaiseacht céim ar chéim den chuid is mó suas nó síos an scála. Bíonn an tséis socair, réidh agus cuireann sé ar do shuaimhneas tú. Go minic bíonn séis mar seo le fáil i gceol diaga/cráifeach. **Samplaí**: Frère Jacques; Be Still my Soul; By the Waters of Babylon.

- Fonn a bhfuil an-chuid léimeanna ann. Bíonn na séiseanna seo níos láidre ná séiseanna a ghluaiseann céim ar chéim. Ní bhíonn siad socair, réidh ach is minic a léiríonn siad crógacht nó misneach. **Sampla**: Can't help lovin' dat man.

- Meascán de ghluaiseacht céim ar chéim agus léimeanna. Seo an cineál is coitianta.

Réimse na Séise

- Má ghluaiseann an ceol céim ar chéim den chuid is mó, gach seans nach bhfuil réimse ró-leathan ag an cheol. Má tá go leor léimeanna ann tá gach seans go bhfuil réimse níos leithne aige.

- In amhráin is réimse cúng é níos lú ná ochtach a bheith in úsáid. Deirtear go bhfuil réimse measartha in amhrán a bhfuil idir ochtach agus ochtach go leith ann. Tugtar réimse leathan ar amhrán ina bhfuil réimse de dhá ochtach nó cóngarach dó ann.

- De ghnáth, bíonn réimse níos leithne ag ceol uirlise, go háirithe ceol uirlise ina n-úsáidtear réimse leathan uirlisí.

Na Frásaí (míreanna)

- Fad na bhfrásaí: An bhfuil siad fada nó gairid?

  De ghnáth, bíonn siad 4 bharra ar fhad. Le hamhráin go minic freagraíonn na frásaí don méid a chanfá in aon anáil amháin. Má tá níos mó ná 4 bharra sna frásaí is féidir a rá go bhfuil siad fada, agus níos lú ná 4 bharra tá siad gearr.

- An bhfuil na frásaí soiléir nó an dtrasnaíonn siad a chéile? Mura bhfuil ach guth/uirlis amháin ann beidh na frásaí an-soiléir. Le ceol cuntraphointeach (le rothlaim mar shampla) seinntear trasna a chéile iad, ní bhíonn aon bhriseadh soiléir sa cheol go dtí an deireadh.

- An bhfuil na frásaí ag freagairt a chéile?

(i) ceann amháin ag dul suas, ceann eile ag teacht anuas. **Mar shampla** Groovy Kind of Love le Phil Collins, bunaithe ar cheol a chum Clementi.

(ii) frása amháin oscailte ag an deireadh, ceann eile dúnta. **Mar shampla:** Away in a Manger, an dá fhrása deireanacha.

(iii) an rithim chéanna sa dá fhrása ach na nótaí rud beag difriúil. Sampla: Eine Kleine Nacht Musik, an chéad ghluaiseacht.

Seichimh

- Go minic déantar athsheinm ar phátrún nótaí céim níos airde nó níos ísle, le tuilleadh béime agus cothromaíochta a thabhairt don fhrása sin. Tugtar seicheamh air seo, nó seicheamh séiseach nuair a bhaineann sé leis an tséis amháin. Sampla: By the Waters of Babylon, tá gach frása san amhrán seo bunaithe ar sheicheamh a athdhéantar céim amháin níos ísle gach uair.

Le Foghlaim:

Seicheamh: Pátrún nótaí a athsheinntear suas nó síos céim nó dhó.

Rothlaim: Amhrán simplí a chantar i bpáirteanna a thosaíonn i ndiaidh a chéile agus a dhéanann aithris ar a chéile. Sampla: Frère Jacques

Cuntraphointe: Uigeacht cheoil ina dtrasnaíonn na páirteanna a chéile, ag déanamh aithris ar a chéile.

Frása: Cothrom le habairt sa cheol; an chuid den cheol a chanfá in aon anáil amháin.

Idirchéim: An spás idir dhá nóta.

Aon-nóta: C – C
Déach: C – D
Tréach: C – E
Ceathrach: C – F
Cúigeach: C – G
Séach: C – A
Seachtach: C – B
Ochtach: C – C’

Aonad 2 – Rithim

Am-chomhartha

- Socraíonn an t-amchomhartha rialtacht na rithime sa cheol. Ba chóir an t-amchomhartha a chur san áireamh in aon chur síos ar rithim an cheoil.

- I roinnt stíleanna ceoil is féidir amchomhartha a bheith in easnamh ar fad. Tugann sé seo saoirse don rithim, agus ní bhíonn buile rialta le cloisteáil. **Sampla:** fonn mall i stíl an tsean-nóis nó i gceol uirlise.

- I stíleanna áirithe is féidir leis an amchomhartha a bheith ag athrú go minic agus tugann sé seo mírialtacht don cheol. Más ea bíonn sé deacair do chos a bhuaileadh leis an gceol mar go n-athraíonn an buille. **Sampla**: Damhsa Marc-Chlaíomh (Sabre Dance) le Khachaturian.

Ceol Damhsa

- Bíonn rithim an-láidir ag ceol damhsa (ballet, traidisiúnta agus pop) le cuidiú leo sin atá ag damhsa coinneáil in am. Bíonn rithim an-láidir fosta, ag máirseáil agus ceol míleata. De ghnáth, bíonn an cineál seo ceoil lán le fuinneamh agus bíonn buillí rialta ann. Samplaí: Cornphíopa agus Minit le Handel; an válsa ó Symphonie Fantastique le Berlioz; ceol ó Star Wars.

Ostinato (ostinati)

- Uaireanta úsáidtear ostinato rithimeach i gceol damhsa. Is éard atá i gceist leis seo ná an pátrún rithime céanna a bheith in úsáid tríd an cheol ar fad. Cuidíonn an ostinato go mór le teannas agus aontacht a chruthú sa cheol. **Sampla:** Bolero le Ravel. Tá an píosa ceoil ar fad bunaithe ar an phátrún rithime a thosaíonn ag an tús, agus de réir a chéile fásann an dinimic agus an teannas go dtí go mbristear ar an phátrún ag deireadh an phíosa agus críochnaíonn sé go gairid ina dhiaidh sin.

Rithim phoncaithe

- Má bhíonn nótaí poncaithe in úsáid go rialta in aon phíosa ceoil bíonn fuaim mhí-chothrom nó mhíshocair ag baint leis. Má tá an píosa ceoil tapa chomh maith, cuireann an rithim phoncaithe leis an mbeocht sa phíosa. Sampla: Aon chornphíopa sa cheol traidisiúnta.

Ceol Cráifeach/Ceol Tréadach

- Má bhíonn na nótaí uile cothrom agus an luas mall, bíonn mothú suaimhneach, réidh leis an cheol. **Sampla**: Cantaireacht Ghréagórach.

- Ní bhíonn an tábhacht chéanna ag baint le rithim i gceol cráifeach mar gurb é aidhm an cheoil ná fonn guí a chur ar an éisteoir. Mar sin tá sé níos tábhachtaí go mbeadh an ceol suaimhneach agus go seasfadh an tséis amach. **Sampla**: Deus Meus.

- Tugtar ceol tréadach ar aon cheol nach ceol cráifeach é.

Ceol Damhsa

Ceanglaítear amchomharthaí éagsúla le damhsaí éagsúla.

- Máirseáil: 4/4 le buillí an-láidir.

- Ríl: 4/4 agus an-tapa ar fad. Téann na focail "fite fuaite" leis an rithim.

- Cornphíopa: 4/4 measartha tapa le rithim phoncaithe.

- Minit: 3/4 Measartha tapa, mothú uasal, maorga ag baint leis.

- Válsa: 3/4 Tapa, luascach.

- Port: 6/8 tapa, rithimiúil. Téann na focail: "rithim na farraige" leis an rithim.

- 9/8 Port luascach. Téann na focail "Rithim na farraige goirme" leis an rithim.

- Má úsáideann píosa ceoil an luas agus an t-amchomhartha céanna le haon chineál ceoil thuas, is féidir a rá go bhfuil sé scríofa i stíl máirseála nó stíl phoirt agus mar sin de.

- Is féidir chomh maith, a rá go bhfuil píosa ceoil seinnte nó cumtha i stíl thréadach nó i stíl damhsa. Bíonn ceol tréadach níos moille ná ceol damhsa agus bíonn an tséis chun tosaigh níos mó. Seasann an rithim amach sa cheol damhsa, bíonn sé níos tapúla agus bíonn níos mó béime ar an rithim ná ar an tséis.

Sioncóipiú

- Baineann ceol áirithe úsáid as rithimí ina mbaintear an bhéim de na príomhbhuillí chun an bhéim a chur áit éigin eile sa bharra. Mar sin in áit pátrún rialta a bheith ann tá an pátrún doiléir agus cuirtear beocht agus brí speisialta sa cheol. Is féidir an bhéim a bhogadh ón bpríomhbhuille ar thrí bhealach:

  (i) is féidir sos a chur ar an gcéad bhuille den bharra.
  (ii) is féidir an chéad nóta den bharra a cheangal leis an nóta deireanach sa bharra roimhe agus
  (iii) Is féidir nóta gairid a chur ar an bpríomhbhuille agus nóta fada díreach ina dhiaidh. Tá sioncóipiú le fáil go rialta i gceol pop. **Sampla**: Streets of London.

Le Foghlaim:

Máirseáil: 4/4 le buillí an-láidir.

Ríl: 4/4 agus an-tapa ar fad.

Cornphíopa: 4/4 measartha tapa le rithim phoncaithe.

Minit: 3/4 Measartha tapa, mothú uasal, maorga ag baint leis.

Válsa: 3/4 Tapa, luascach.

Port: 6/8 tapa, rithimiúil.

Sioncóipiú: rithim ina mbaintear an bhéim de na príomhbhuillí chun an bhéim a chur áit éigin eile sa bharra

Ostinato: Pátrún sa rithim, séis nó cordaí a athsheinntear tríd an bpíosa ceoil ar fad.

Aonad 3 – Armóin

Tonúlacht

- Is féidir le ceol a bheith i ngléas mór nó i ngléas mion nó is féidir leis a bheith módúil. Go minic fuaimníonn ceol i ngléas mór sona, sásta, agus go minic fuaimníonn ceol atá i ngléas mion brónach. Ar ndóigh, bíonn eisceachtaí ann! Sampla de cheol i **ngléas mór**: Ceol ón scannán Indiana Jones. Sampla de cheol i **ngléas mion**: Téama ón cheol scannáin Schindler's List.

- Bíonn ceol módúil má chríochnaíonn sé ar nóta den scála taobh amuigh de *dó* nó *só*. Go hiondúil is iad ceol traidisiúnta agus sean-cheol eaglasta an dá chineál ceoil is minice a bhíonn módúil. Sampla de cheol atá módúil: *She Moved Through the Fair (mód soh).*

- Is féidir le ceol a bheith neamhthonúil chomh maith. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil gléas ná lárnóta tonúlachta faoi leith aige. Tá sé deacair an cineál ceoil seo a chanadh siar. Sampla: Cuid mhaith de cheol Berg agus Schoenberg.

Simplíocht:

- Is féidir leis an armóin a bheith simplí nó casta. Má tá sé simplí ní rachaidh sé amach as gléas an phíosa féin, nó b'fhéidir go rachaidh sé go gléas an-chóngarach do ghléas an phíosa.

- Má tá an armóin casta beidh sé deacair an ceol a leanúint ó ghléas go gléas.

Cordaí

- Is féidir leis an gcumadóir comhchordaí a úsáid sa cheol. Is cordaí iad seo a bhfuil fuaim dheas ag baint leo. Úsáideann Handel comhchordaí sa Chornphíopa agus Minit.

- Is féidir leis an gcumadóir díchordaí a úsáid ina chuid ceoil. Is cordaí iad seo nach bhfuil deas le héisteacht leo. Bíonn siad foréigneach go minic, nó uaireanta mothaíonn an t-éisteoir go bhfuil rud éigin "mícheart" sa cheol. Úsáideann Carl Orff díchordaí ag tús a phíosa ceoil *O Fortuna* as *Carmina Burana.*

- Is féidir leis na cordaí athrú go minic nó go mall. Ní gá go n-athrófaí go mall iad i gceol mall, agus go tapa i gceol atá gasta.

Le Foghlaim:

Tonúlacht: An gaol atá idir nótaí agus an lárnóta tonúlachta i bpíosa ceoil. Is féidir le ceol tonúil a bheith mór, mion nó modúil. Is féidir le ceol a bheith neamhthonúil chomh maith.

Gléas Mór: Go minic fuaimníonn ceol i ngléas mór sona, sásta. Is é *dó* an lárnóta tonúlachta.

Gléas Mion: Go minic fuaimníonn ceol atá i ngléas mion brónach. Is é *lá* an lárnóta tonúlachta.

Ceol Módúil: Bíonn ceol módúil má chríochnaíonn sé ar nóta den scála taobh amuigh de *dó* nó *lá*.

Díchordaí: Is cordaí iad seo nach bhfuil deas le héisteacht leo. Bíonn siad foréigneach go minic, nó uaireanta mothaíonn an t-éisteoir go bhfuil rud éigin "mícheart" sa cheol.



Aonad 4 – Uigeacht

Monafóine
Líne amháin cheoil. Bíonn uigeacht mhonafónach sa cheol nuair nach bhfuil ann ach líne amháin, gan aon tionlacan ná comhcheol. Má tá níos mó ná duine amháin ag canadh nó níos mó ná uirlis amháin ag seinm, bíonn gach duine ag canadh/seinm an ruda chéanna ag an am céanna.

Homafóine Séis le tionlacan. Bíonn uigeacht homafónach ag an gceol nuair atá séis amháin le cloisteáil agus tionlacan ag dul leis an tséis sin.

Cuntraphointe/Ilfhónacht



Bíonn uigeacht chuntraphointeach nó ilfhónach ag an gceol nuair atá níos mó ná líne amháin ann agus na línte sin ar chomhthábhacht. Is féidir leis na línte éagsúla aithris a dhéanamh ar a chéile ach ní gá. Ní bhíonn deireadh na bhfrásaí soiléir mar go dtrasnaíonn siad a chéile. Más canadh atá i gceist ní ghlacfaidh gach duine anáil ag an am céanna. Bíonn uigeacht chuntraphointeach ag rothlaim. **Sampla**: *Three Blind Mice.*

Troime na huigeachta

Is féidir le huigeacht an cheoil a bheith trom nó éadrom ag brath ar an líon uirlisí atá ag seinm nó na cineálacha uirlisí atá ag seinm. Bíonn uigeacht throm ann nuair a bhíonn na práis ag seinm leo féin, nó nuair atá an cheolfhoireann iomlán ag seinm. Go minic bíonn uigeacht i bhfad níos éadroime ag baint leis na gaothuirlisí leo féin.

Réimse an Cheoil:
Bíonn tionchar ag réimse an cheoil ar an uigeacht chomh maith. Má bhíonn nótaí arda sa cheol bíonn an uigeacht níos éadroime nó níos gile. Má bhíonn an chuid is mó de na nótaí an-íseal beidh uigeacht níos dorcha agus níos troime sa cheol.

Le Foghlaim

Monafóine: Bíonn uigeacht mhonafónach sa cheol nuair nach bhfuil ann ach líne amháin, gan aon tionlacan ná comhcheol

Homafóine Bíonn uigeacht homafónach sa cheol nuair atá séis amháin le cloisteáil agus tionlacan ag dul leis an tséis sin

Cuntraphointe/Ilfhónacht: Bíonn uigeacht chuntraphointeach nó ilfhónach sa cheol nuair atá níos mó ná líne amháin ann agus na línte sin ar chomhthábhacht

Uigeacht: Saibhreas fuaime.

Aonad 5 – Mothúcháin

Mothúcháin

Is gá éisteacht leis an gceol agus anailís a dhéanamh ar na mothúcháin a mhúsclaíonn an ceol ionat. Má tá an ceol ard, callánach, láidir, foréigneach b'fhéidir go spreagann sé fearg nó dóchas nó cumhacht ionat. Má bhíonn an ceol suaimhneach, ciúin b'fhéidir go bhfuil sé cosúil le suantraí agus go gcuireann sé suaimhneas ort. B'fhéidir go gcuireann sé brón ort má bhíonn sé i ngléas mion, nó áthas má tá sé i ngléas mór.

Dinimicí

An bhfuil an ceol ard nó ciúin? An athraíonn sé i rith an phíosa? Conas? An bhfuil *crescendo* nó *diminuendo* sa cheol? Conas a chuireann sé seo le mothú an cheoil? An éiríonn an ceol níos láidre, níos feargaí nuair atá *crescendo* ann? An éiríonn sé níos suaimhní nuair a bhíonn *diminuendo* ann?

Luas An bhfuil an ceol tapa nó mall nó measartha? An éiríonn sé níos tapúla, níos moille nó an bhfanann sé mar an gcéanna tríd an bpíosa ar fad? Conas a chuireann an luas leis an mothú ann? Má tá sé tapa an bhfuil sé áthasach chomh maith? Má tá sé mall an bhfuil sé suaimhneach, nó brónach nó éadóchasach?

Le Foghlaim:

Accelerando: Éirigh níos tapúla

Adagio: Go mall

Al fine: go dtí an deireadh

Allegretto: Éadrom agus bríomhar

Allegro: Tapaidh

Andante: Ag luas siúil

Animato: Go bríomhar

Arco: Seinneann téaduirlisí leis an mbogha (úsáidte tar éis pizzicato)

A tempo: ar ais go dtí an chéad luas (úsáidte tar éis ritardando nó accelerando)

Cantabile: I stíl chanta

Crescendo: Éirigh níos láidre **Decrescendo: éirigh níos ciúine**

Con brio: Le spiorad, go bríomhar

Da capo: Téigh ar ais go dtí an tús

Diminuendo: Éirigh níos ciúine

Dolce: Go binn

Forte (f): Láidir. Fortissimo (ff): An-láidir Mezzo forte (mf): measartha láidir

Largo/Lento: go mall

Meno mosso: níos lú gluaiseachta (níos moille)

Moderato: Ag luas measartha

Molto: an- (molto allegro = an-tapaidh)

Piano (p): ciúin Pianissimo (pp): an-chiúin Mezzo piano (mp): measartha ciúin

Piu: níos mó (piu mosso – níos mó gluaiseachta = níos tapúla)

Pizzicato: Seinneann téaduirlisí gan an bogha, stoitear na sreanga.

Poco: beagán

Presto: An-tapaidh

Ritardando/Ritenuto: Éirigh níos moille

Senza: Gan

Tutti: Gach duine le chéile

Vivace: Bríomhar

Aonad 6: Stíl

Ceol Clasaiceach

Bíonn ceol clasaiceach casta agus cumtha ag cumadóirí a chaith blianta ag foghlaim ó mhúinteoir ard-oilte. Bíonn an-cháil ar chumadóirí maithe mar shampla Mozart, Beethoven. Scríobhtar síos an ceol agus bíonn scil agus taithí ag teastáil ó sheinnteoirí leis an gceol seo a sheinm. Go minic bíonn an ceol scríofa don cheolfhoireann.

Ceol Eitneach

Bíonn blas thír faoi leith ar cheol eitneach. Aithnímid ceol traidisiúnta na hÉireann mar gheall ar na huirlisí, na rithimí, an ornáidiú. Aithnímid ceol na Síne mar gheall ar na huirlisí agus na hidirchéimeanna (úsáideann siad idirchéimeanna níos lú ná leath-thon). Aithnímid ceol na hAfraice ón gcantaireacht, ó na rithimí láidre agus ón gcomhcheol.

Snagcheol

Bíonn rithimí láidre ag snagcheol, agus seinntear é le huirlisí faoi leith – an chláirnéid, an trumpa, na drumaí, pianó go minic. Sa chanadh is minic a bhíonn focail gan chiall ann "bipití baipití bú". Bíonn tobchumadh le fáil go forleathan ann – ciallaíonn sé seo nach mbíonn an ceol réamhullmhaithe ag na seinnteoirí ach cumann siad é de réir mar a théann siad ar aghaidh (ag leanúint nósanna áirithe).

Popcheol

Bíonn drumaí, dordghiotár agus giotáir in úsáid go forleathan i bpopcheol agus bíonn canadh i gceist chomh maith. Ní bhíonn deacracht againn popcheol a aithint mar go mbíonn an-taithí againn air. Bíonn rithim láidir ann a bhuíochas leis na drumaí. Téama an ghrá an téama is coitianta sna popamhráin.

Rac cheol

Tá popcheol agus rac cheol an-chosúil lena chéile ach bíonn fuaim níos láidre ag baint le rac. Cuirtear béim níos láidre ar na drumaí agus is minic go mbíonn fuaim ghéar ag baint leis na giotáir. Bíonn canadh garbh i gceist uaireanta chomh maith cé nach gá go mbeadh. Bíonn téamaí ó ghnáthshaol an duine óig sa cheol rac.

Reggae

D'fhás reggae ó cheol traidisiúnta na hIamáice (Jamaica). Tá an ceol an-rithimiúil, sioncóipithe, le béim ar bhuillí 2 agus 4 sna drumaí agus béim ar bhuille 3 ar an ngiotár. Úsáidtear an t-amchomhartha 4/4 an chuid is mó den am. Bíonn an comhcheol an-simplí.

Aonad 7: Cleachtadh

2.7.1

Éist leis an gcéad nóiméad de na píosaí ceoil seo a leanas agus freagair na ceisteanna thíos bunaithe ar an gceol. Is féidir leat teacht ar an gceol ar an idirlíon. Is féidir leat éisteacht le gach ceann trí huaire.



Handel: Arrival of the Queen of Sheba

1. Cuir tic leis na huirlisí as an liosta thíos a chloiseann tú sa phíosa ceoil seo:

- Veidhlín
- vióla
- dordveidhil
- Feadóg mhór
- Óbó

2. Cén t-amchomhartha atá ann – 6/8 nó 4/4?
3. Cad é an luas is oiriúnaí don cheol?

- Andante
- Moderato
- Allegro

4. Cad é an fheidhm atá ag na dordveidhilí atá sa chúlra?

- Tionlacan
- fonn dá gcuid féin

5. Ainmnigh an dá ghaothuirlis is mó atá chun tosaigh.

i. _____ ii. _____

6. An bhfuil an píosa áthasach nó brónach? _____

7. An bhfuil sé bríomhar nó mall? _____

8. Cad a dhéanann mar sin é? _____

9. An maith leat an píosa ceoil seo? Cén fáth?

_____

_____

10. Luaigh dhá dhifríocht idir an píosa ceoil seo agus píosa ceoil thraidisiúnta atá ar eolas agat.

Ainm an píosa ceoil thraidisiúnta: _____

1. _____

2. _____

2.7.2

Prokofiev: Troika

1. Ainmnigh dhá chlann uirlisí a sheinneann ag an tús:

i. _____

ii. _____

2. Ainmnigh dhá chnaguirlis a sheinneann:

i. _____ ii. _____

3. Cén fáth a mbíonn an ceol seo á sheinm um Nollaig, i do bharúil?

_____

4. Cén t-amchomhartha atá ann? _____

5. An bhfuil an cheolfhoireann ar fad ag seinm? _____

6. An maith leat an píosa ceoil seo? Cén fáth? _____

_____

2.7.3

Rachmaninov: Rapsóid ar Théama le Paginini

1. Cad é an chéad rud a chloiseann tú sa phíosa?

   _____

2. An bhfuil sé ard nó íseal?

   _____

3. An bhfuil sé?

• Ciúin, suaimhneach • ard, bríomhar

4. Ainmnigh an phríomhuirlis:

_____

5. I ndiaidh tamaill, tagann uirlis eile isteach leis an phríomhuirlis. Céard é?

_____

8. An bhfuil an ceol rómánsach nó foréigneach?

   _____

9. An bhfuil cnaguirlisí le cloisteáil? Ainmnigh aon cheann a chloiseann tú.

_____

10. An bhfuil na práis le cloisteáil?

    _____

11. Cén chlann uirlisí is mó a chuireann leis an rómánsachas?

    _____

12. Cén píosa is fearr leat – Troika nó an Rapsóid? Cén fáth?

_____

_____

_____

2.7.4

Prokofiev: Montagues agus Capulets

1. An bhfuil tús áthasach nó brónach leis an phíosa? Mínigh do fhreagra.

_____

_____

2. Cén t-amchomhartha atá ann?

_____

3. Ainmnigh an dá chlann uirlisí is mó atá chun tosaigh.

i. _____ ii. _____

4. Ainmnigh trí uirlis as gach clann acu sin:

Clann 1:	Clann 2:
i. _____	i. _____
ii. _____	ii. _____
iii. _____	iii. _____

5. Cén luas is oiriúnaí don phíosa ceoil seo?

☐ Andante ☐ Presto ☐ Moderato

6. An maith leat an píosa seo? Cuir fáth le do fhreagra.

_____

_____

_____

2.7.5

Johann Strauss I: Radetzky March

1. Cén t-amchomhartha atá ann? _____
2. Cén cineál grúpa atá ag seinm?

• Ceathairéad téadach •Ceolfhoireann •Banna práis

3. Tá cnaguirlis amháin a bhuaileann amach an rithim i rith an phíosa. Céard é?

_____

4. An bhfuil an píosa seo brónach nó áthasach?

   _____

5. An bhfuil an ceol bríomhar?

   _____

6. Cad a tharlódh, i do bharúil, dá seinnfí an ceol seo go mall?

_____

2.7.6

Chopin: Polonaise in Ab Op 53

1. Ainmnigh an uirlis atá ag seinm:

   _____

2. Ainmnigh an t-amchomhartha:

•2/4 •3/4 •6/8

3. Tugtar an leasainm "laochúil/*heroic*" ar an bpíosa seo. Cén fáth, an dóigh leat?

_____

4. An mbeadh sé deacair an píosa seo a sheinm? Cén fáth? _____

_____

5. Fíor nó bréagach:

i. Tá a lán nótaí sa phíosa seo. _____

ii. Tá an buille mall sa phíosa. _____

iii. Tá níos mó ná uirlis amháin ag seinm sa phíosa seo. _____

2.7.7

Chopin: Réamhdhréacht Uimh 15 in Db Op 28

1. Ainmnigh an uirlis atá ag seinm:

   _____

2. Ainmnigh an t-amchomhartha:

   • 2/4 • 3/4 • 6/8

3. An maith leat an píosa seo? Cén fáth?

_____

_____

4. Tá an píosa seo cosúil le suantraí in áiteanna. Cén fáth?

_____

_____

5. Tugtar an leasainm "braon báistí" ar an bpíosa seo. Cén fáth, an dóigh leat?

_____

6. Fíor nó bréagach:

i. Tá a lán nótaí sa phíosa seo. _____

ii. Tá an píosa an-tapa. _____

iii. Tá an píosa seo foréigneach. _____

iv. Tá an píosa seo brónach. _____

2.7.8

Copland: Fanfare for the Common Man

1. Cén chlann uirlisí a chloiseann tú ar dtús?

•Téaduirlisí •Gaothuirlisí •Na Práis

•Cnaguirlisí

2. Cén chlann a thagann isteach ansin?

•Téaduirlisí •Gaothuirlisí •Na Práis •Cnaguirlisí

3. Luaigh na huirlisí atá sa chlann sin:

i. _____ ii. _____

iii. _____ iv. _____

4. Sainaithin luas an cheoil:

•mall •tapa •moderato •presto

5. Luaigh an dá chlann uirlisí **nach** seinneann sa phíosa seo ar chor ar bith:

i. _____ ii _____

6. Ainmnigh an t-amchomhartha:

•2/4 •3/4 •6/8

2.7.9

<u>Khachaturian: Damhsa Marc-Chlaíomh (*Sabre Dance*)</u>

1. An bhfuil an buille sa phíosa seo:

- rialta
- neamhrialta

2. Ainmnigh an dá chlann uirlisí a sheinneann ag an tús:

i. _____

ii. _____

3. Nuair a athraíonn an ceol sa lár cén dá chlann a sheinneann ansin?

i. _____ ii _____

4. An bhfuil an ceol seo cosúil le suantraí? Tabhair fáth le do fhreagra.

_____

_____

5. Seinneann uirlis amháin as na uirlisí práis *glissando* sa chéad agus sa tríú cuid.

Cén uirlis atá ann? _____

6. Tarraing pictiúr den uirlis sin anseo. Abair conas a sheinntear í.

Cleachtadh 2.7.10



1. Seinnfidh do mhúinteoir píosa ceoil duit anois trí huaire. Éist leis an gceol agus déan cur síos ar an gceol faoi na cinnteidil thíos, ag baint úsáide as gach a d'fhoghlaim tú sa chaibidil seo.

Séis:

_____

_____

Rithim:

_____

_____

Armóin:

_____

_____

Uigeacht:

_____

_____

Mothúcháin:

_____

_____

Stíl:

_____

_____



2. Éist leis an gceol agus déan cur síos ar an gceol faoi na cinnteidil thíos, ag baint úsáide as gach a d'fhoghlaim tú sa chaibidil seo.

Séis:

_____

_____

Rithim:

_____

_____

Armóin:

_____

_____

Uigeacht:

_____

_____

Mothúcháin:

_____

_____

Stíl:

_____

_____



3. Éist leis an gceol agus déan cur síos ar an gceol faoi na cinnteidil thíos, ag baint úsáide as gach a d'fhoghlaim tú sa chaibidil seo.

Séis:

_____

_____

Rithim:

_____

_____

Armóin:

_____

_____

Uigeacht:

_____

_____

Mothúcháin:

_____

_____

Stíl:

_____

_____



4. Éist leis an gceol agus déan cur síos ar an gceol faoi na cinnteidil thíos, ag baint úsáide as gach a d'fhoghlaim tú sa chaibidil seo.

Séis:

Rithim:

Armóin:

Uigeacht:

Mothúcháin:

Stíl:



5. Éist leis an gceol agus déan cur síos ar an gceol faoi na cinnteidil thíos, ag baint úsáide as gach a d'fhoghlaim tú sa chaibidil seo.

Séis:

Rithim:

Armóin:

_____

_____

Uigeacht:

_____

_____

Mothúcháin:

_____

_____

Stíl:

_____

_____

6. Éist leis an gceol agus déan cur síos ar an gceol faoi na cinnteidil thíos, ag baint úsáide as gach a d'fhoghlaim tú sa chaibidil seo.

Séis:

_____

_____

Rithim:

_____

_____

Armóin:

_____

_____

Uigeacht:

_____

_____

Mothúcháin:

_____

_____

Stíl:

Scríobh amach frásaí rithime anseo thíos. 4-bharra i ngach ceann. Roghnaigh aon amchomhartha gur maith leat.



Caibidil 4: An Cheolfhoireann

	Clár Ábhair	Leathanach
Réamhrá:	An Cheolfhoireann	62
Aonad 1:	Na Téaduirlisí	63
Aonad 2:	Gaothuirlisí Adhmaid	65
Aonad 3:	(Gaoth)uirlisí Práis	67
Aonad 4:	Cnaguirlisí	69
Aonad 5:	An Stiúrthóir	72
Aonad 6:	Cleachtadh	73

An Cheolfhoireann

Tá ceithre chlann uirlisí sa cheolfhoireann:

1. Téaduirlisí
2. Gaothuirlisí Adhmaid
3. (Gaoth)uirlisí Práis
4. Cnaguirlisí

Sa ghrúpa **Téaduirlisí** bíonn téada ar na huislisí ar fad.

Sa ghrúpa **Gaothuirlisí Adhmaid** séidtear isteach sna huirlisí le fuaim a dhéanamh agus tá cuid de na huirlisí seo déanta as adhmad. Go stairiúil, is as adhmad a bhí na huirlisí uile déanta ach sa lá atá inniu ann bíonn an fheadóg mhór deanta as miotal.

Sa ghrúpa **(Gaoth)uirlisí Práis** séidtear isteach sna huirlisí chun an fhuaim a dhéanamh agus tá siad uile déanta as prás. Is píobán fada gach uirlis atá fillte suas i gcruth difriúil. I dtrí cinn de na huirlisí brúitear cnaipí chun na nótaí éagsúla a fháil. Tá an trombón pas beag difriúil sa mhéid nach bhfuil aon chnaipí air – sleamhnaítear barra suas agus síos chun na nótaí éagsúla a dhéanamh.

Tugtar **Cnaguirlisí** ar na huirlisí sa cheolfhoireann a bhuailtear chun fuaim a fháil. Is féidir iad a roinnt in dhá ghrúpa – uirlisí a bhfuil airde chinnte acu (agus ar féidir an nóta a sheinneann siad a chanadh) agus uirlisí gan airde (uirlisí nach féidir a nótaí a chanadh).

Suíomhanna Idirlín

Bain triail as na suíomhanna idirlín seo a leanas le foghlaim faoi na huirlisí atá sa cheolfhoireann. Beidh seans agat iad a chloisteáil chomh maith. Tá na suíomhanna i mBéarla amháin.

www.sfskids.org

www.dsokids.com

Aonad 1 – Téaduirlisí

Sa ghrúpa **Téaduirlisí** bíonn téada ar na huislisí ar fad.

An Veidhlín

An veidhlín an téaduirlis is lú agus is airde sa ghrúpa seo. Tá corp an veidhlín déanta as adhmad agus tá ceithre shreang air. Cuirtear an veidhlín faon smig agus bíonn greim ag do lámh chlé air. Seinntear na sreanga seo le bogha. Tá an bogha déanta as adhmad ar thaobh amháin agus as gruaig chapaill ar an taobh eile. Seinntear an ghruaig ar na sreanga le fuaim a dhéanamh. Is féidir fuaim a dhéanamh gan an bogha chomh maith, tríd na sreanga a stoitheadh le méara na láimhe deise. Tugtar *pizzicato* air seo. **G,D,A** agus **E** ainmneacha na sreang ar an veidhlín. Tá go leor veidhlíní sa cheolfhoireann agus roinntear i ngrúpaí iad mar seo – na chéad veidhlíní & dara veidhlíní.

An Vióla

Is í an vióla an dara huirlis is lú i measc na dtéaduirlisí. Tá sí píosa beag níos mó agus níos ísle ná an veidhlín. Seinntear í sa dóigh chéanna leis an veidhlín, faoin smig, i do lámh chlé agus an bogha i do lámh dheis. Is iad **C, G, D** agus **A** na ceithre théad atá uirthi. Suíonn na daoine a sheineann an vióla díreach os comhair an stiúrthóra sa cheolfoireann.

An Dordveidhil

Tá an dordveidhil i bhfad níos mó ná an veidhlín agus an vióla – i bhfad rómhór le cur faoin smig! Bíonn sí ina seasamh ar an urlár, agus suíonn an seinnteoir síos chun í a sheinm. Tá corp na huirlise an-chosúil le corp an veidhlín agus le corp na vióla. Déanann méara na láime clé na nótaí ar an dordveidhil, ach an lámh a bheith thuas in aice le gualainn an tseinnteora. Bíonn greim ag an lámh dheas ar an mbogha agus seinntear é sin trasna na sreang. Tá ceithre shreang ar an dordveidhil chomh maith – **C,G, D** agus **A** – iad octach níos ísle ná téada na vióla.

An tOlldord

Seo an téaduirlis is mó de na téaduirlisí agus tá sé chomh mór sin go gcaithfidh an seinnteoir seasamh (nó suí ar stól ard) chun é a sheinm. Go minic seinntear an t-olldord gan an bogha, ag déanamh *pizzicato* leis an lámh dheas. Tá ceithre shreang air – **E, A, D** agus **G**. Cloistear an t-olldord go minic i snagcheol.

An Chláirseach (An Chruit)

Cé go bhfuil sreanga ar an uirlis seo ní bhíonn sí i gcónaí sa cheolfhoireann. Uaireanta seinneann an chláirseach má scríobhann an cumadóir ceol di, ach go minic ní bhíonn sí ag seinm. Tá an chláirseach i bhfad níos mó ná an chruit Ghaelach agus tá i bhfad níos mó sreang uirthi. Níl bogha ag teastáil leis an gcláirseach a sheinm. Úsáidtear an dá fhocal cláirseach agus cruit don uirlis seo.

Le foghlaim

Téaduirlisí na Ceolfhoirne:
An Veidhlín, An Vióla, An Dordvheidhil, An tOlldord & An Chláirseach.

Aonad 2 – Gaothuirlisí Adhmaid

Sa ghrúpa **Gaothuirlisí Adhmaid** séidtear isteach sna huirlisí le fuaim a dhéanamh agus tá cuid de na huirlisí seo déanta as adhmad. Go stairiúil, is as adhmad a bhí na huirlisí uile déanta ach sa lá atá inniu ann bíonn an fheadóg mhór deanta as miotal.

An Fheadóg Mhór

Bíonn an uirlis seo déanta as miotal – is píopa fada tanaí í, le poill chun na nótaí a dhéanamh. Bíonn na poill clúdaithe le cnaipí chun go mbeadh sé níos éasca don seinnteoir na poill uile a chlúdach. Séidtear trasna na hoscailte béil agus bíonn an fheadóg ar an taobh deas den cheann. Bíonn fuaim bhog shaibhir ó na nótaí is ísle agus fuaim láidir bhinn ó na nótaí is airde. C lár an nóta is ísle ar féidir leis an bhfeadóg mhór é a sheinm agus téann an uirlis an-ard.

An tÓbó

Tá cosúlachtaí láidre idir an t-óbó agus an fhliúit Shasanach (recorder), cé go bhfuil an t-óbó i bhfad níos faide agus go bhfuil níos mó poll air. Ag an mbarr, sa phíosa a théann isteach i mbéal an tseinnteora, bíonn feag dhúbailte. Tá feag cosúil le píosa féir, ach níos tibhe, níos láidre agus níos mó. Nuair a shéideann an seinnteoir isteach ann bogann an dá fheag in aghaidh a chéile agus déantar an fhuaim. Bíonn sé deacair an t-óbó a sheinm nuair a thosaíonn tú ag foghlaim, ach is fiú an tairbhe an trioblóid ar deireadh thiar mar go mbíonn fuaim álainn shrónach aige.

An Chláirnéid

Tá an chláirnéid an-chosúil leis an óbó – tá an dá cheann dubh agus chomh fada lena chéile. Níl ach feag shingil ag an gcláirnéid agus buaileann sí in aghaidh na hoscailte béil chun an fhuaim a dhéanamh. Osclaíonn an chláirnéid amach níos mó ag an mbun ná an t-óbó. Tá fuaim níos saibhre ag an gcláirnéid ná mar atá ag an óbó.

An Basún

Seo an ghaothuirlis adhmaid is mó sa cheolfhoireann agus déanann sé na fuaimeanna is ísle. Tá sé déanta as píopa mór fada atá casta siar air féin agus as sin a thagann an píosa béil ina séideann an seinnteoir. Tá feag dhúbailte ag an mbasún chomh maith, cosúil leis an óbó. Tá fuaim ghreannmhar ag an mbasún mar go bhfuil sé chomh híseal.

Uirlisí Eile

Tá uirlisí eile – dearthá ireacha nó deirfiúracha móra nó beaga mar a déarfá – gaolta leis na huirlisí seo. Seinntear iad ar an mbealach céanna leis na príomhuirlisí adhmaid ach tugann siad raon-airde níos leithne d'fhuaim na huirlise sin.

An **fhliúiteog** (piccolo) an uirlis atá gaolta leis an bhfeadóg mhór agus tá sé níos lú agus níos airde.

An **corn Sasanach** (cor anglais) an uirlis atá gaolta leis an óbó agus tá sé níos mó agus níos ísle ná an t-óbó. Tá fuaim ghéar aige chomh maith ach tá sé níos saibhre ná an t-óbó.

An **dordchlairnéid** an uirlis atá gaolta leis an gcláirnéid agus tá sé níos mó agus níos ísle – tá cruth pas beag difriúil air chomh maith mar go bhfuil sé lúbtha ag an mbun, cosúil le sacsafón

An **basún dúbailte** an uirlis atá gaolta leis an mbasún agus tá sé níos mó agus níos ísle ná an basún.

Le Foghlaim
Gaothuirlisí Adhmaid na Ceolfhoirne
An Fheadóg Mhór, An tÓbó, An Chláirnéid, An Basún;
An Fhliúiteog, An Corn Sasanach, An Dordchláirnéid, An Basún Dúbailte.

Aonad 3 – Na (Gaoth)uirlisí Práis

Sa ghrúpa **(Gaoth)uirlisí Práis** séidtear isteach sna huirlisí chun an fhuaim a dhéanamh agus tá siad uile déanta as prás. Is píobán fada gach uirlis atá fillte suas i gcruth difriúil. I dtrí cinn de na huirlisí brúitear cnaipe chun na nótaí éagsúla a fháil. Tá an trombón pas beag difriúil sa mhéid nach bhfuil aon chnaipí air – sleamhnaítear barra suas agus síos chun na nótaí éagsúla a dhéanamh.

An Trumpa

Is é an trumpa an uirlis phráis is lú sa cheolfhoireann agus is féidir leis na nótaí is airde a sheinm. Tá fuaim an-gheal aige agus is minic a úsáidtear é i gceol míleata agus i scol/gleadhradh (fanfare). Is féidir é a chloisteáil go soiléir i réamhcheol William Tell. Níl ach trí chnaipe ar an trumpa agus athraíonn an seinnteoir na nótaí leis na mbéal agus leis na cnaipí. Comhlaí an t-ainm ceart ar na cnaipí ar uirlis phráis.

An Corn Francach

De ghnáth tugtar an corn ar an uirlis seo, píobán fada a bhfuil cruth ciorclach air. Tá fuaim an-bhog aige go minic, agus mar sin seinneann sé leis na gaothuirlisí cuid den am, ach nuair a shéidtear go láidir isteach ann, fuaimníonn sé níos láidre agus níos práisiúla. Tá trí chomhla ar an gcorn chomh maith agus is leis na comhlaí seo agus le béal an tseinnteora a athraítear na nótaí. Is féidir é a chloisteáil ag seinm go gasta i gcoinséartó don chorn le Mozart.

An Trombón

Tá an trombón éagsúil leis na huirlisí práis eile mar gheall ar an sleamhnán atá aige – níl aon chomhlaí ná cnaipí air. Sleamhnaíonn an seinnteoir an sleamhnán suas agus síos lena lámh dheas chun na nótaí a dhéanamh. Tá fuaim an-láidir agus an-phráisiúil aige. Tá an uirlis mór agus is féidir leis nótaí ísle a sheinm. Éiríonn an fhuaim níos tanaí de réir mar a éiríonn na nótaí níos airde.

An Tiúba

Seo í an uirlis is mó de na huirlisí práis. Tá píobán níos faide aige agus nótaí níos ísle ná aon uirlis phráis eile. Mar go bhfuil sé chomh híseal sin ní minic a bhíonn píosa aonair le seinm aige. Fuaimníonn sé cosúil le hainmhí mór ramhar trom!

Banna Práis

Go minic feictear go leor uirlisí práis le chéile i mbanna práis. Seinneann na bannaí seo ag paráidí nó ag cluichí móra. Sampla de bhanna ina seinntear meascán de na huirlisí práis agus gaothuirlisí adhmaid ná an Artane Boys Band a sheinneann go minic roimh chluichí i bPáirc an Chrócaigh.

An Sacsafón

Uirlis eile atá déanta as prás ná an sacsafón agus tá sé gaolta leis an gcláirnéid. De ghnáth, ní fhaightear an uirlis seo sa cheolfhoireann, ach tá sé an-choitianta i snagcheol.

Le foghlaim
(Gaoth)uirlisí práis na Ceolfhoirne
An Trumpa, An Corn Francach, An Trombón, An Tiúba.

Aonad 4 – Na Cnaguirlisí

Tugtar cnaguirlisí ar na huirlisí sa cheolfhoireann a bhuailtear chun fuaim a fháil. Is féidir iad a roinnt in dhá ghrúpa – uirlisí a bhfuil airde chinnte acu (agus ar féidir an nóta a sheinneann siad a chanadh) agus uirlisí gan airde chinnte (uirlisí nach féidir a nótaí a chanadh).

Uirlisí le hAirde Chinnte

Tiompáin

Is drumaí móra iad seo agus is féidir iad a thiúnadh go nótaí éagsúla. Cuireann siad go mór le teannas sa cheol. Tá fuaim an-íseal acu agus seinntear iad le bataí le barr bog orthu.

An Xileafón

Seo uirlis a bhfuil nótaí leagtha amach uirthi cosúil le pianó, ach tá an xileafón i bhfad níos lú ná an pianó. Tá na nótaí seo déanta as adhmad agus buailtear iad le bata. Tá fuaim gheal thirim aige.

An Glockenspiel

Tá an uirlis seo an-chosúil leis an xileafón ach amháin go bhfuil na barraí air déanta as miotal. Fuaimníonn sé cosúil le cloigíní nuair a bhuailtear na nótaí.

An Celesta

Tá an uirlis seo cosúil le pianó beag ach fuaimníonn na nótaí cosúil le clogra nó cloigíní. Cloistear é sa cheol Dance of the Sugar Plum Fairy le Tchaikovsky.

Na Cloig Mhóra

Seo uirlis air a bhfuil barraí fada miotail crochta ó fhráma mór. Buailtear na barraí seo le casúr speisialta adhmaid agus fuaimníonn sé cosúil le clog séipéil.

Uirlisí gan Airde Chinnte

An Dord-druma

Seo druma an-mhór a dhéanann fuaim an-íseal. Is féidir é a úsáid le haithris a dhéanamh ar thoirneach. Feictear é i mbannaí ceoil chomh maith agus i mbannaí máirseála.

An Taobh-dhruma

Is druma beag é seo a sheinntear le haithris a dhéanamh ar shaighdiúirí. Tá sreangán miotail air faoina bhun agus is féidir an sreangán seo a bhogadh le bun an druma a bhualadh nó le bheith scartha ón druma. Fágann sé seo gur féidir an druma a sheinm le fuaim cosúil le gliogarnach a fháil leis an sreangán buailte leis an druma, nó le fuaim níos tirime a fháil gan an sreangán.

An Triantán

Triantán beag déanta as miotal a bhuailtear le barra beag miotail atá i gceist leis an uirlis seo. Bíonn fuaim ard éadrom mhiotalach aige.

Na Ciombail

Seo dhá chiorcal déanta as miotal, a bhuailtear le chéile agus a dhéanann plimp mhór, nó is féidir iad a bhualadh le bataí nuair a dhéanann siad fuaim níos tirime.

An Tambóirín

Seo druma beag le ciorcail mhiotail ag na taobhanna – is féidir é a bhualadh le do lámha nó é a chroitheadh le gligín a fháil uaidh.

Le foghlaim

Cnaguirlisí na Ceolfhoirne

Uirlisí le hAirde Chinnte
Tiompáin, Xileafón, Glockenspiel, Celesta, Cloig Mhóra

Uirlisí gan Airde Chinnte
Dord-druma, Taobhdhruma, Triantán, Ciombail, Tambóirín,

Aonad 5 – An Stiúrthóir



An Stiúrthóir

Is é an stiúrthóir an duine atá i gceannas ar an gceolfhoireann a stiúradh. Seasann sé/sí ar sheastán beag os comhair na ceolfhoirne, bíonn bata ina láimh aige agus léiríonn sé buille an cheoil leis an mbata seo. Léiríonn sé chomh maith cén uair is gá do na seinnteoirí seinm níos láidre nó níos ciúine, níos tapúla nó níos moille nó cén uair gur gá do ghrúpa faoi leith stopadh nó tosú ag seinm arís. Is post an-tábhachtach é post an stiúrthóra – ní bheadh an ceol aon phioc chomh deas ná chomh héifeachtach gan é!

Stiúrthóirí cáiliúla: Lorin Maazel agus Herbert von Karajan, David Brophy, Fergus Shiel.

Aonad 6: Cleachtadh

4.1 Freagair na ceisteanna thíos:

1. Ainmnigh téaduirlisí na ceolfhoirne.
2. Ainmnigh an téaduirlis is airde.
3. Ainmnigh an téaduirlis is mó.
4. Cá mhéad téad atá ag gach téaduirlis?
5. Ainmnigh sreanga an veidhlín.
6. Cad as a bhfuil an bogha déanta?
7. Cad a chiallaíonn *pizzicato*?
8. Cad atá i gcoiteann ag an veidhlín agus an vióla?
9. Conas a sheinntear an dordveidhil?
10. Cad é an uirlis phráis is mó agus is ísle?
11. Cad í an ghaothuirlis a bhfuil feag shingil uirthi?
12. Ainmnigh dhá ghaothuirlis a bhfuil feag dhúbailte orthu.
13. Ainmnigh an uirlis phráis a bhfuil sleamhnán air.
14. Cé mhéad cnaipe atá ar an trumpa, tiúba agus corn Francach?
15. Ainmnigh an uirlis a séideann tú trasna air, agus a bhíonn ar an taobh dheas de do chorp agus tú á seinm.
16. Cén téaduirlis a gcaithfidh tú suí síos le seinm?
17. Cén dath atá ar an óbó?
18. Cén dath atá ar an gcláirnéid?
19. Ainmnigh na drumaí a bhfuil airde cinnte orthu.
20. Cén uirlis atá an-chosúil leis an xileafón ach a bhfuil a cuid barraí déanta as miotal?
21. Cad as a bhfuil barraí an xileafóin déanta?
22. Cad as a bhfuil an triantán déanta?
23. Cén t-ainm atá ar an bpíosa adhmaid a bhíonn i láimh dheas seinnteoirí ar na téaduirlisí?
24. Cén chlann lena mbaineann an basún?
25. An bhfuil feag ar an trumpa?
26. Athraíonn seinnteoirí an tiúba nótaí ar dhá bhealach, ceann amháin leis na cnaipí, céard é an dara bealach?
27. Cén t-ainm ceart atá ar na cnaipí ar na huirlisí práis?

28. Cén uirlis a sheinneann James Galway?

29. Cén chlann lena mbaineann an pianó?

30. Cén chlann lena mbaineann an trombón?

31. Bíonn níos mó seinnteoirí i gclann na _____ ná in aon chlann eile sa cheolfhoireann.

32. Cén teideal a thugtar ar an duine a sheasann os comhair na ceolfhoirne agus a bhuaileann an buille?

33. Cén chlann lena mbaineann na ciombail?

34. Ainmnigh beirt stiúrthóirí cáiliúla.

35. Cuir na cnaguirlisí seo a leanas sa rannóg cheart

tiompáin, dord-druma, taobh-dhruma, xileafón, cloig mhóra, triantán

Uirlisí le hAirde Chinnte	**Uirlisí gan Airde Chinnte**
_____	_____
_____	_____
_____	_____

36. Tarraing pictiúr anseo thíos de dhuine ag seinm gach ceann de na huirlisí seo a leanas:

dordveidhil; trombón; cruit; feadóg mhór; druma mór.

Cleachtaí Amharc Léimh

Amharc ar na cleachtaí thíos. Tá frása ceithre bharra i ngach ceann acu.

1. Oibrigh amach ón ngléaschomhartha cén gléas ina bhfuil na frásaí.

2. Scríobh amach an scála sa ghléas sin anseo agus scríobh isteach an sólfá tonach faoi gach nóta sa scála sin.



3. Scríobh isteach an sólfá tonach faoi gach nóta sna frásaí seo a leanas.

4. Buail amach rithim gach frása.

5. Can gach ceann acu ag baint úsáide as an sólfá tonach.

6. Déan iarracht iad a sheinm ar an bpianó chomh maith

.



Caibidil 5 – Ceol Traidisiúnta na hÉireann

	Clár Ábhair	Leathanach
Réamhrá:	Cuspóirí an tSiollabais	77
Aonad 1a:	Tréithe Cheol Traidisiúnta na hÉireann	78
	Cleachtadh	79
Aonad 1b:	Amhránaíocht	80
	Cleachtadh	82
Aonad 1c:	Ceol Rince na hÉireann	83
	Cleachtadh	85
Aonad 2:	Stair an Cheoil	86
	An Chruit	86
	Na Bailitheoirí	88
Aonad 3:	Fás agus Forbairt Cheol Traidisiúnta na hÉireann	89
Aonad 4:	Cumadóirí sa Traidisiún Gaelach	93
Aonad 5:	Uirlisí Gaelacha	94
	Cleachtadh	98
Aonad 6:	Caomhnú agus Cur Chun Cinn Cheol Traidisiúnta	101
Aonad 7:	Cleachtadh: Dul Siar ar Gach Aonad	102

Réamhrá – Cuspóirí an tSiollabais

Ceol Traidisiúnta na hÉireann

- Taithí a léiriú ar cheol traidisiúnta na hÉireann, na tréithe ar leith a bhaineann leis agus na saintréithe a bhaineann le cineálacha éagsúla léirithe.
- Tuiscint ar stair an cheoil sin
- Tuiscint éigin ar fhás ghnaoi an phobail sa lá atá inniu ann
- Eolas ar uirlisí traidisiúnta na hÉireann
- Bheith in ann uirlisí traidisiúnta na hÉireann a aithint ó chluas.

Nóta don mhúinteoir:

Is féidir samplaí de na damhsaí/uirlisí éagsúla a fháil ar an taifead a chuir an Fhoireann Tacaíochta don Churaclam (Ceol) le chéile do mhúinteoirí. Acmhainn don Ardteist atá i gceist ach é a bheith oiriúnach do dhaltaí an Teastais Shóisearaigh chomh maith.

Moltar samplaí ó na dlúthdhioscaí seo a leanas chomh maith:

Altan – The Blue Idol (nó aon dlúthdhiosca eile leo)
Coolfin – Dónal Lunny
Mícheál Ó Súilleabháin – The Dolphin's Way
Hibernian Rhapsody- Dé Dannan
Idir an Dá Sholas – Maighréad & Tríona Ní Dhomhnaill le Dónal Lunny
Tóg go Bog É – Kíla
Resource Materials Irish Music - An Fhoireann Tacaíochta don Churaclam- Ceol
Ceol gan Amhras – Coláiste na Trócaire, Rathkeale, Co. Luimnigh.

Aonad 1a – Tréithe Cheol Traidisiúnta na hÉireann

Seo a leanas roinnt de phríomhthréithe Cheol Traidisiúnta uirlise na hÉireann.

1. **Ornáidiú**: Cuirtear maise nótaí (nótaí breise) isteach chun an fonn a bhreachnú. Tá ornáidí difriúla ann mar a léirítear thíos le litreacha beaga.

- **Gearradh**: Idir dhá nóta den airde chéanna cuirtear nóta beag breise isteach. Mar shampla A b A. Cosúil le *acciaccatura* sa cheol clasaiceach.

- **Cnagadh**: Idir dhá nóta den airde chéanna nó nóta eile. Cuirtear maise nóta isteach faoi bhun nóta. Mar shampla A g A. Cosúil le *acciaccatura* inbhéartaithe sa cheol clasaiceach.

Sampla: Feictear an gearradh anseo roimh an A, agus cnagadh idir an dá minim A.



- **Casadh**: Seo meascán den ghearradh agus den chnagadh. Cuirtear casadh ar nóta fada nó ar nótaí den airde chéanna. Mar shampla G a G f G.



Feictear an casadh anseo.

2. Is **ceol aonréadach** é an ceol Gaelach go traidisiúnta, ach seinneann ceoltóirí le chéile ag seisiúin agus i grúpaí ceoil anois.

3. Is **ceol monafónach** é go traidisiúnta. Ní bhíodh armóin nó cordaí tionlacain ann go traidisiúnta, cé go bhfuil athrú i ndiaidh teacht air sin le blianta beaga anuas.

4. Cosúil leis na hamhráin bíonn na **foinn módúil** go minic.

5. Bíonn na foinn bunaithe ar **scálaí mantacha** uaireanta eile. Seo scála le nóta nó dhó in easnamh ann.

6. Bíonn **réimse leathan** acu.

7. Bíonn foirm **AABB** acu go minic.

8. **Athsheinntear** an **nóta deireanach** den fhonn go minic.

Aonad 1 – Cleachtadh



5.4.1 Seinnfidh do mhúinteoir sé shampla de cheol duit anois. Déan cur síos ar gach ceann ag baint úsáide as an liosta thuas. An ceol traidisiúnta nó nua-aimseartha é dar leat? Tabhair cúis le do fhreagra i ngach cás.

1. _____

_____

_____

2. _____

_____

_____

3. _____

_____

_____

4. _____

_____

_____

5. _____

_____

_____

6. _____

_____

_____

Aonad 1b – Amhránaíocht

Cuireadh na hamhráin Ghaelacha ar aghaidh ó bhéal. Faighimid scéalta ó shaol na ndaoine agus eolas mar gheall ar an tsochaí, ar an stair agus ar an gcultúr sna hamhráin. Tá oidhreacht shaibhir againn sna hamhráin a thugann súil dúinn ar shaol sóisialta na ndaoine. Nuair a bhailíodh an pobal le chéile ag bothántaíocht chloisidís scéalta mar gheall ar eachtraí reatha sna hamhráin. Bíonn amhráin thraidisiúnta na hÉireann le fáil as Gaeilge agus as Béarla, agus uaireanta bíonn an dá theanga ann. Tugtar amhrán macarónach ar amhrán le Gaeilge agus Béarla ann.

Le foghlaim

Amhrán Macarónach: Amhrán traidisiúnta a bhfuil Béarla agus Gaeilge ann.

Cineálacha Amhrán

Tá go leor cineálacha éagsúla amhrán ann, le téamaí éagsúla. Tá cur síos le fáil thíos ar na hamhráin seo. Is gá gach ceann a fhoghlaim, chomh maith le sampla i ngach cás.

Geantraí: Seo amhrán grá agus go minic is grá éagmaiseach atá i gceist. Samplaí den Gheantraí: Bríd Óg Ní Mháille, Úna Bhán, The Verdant Braes of Skreen, She Moved Through the Fair.

Amhráin oibre: Chastaí na hamhráin seo agus an t-amhránaí ag obair sa chistin nó sa pháirc nó ar an bhfarraige. Bhíodh rithim faoi leith ag an amhrán - macasamhail rithim na hoibre a bhí i gceist. Samplaí den Amhrán Oibre: Ding Dong Dedero - amhrán a chasadh gabha ag obair sa cheárta. Amhrán na Cuiginne: amhrán a chasadh bean ag déanamh ime sa chistin.

Goltraí: Amhrán mall brónach a chantaí chun duine marbh nó duine imithe ar imirce a chaoineadh.
Samplaí den Gholtraí: Anach Cuain, Caoineadh Uí Dhomhnaill.

Amhrán eaglasta: Amhrán le focail a bhaineann leis an mBíobla nó le creideamh.
Samplaí: Don Oíche Ud i mBeithil, Caoineadh na Maighdine.

Amhráin Tírghrá: Amhráin ina léirítear an grá d'Éirinn.
Samplaí den Amhrán Tírghrá: Táimse im' Chodladh, An Droimeann Donn Dílis (aisling), Róisín Dubh.

Suantraí: Amhrán a chanann máthair dá páiste lena chur ina chodladh.
Samplaí den Suantraí: Deirín Dé, Seoithín Seo, Éiníní.

Amhráin Ghrinn: Amhráin a bhfuil d'fheidhm acu an lucht éisteachta a chur ag gáire.
Samplaí den Amhrán Grinn: An Poc ar Buile, One Day for Recreation (amhrán macarónach – amhrán dátheangach).

Amhráin Óil: Amhráin a cheiliúrann an t-ólachán. Go minic léirítear fadhb an óil iontu chomh maith.
Samplaí den Amhrán Óil: Preab San Ól, Níl 'na lá.

<u>Amhránaíocht ar an Sean Nós</u>

- Is stíl aonréadach é an sean-nós go príomha. Ciallaíonn sé seo go mbíonn duine amháin ag canadh.
- Cantar na hamhráin gan tionlacan.
- Bíonn scéal i gceist sna hamhráin agus baineann an tábhacht is mó leis na focail.
- Cuirtear ornáidiú sna hamhráin chun béim a chur ar na focail is tábhachtaí. Cuireann an ornáidiú le láidreacht na mothúchán.
- Ní bhíonn buille rialta nó amchomhartha ag na hamhráin, am saor a bhíonn i gceist. Fágann sé seo gur féidir béim a chur ar na mothúcháin tríd an mbuille a mhoilliú ag buaicphointe an cheoil.
- Ní bhíonn aon dinimicí sa cheol.
- Ní bhíonn guth traenáilte ag an gcantóir mar a bhíonn ag cantóir an cheoil chlasaicigh. Ní chantar níos airde ná mar a labhartar.
- Go minic bíonn réimse leathan ag na hamhráin agus ní bhíonn curfá acu.
- Tá a stíl faoi leith féin ag gach ceantar Gaeltachta agus amhráin faoi leith chomh maith.

Samplaí d'amhránaithe ar an Sean-Nós: Lasairfhíona Ní Chonaola, Máiréad Ní Dhomhnaill, Nóirín Ní Riain, Seosamh Ó hÉanaí, Nioclás Tóibín, Labhrás Ó Cadhla, Diarmuid Ó Suilleabháin, Áine Uí Cheallaigh.

Aonad1b – Cleachtadh

5.2.1
Roghnaigh amhránaí ón liosta thuas, nó amhránaí cáiliúil i do cheantar féin agus déan taighde air/uirthi. Freagair na ceisteanna seo a leanas faoi/fúithi:

1. Cad as dó/di?
2. Cár fhoghlaim sé/sí na hamhráin agus an stíl sean-nóis?
3. An Gaeilgeoir é/í?
4. An bhfuil sé/sí ar dhlúthdhiosca?
5. Déan cur síos ar a stíl. (Éist leo ar dhlúthdhiosca)

Scríobh an t-eolas a fhaigheann tú i do chóipleabhar.

Nuacht Bheo

5.2.2

Is iriseoir é do chara Jimín don nuachtán "Nuacht Bheo". Tá alt le scríobh aige mar gheall ar "Amhránaíocht: Síor-athrú an ghutha Éireannaigh" - ach tá Jimín tinn, faraor. Iarradh ort an t-alt a scríobh ina ionad. D'fhág Jimín a chuid nótaí duit!

Nótaí ón Eagarthóir:

Bíodh an colún leathanach A4 i bhfad ar a laghad.
Bí cinnte go bhfuil an t-eolas seo luaite sa cholún:

- Sean-nós agus amhránaíocht nua-aimseartha.
- Cosúlachtaí agus difríochtaí idir Sean-nós agus amhránaíocht Ghaelach inniu.
- Téamaí, Teanga agus Foclóir
- An áit a gcastar na hamhráin (sa bhaile? Ag ceolchoirm?)

Aonad 1c – Ceol Rince na hÉireann

Tá ceol agus rince na hÉireann fite fuaite le chéile agus dá bharr sin bíonn cineálacha éagsúla rithimí ceoil le dul leis na damhsaí éagsúla.

Níor scríobhadh mórán mar gheall ar an rince Gaelach go dtí an 17ú haois. Dá bharr sin, níl ach cuid d'ainmneacha na sean-rincí ar eolas againn. Bhí an rince fada, rince an chlaímh, rince na bprátaí agus rince an cháca ann.

Is iad na rincí a mhaireann inniu ná an cor (an ríl), an port, an cornphíopa agus rincí seit. Chruthaigh na máistrí rince iad san 18ú haois. Bhíodh rince ag an gcrosbhóthar agus ag an aonach. Thaistil an máistir ó bhaile go baile le fidléir nó píobaire. Bheadh comórtas acu ag na haontaí, chun na céimeanna casta a thaispeáint.

Nuair a bhídís ag damhsa bhíodh a ndroim díreach, a lámha díreach agus in aice leis an gcorp. Níor bhog an corp ach ón gcromán síos.

Is féidir go leor eolais a fháil faoi cheol rince na hÉireann ar an idirlíon. Bain triail as an suíomh www.irishtune.info má tá samplaí de gach cineál rince ag teastáil.

Ríl / Cor

Deirtear go dtagann an cor ó Albain ó dhúchas. Is rince mear é i 2/4, 4/4, nó 2/2. De ghnáth is rince bog é a dhéanann na cailíní, bíonn an tábhacht is mó ar léimeanna arda agus céimeanna éadroma.



Seo sampla de chor.

Chun an rithim a aithint d'fhéadfá na focail seo a leanas a rá in am leis an gceol: "fite fuaite, fite fuaite". Ní bhíonn aon stad i lár na bhfocal. Rithim leanúnach sheasmhach a bhíonn ann. Éist le sampla den ríl a sheinnfidh do mhúinteoir duit.

An Cornphíopa

Tagann an cornphíopa ó Shasana ó dhúchas. Bíonn sé i 4/4 nó 2/2. Bíonn sé níos maille ná an cor. Sna seanlaethanta bhíodh na fir nó na máistrí rince, ag damhsa an chornphíopa i mbróga tairní. Is rince casta é an cornphíopa agus an-chuid béime ar an rithim. Tá rithim phoncaithe ag an gcornphíopa. Cuirtear an bhéim ar an gcéad bhuille agus ar an tríú buille den bharra. Uaireanta bíonn an-chuid tríphléadach sa chornphíopa.
Seo sampla den chornphíopa:



An Port

Is é an port an ceol rince is sine in Éirinn. Tá trí chineál poirt ann: (a) Port singil (b) Port dúbailte (c) Port Luascach.

Port Singil

Bíonn an port seo i 6/8. Seo an leagan amach a bhíonn ag an rithim sa chuid is mó de na barraí: croisín, camán, croisín, camán.



Port dúbailte

Bíonn níos mó nótaí sa bharra anseo, cé go bhfuil amchomhartha 6/8 aige chomh maith. Bíonn dhá ghrúpa de 3 camán i ngach barra. Chun an rithim a aithint comhraimh 123 456 nó abair "Rithim na Farraige"

Seo sampla de port dúbailte:



Port Luascach.

Bíonn an port luascach i 9/8, le meascán de 3 chamán agus croisín/camáin sa bharra. Is féidir na focail "rithim na farraige goirme" a rá le rithim an phoirt luascaigh.

Sampla: "The Drops of Brandy"



Rince Aonair

Is rince aonréadach é seo. De ghnáth bíonn rithim phoirt nó cornphíopa acu agus bíonn an dara cuid níos faide ná an chéad chuid. Uaireanta rinneadh an rince ar bharr boird nó ar dhoras a bhí leagtha ar an talamh chun an rithim agus scil an rinceora a thaispeáint i gceart. Tá fonn faoi leith ag gach rince aonair mar shampla: Lá Fhéile Pádraig, An Lon Dubh.

Rince Seit

D'fhás an rince seo ón *quadrille* sa Fhrainc. D'athraigh na maistrí na céimeanna agus an luas ach choimeád said na figiúirí. Bíonn a seit féin ag na ceantair éagsúla, mar shampla Seit Shliabh Luachra, Seit Shliabh gCua, Seit Chonamara.

An Sleamhnán agus an Polca

Seinntear an ceol rince seo don rince seit. Is port fíorthapaidh i 6/8 é an sleamhnán. Tá an sleamhnán agus an polca ceangailte le ceantar Shliabh Luachra, ceantar ar theorainn Chorcaí, Chiarraí, Luimnigh agus an Chláir.

Aonad 1c – Cleachtadh

5.3.1 Éist leis na sleachta ceoil agus líon isteach na boscaí.

	Saghas Rince	Uirlisí a chloisim
1.		
2.		
3.		
4.		
5.		
6.		
7.		
8.		
9.		
10.		

Aonad 2: Stair an Cheoil

An Chruit

Is téaduirlis í an chruit. Tá an chruit Ghaelach níos lú ná an chláirseach chlasaiceach agus ní bhíonn troitheáin aici de ghnáth. Tá íomhánna de chruiteanna le feiceáil ar na hArdchrosa ón 10ú haois.

Sna Meánaoiseanna ba cheardaithe iad na cruitirí. Sheinn siad i dtithe móra na dtiarnaí talún. Bhí siad ar an gcéim chéanna leis an reachtaire agus leis an bhfile. Chuir an cruitire tionlacan ar fáil don reachtaire agus dán an fhile á rá aige.

Chum na cruitirí ceol chomh maith chun eachtraí a cheiliúradh. Chum siad píosaí ceoil in onóir an phatrúin. Tugtar plancstaí ar an gcineál saothair sin. Mar shampla: Plancstaí Irwin, Plancstaí Drury (ba phátrúin iad Irwin agus Drury).

Tar éis Imeacht na nIarlaí sa bhliain 1607, faraor, chaill na cruitirí a bpatrúin agus a bpoist. Tháinig athrú mór ar an saol dóibh. Fuair cuid acu obair ó na tiarnaí talún nua agus bhí orthu a gceol a athrú. Thaistil cuid eile timpeall na tíre ag seinm, agus thosaigh siad ag seinm an ghnáthcheoil Ghaelaigh. Thosaigh an chruit ag dul i léig ón 17ú haois amach. Sa bhliain 1792, áfach, eagraíodh féile a chuir an chruit ar a seanléim arís.

Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin

Rugadh Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin i mBaile an Obair, Co. na Mí sa bhliain 1670. Buaileadh é leis an mbolgach agus é 18 mbliana d'aois agus chaill sé radharc na súl. D'foghlaim sé an chruit i Ros Comáin, i dtigh McDermott-Roe – áit a raibh a athair ina oibrí. Thug Bean McDermott- Roe capall agus cruit dó agus thosaigh sé a shaol mar chruitire taistil.

Ba é George Reynolds a chéad phatrún agus d'iarr Reynolds ar Ó Cearbhalláin saothair a chumadh. Chum Ó Cearbhalláin "Sí Bheag Sí Mór" Chum sé a lán plancstaithe i rith a shaoil, Plancstaí Irwin agus Plancstaí Kelly san áireamh. Mheasc sé ceol Gaelach le ceol clasaiceach na hIodáile. Sheinn sé ceol rince na hÉireann chomh maith. An saothar deireanach a chum sé ná "Slán le Ceol."

Seo thíos an chéad chuid de Choinséartó Uí Chearbhalláin.



Féile na gCruitirí, Béal Feirste 1792

Eagraíodh Féile na gCruitirí i mBéal Feirste chun an chruit a chaomhnú agus a chur chun cinn. Bhí duaiseanna le buachan ag an gcruitire ab fhearr. Níor tháinig ach deichniúr gcruitire Éireannacha, ámh, agus cruitire amháin ón mBreatain Bheag.

- Denis Hempson, dall (Doire), 94, sheinn sé le hingne fada
- Arthur O'Neill, dall (Tír Eoghain)
- Charles Fanning (An Cabhán)
- Dan Black, dall (Doire)
- Charles Byrne, (Liatroim)
- Hugh Higgins, dall (Maigh Eo)
- Patrick Quinn, dall (Ard Mhacha)
- William Caer, (Ard Mhacha)
- James Duncan (An Dún)
- Rose Mooney, dall (An Mhí)

Bhain Fanning an chéad áit agus fuair sé 10 bpunt sa bhliain mar dhuais. Ba é William Caer an cruitire ab óige, ní raibh sé ach 15 bliana d'aois. Bhí gach duine eile os cionn 45 bliain d'aois.

Edward Bunting 1773 - 1843

Agus na cruitirí ag seinm ag an bhféile bhí Edward Bunting ag obair go dian. Scríobh sé síos na foinn a sheinn na cruitirí. Tar éis an chomórtais thug sé cuairt ar na cruitirí. Bhailigh Bunting an-chuid port agus amhrán nach mbeadh againn inniu ach a obair luachmhar. D'eisigh sé an ceol sa leabhar "The Ancient Music of Ireland" i 1796. Bhí "Feaghan Gealeash" agus "Caoineadh Luimní" sa chnuasach sin. D'eisigh sé dhá imleabhar eile sna blianta 1809 agus 1840.

Na Bailitheoirí

Chuirtí ceol Gaelach ar aghaidh ó bhéal go béal go traidisiúnta. Ag deireadh an 18ú haois, ámh, thosaigh daoine cosúil le Bunting ag breacadh an cheoil síos. D'fhág siad acmhainn iontach dúinn agus chaomhnaigh siad an-chuid seanphort nach mbeadh againn inniu gan na lámhscríbhinní.



George Petrie (1790 – 1866)

As Baile Átha Cliath do Petrie. Sheinn sé an veidhlín agus cúpla uirlis eile. D'oibrigh sé leis an Údarás Clárúcháin Maoine. Thaistil sé timpeall na tíre ag bailiú fonn. Thug sé an-chuid díobh do Bunting. Bhunaigh sé an cumann **"The Society for the Preservation and Publication of the Melodies of Ireland"** sa bhliain 1851. D'eisigh an cumann seo a cnuasach "The Petrie Collection of the Ancient Music of Ireland" sa bhliain 1855.

Francis O'Neill (1848 – 1936)

Rugadh O'Neill i mBeanntraí, Co. Chorcaí. Sheinn sé an fheadóg mhór, an fhidil agus an phíb. Chuaigh sé ar imirce go Meiriceá nuair a bhí sé 16 bliana d'aois. Ba phóilín é i Chicago. Thóg sé grianghraif de cheoltóirí agus rinne sé cuid de na chéad taifeadtaí de cheol Gaelach. D'oibrigh sé le fidléir darbh ainm Séamus Ó Néill chun an ceol a scríobh síos. D'eisigh sé "The Music of Ireland" i 1903. Bhí 1,850 port ann. Sa bhliain 1907 d'eisigh sé "The Dance Music of Ireland" le 1001 port ann.

Aonad 3: Fás agus Forbairt Cheol Traidisiúnta na hÉireann

Tháinig fás ar an gceol traidisiúnta sa 20ú haois a bhuíochas sin leis an taifeadadh agus an fhorbairt a tháinig ar chúrsaí taistil do na gnáthdhaoine. Bhí ceoltóirí ábalta taistil níos faide ó bhaile agus éisteacht le stíleanna eile seanma seachas a stíl áitiúil amháin. Nuair a tosaíodh ar cheol a thaifeadadh bhí an gnáthdhuine ábalta éisteacht le ceol a tháinig ó thíortha eile, agus ceol a fhoghlaim ó na taifeadtaí.

Tháinig go leor bannaí ceoil chun cinn a mheasc stíleanna eile ceoil leis an gceol traidisiúnta. Tá cur síos ar chuid de na bannaí agus na daoine sin thíos.

Séan Ó Riada (1931 – 1971)

Cumadóir, cóiritheoir, ceoltóir, múinteoir agus craoltóir ba ea Ó Riada. Bhí tionchar mór aige ar fhás agus ar fhorbairt cheol rince na hÉireann. Rugadh é i gContae Luimnigh. Sheinn sé an veidhlín agus an pianó. Rinne sé staidéar ar cheol in Ollscoil Chorcaí. D'oibrigh sé le Radió Éireann, agus rinneadh leas-stiúrthóir de i 1953. Ceapadh é ina stiúrthóir ceoil in Amharclann na Mainistreach i 1955, agus chóirigh sé ceol d'Amhránaithe Radió Éireann. Chum sé an fuaimlorg don scannán "Mise Éire". B'in é an chéad uair a chuala na Gaeil a gceol féin á sheinnt go coitiannta i slí dhifriúl. Mheasc Ó Riada ceol Gaelach, amhránaíocht ar an sean-nós agus cóirithe ceolfhoireannacha. Bhog sé go Cúil Aodha, Corcaigh i 1964 agus bhunaidh sé Cór Chúil Aodha. Chan siad sa stíl thraidisiúnta. Chóirigh sé breis is 700 amhrán agus ceol rince i gcomhair grúpaí.

Bhunaigh Ó Riada an grúpa **Ceoltóirí Cualann** i 1961.
Baill an Ghrúpa:

- Seán Ó Riada: an chlárchruit agus an bodhrán.
- Martin Fay, John Kelly agus Seán keane: an fhidil.
- Paddy Moloney: an phíb uilleann agus an fheadóg stain.
- Michael Tubridy: an fheadóg mhór
- Sonny Brogan agus Eamon de Buitléir: an bosca ceoil.
- Ronnie McShane: na cnámha.
- Seán Ó Sé: guth teanóir.
- Darach Ó Catháin: amhránaí ar an sean-nós.

An rud ba thábhachtaí maidir le Ceoltóirí Cualann ná na cóirithe. B'in é an chéad uair a sheinn ceoltóirí ceol Gaelach le chéile mar cheolfhoireann aireagail. Sheinn na ceoltóirí ag amanna difriúla, (i dísréad, tríréad, aonréad srl.) agus chuir siad armóin leis na foinn. Sheinn siad ceol rince na hEireann, plancstaithe le Ó Cearbhalláin agus amhráin ar an sean-nós. Roghnaigh Ó Riada an chlárchruit mar uirlis tionlacain. Cheap sé go raibh fuaim na clárchruite níos cóngaraí d'fhuaim na seanchruite Éireannaí ná le fuaim na cruite Gaelaí.

The Chieftains

Lean cuid de na ceoltóirí ó Cheoltóirí Cualann ar aghaidh chun grúpa eile a bhunú. Bhí Paddy Moloney ina cheannire ar an ngrúpa seo. D'eisigh siad a gcéad albam i 1965 le

ceirníní Claddagh. Fuair siad an t-ainm ó leabhar John Montague "Death of a Chieftain".

Baill The Chieftains:

- Paddy Moloney: an phíb uileann agus an fheadóg.
- Martin Fay: an fhidil, le Seán Keane ó 1968 ar aghaigh.
- Michael Tubridy: an fheadóg mhór, thóg Matt Molloy a áit i 1979.
- Seán Potts: an fheadóg stáin (d'fhág sé an grúpa i 1979)
- Davey Fallon: an bodhrán (thóg Peadar Mercier a áit i 1966).
- Derek Bell: an chruit/pianó. D'fhág sé Ceolfhoireann Thuaisceart Éireann BBC agus chuaigh sé isteach sa ghrúpa i 1976
- Kevin Coneeff: an bodhrán agus sean-nós – thóg sé áit Peadar Mercier i 1976.
- Tríona Marshall: an chruit.

Tá fuaim oirirc ag na Chieftains. Seineann siad ceol rince na hÉireann, plancstaithe, foinn atá mall agus amhráin chomh maith. D'fhorbair siad an ceol i stíl Uí Riada agus mheasc siad ceol ó thíortha agus stíleanna éagsúla ina gcuid ceoil.

The Dubliners

Bunaíodh The Dubliners sa bhliain 1962 ó ghrúpa ceoltóirí a sheinn i dtigh tábhairne lena chéile. Chan siad amhráin thírghrá, agus amhráin réabhlóideacha na hÉireann, chomh maith le hamhráin thraidisiúnta na hÉireann agus na hAlban.

<u>Baill an Ghrúpa</u>

- Ronnie Drew: guth agus giotár
- Luke Kelly: guth (fuair sé bás i 1984)
- Barney McKenna: an bainseó, an maindilín, an mileoidean agus guth
- Ciarán Bourke: guth, an giotár, an fheadóg stáin agus an t-armónach.
- John Sheahan: an fhidil, an fheadóg stáin, an maindilín, guth, an consairtín agus an giotár.
- Éamonn Campbell: an giotár agus guth.

<u>Amhráin Cháiliúla</u>

- I'll Tell me Ma
- The Wild Rover
- Whiskey in the Jar.

Dé Danann

Bunaíodh Dé Danann sa Spidéal, Co. na Gaillimhe. Chas an grúpa ceol rince na hÉireann le spraoi agus fuinneamh. D'athchóirigh siad an t-amhrán cáiliúil "Hey Jude" leis na Beatles i stíl chornphíopa agus ríl.

Baill den Ghrúpa

- Frankie Gavin – an fhidil
- Alec Finn - an basúcaí agus an giotár
- Charlie Piggott – an bainseó agus an bosca ceoil
- Johnny McDonagh - an bodhrán agus na cnámha
- Dolores Keane – guth

Chas na hamhránaithe seo le Dé Danann ag amanna éagsúla

- Mary Black
- Maura O'Connell
- Eleanor McEvoy
- Tommy Fleming
- Andrew Murray

Altan

Tagann an t-ainm Altan ó loch ag bun Shliabh Earagail i nDún na Gall. Tá fuaim ar leith acu toisc dhá fhidil a bheith ag seinnt agus comhcheol eatarthu.

Baill an Ghrúpa

- Mairéad Ní Mhaonaigh: guth agus an fhidil
- Dermot Byrne: an bosca ceoil
- Ciarán Tourish: an fhidil
- Ciarán Curran: an basúcaí
- Mark Kelly: an giotár
- Dáithí Sproule: an giotár

Bhunaigh Frankie Kennedy agus Mairéad Ní Mhaonaigh an grúpa sna 80í. Sheinn Kennedy an fheadóg mhór agus bhí stíl an tuaiscirt aige. Fuair sé bás i 1996, nuair a bhí sé 38 bliain d'aois. Ina onóir bíonn "Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy" ar siúl i nGaoth Daobhair gach bliain. Is Gaeilgeoir í Mairéad ó dhúchas agus casann sí na hamhráin i nGaeilge de ghnáth.

Amhráin Cháiliúla: Bríd Óg Ní Mháille, An Mhaighdean Mhara

Clannad

Tá baill Chlannad go léir gaolta lena chéile.

- Máire Brennan: guth agus an chruit.
- Pól Brenann: an fheadóg mhór, an giotár, guth agus cnaguirlisí
- Ciaran Brennann: dord agus méarchlár.
- Pádraig Duggan: an giotár agus an maindilín
- Noel Duggan: an giotár agus guth.
- Eithne Brennan: Bhí sí sa ghrúpa ó 1982 – 1983 ach d'fhág sí an grúpa chun casadh ina haonair. Tugtar Enya uirthi anois!

Ón tús chas Clannad saothair thraidisiúnta Ghaelacha le tionlacan fuaimíochta agus uirlisí traidisiúnta. Chan siad as Gaeilge. Bhailigh siad seanleaganacha amhrán óna dteaghlach, óna gcomharsana agus ó na hoileánaigh i nDún na nGall. Bhí cóirithe nua-aimseartha le harmóin acu. Chuaigh snagcheol i bhfeidhm orthu. Sna 80í thosaigh an grúpa ag baint úsáide as fuaimeanna sintéiseacha.

Amhráin Cháiliúla:

- Dúlamán
- Téama de Harry's Game
- In A Lifetime – Dísréad idir Máire agus Bono

Horslips

Bunaíodh an ghrúpa i 1970. Mheasc siad ceol Gaelach agus rac-cheol.

Baill an Ghrúpa

- Barry Devlin – dord agus guth
- Declan Sinnott – an príomhghiotár agus guth
- Charles O'Connor – an fhidil, an maindilín, an consairtín, agus guth
- Jim Lockhart – an fheadóg mhór, an fhidil, an méarchláir
- Eamonn Carr – na drumaí agus guth
- John Fean – an giotár

Aonad 4: Cumadóirí sa Traidisiún Gaelach

Micheál Ó Súilleabháin

Rugadh é i dTiobraid Árann i 1950. Is Ollamh le Ceol é in Ollscoil Luimnigh. Bhunaigh sé "The Irish World Music Centre" in Ollscoil Luimnigh sa bhliain 1994. Seinneann sé an pianó agus an chlárchruit. Bhí sraith teilifíse aige mar gheall ar cheol Gaelach i 1995 dar teideal "River of Sound." Meascann sé ceol clasaiceach na hEorpa agus ceol traidisiúnta na hÉireann ina chuid saothar don phianó, don fhliúit nó don cheolfhoireann. Meascann sé snagcheol, ceol clasaiceach, agus ceol domhanda dá ghrúpa Hiberno-Jazz.

Bill Whelan

Cumadóir, léirtheoir agus ceoltóir is ea é. Rugadh Whelan i Luimneach i 1950. Rinne sé staidéar ar an dlí. Chum sé ceol agus liricí Riverdance.

Riverdance

Iarradh ar Bill Whelan saothar a chumadh don sos ag an gComórtas Eurovision sa bhliain 1994. D'éirigh thar barr leis an saothar, a bhí seacht nóiméad ar fhad. Meascann Riverdance ceol cóir, casta ag Anúna, le ceol traidisiúnta i leagan nua-aimseartha. Chuir na rinceoirí Michael Flatley agus Jean Butler iontas ar an lucht féachanna, bhí a gcéimeanna chomh casta sin. Rinneadh seó 2 uair an chloig de. Tá *Riverdance the Show* ag taisteal timpeall na cruinne ó 1995.

Shaun Davey

Rugadh é i mBéil Feirste i 1948. Tógann sé a théamaí ó stair agus ó chultúr na hÉireann. Meascann sé ceol traidisiúnta agus ceol clasaiceach in a chuid saothar. Chum sé *The Brendan Voyage* sa bhliain 1980. Is saothar ceolfhoirne agus píobaire é seo. Sheinn Liam O'Flynn an phíb. Seasann an phíb don churrach faoi lán seoil go Talamh an Éisc. Tá 10 ngluaiseacht (aonad) sa saothar a léiríonn an t-aistear mara.

Chum sé *Granuaile* sa bhliain 1985. Léiríonn sé saol Ghráinne Ní Mháille, banríon na mara i gConnacht. Is saothar don phíb uilleann, giotár, cruit Ghaelach, guth aonréadach agus ceolfhoireann é seo. I measc na saothar eile a chum sé tá *The Relief of Derry Symphony, The Pilgrim* agus ceol don amharclann. Chum sé an téama na sraithe BBC *Ballykissangel.*

Michael McGlynn

Rugadh Michael McGlynn i mBaile Átha Cliath i 1964. Is cumadóir den chéad scoth é agus is ar an gceol do chóracha is mó a bhfuil a cháil bunaithe, cé go bhfuil ceol uirlise cumtha aige chomh maith. Bhunaigh sé an cór Anúna sa bhliain 1987 agus bhí d'aidhm aige an ceol traidisiúnta a chur chun cinn ach é i riocht nua-aimseartha. Meascann sé an ceol traidisiúnta modúil le comhcheol saibhir, mistéireach ina chuid saothar. Tugann sé cúrsaí do chóracha chomh maith le bheith ag obair mar stiúrthóir ar a chór Anúna a bhíonn ag taisteal ar fud an domhain ag canadh. Ba é an cór sin a chan ag tús Riverdance nuair a chéad chraoladh beo é ag comórtas Eoraifíse na bliana 1994.

Aonad 5 – Uirlisí Gaelacha

An Fheadóg Stáin: Is uirlis bheag í an fheadóg stáin. Séideann tú isteach trí bhéalóg chun an fhuaim a dhéanamh. Bíonn sé pholl ar an bhfeadóg stáin agus cuireann tú do mhéar ar na poill sin chun nótaí difriúla a fháil. Breachnaíonn na ceoltóirí an fonn trí ornáidiú a chruthú leis na méara agus leis an teanga.

Ceoltóirí Cáiliúla a Sheinneann an Fheadóg Stáin: Mary Bergin, Seán Ryan, Vinnie Kilduff, Seán Potts, Bríd O'Donoghue, Geraldine Cotter, Paddy Moloney.

An Fheadóg Mhór: Suas go dtí an 18ú haois bhain ceolfhoirne úsáid as fliúit adhmaid le heochracha chun na seachtráin a fháil. Cheap Theobald Boehm córas méaraithe difriúil a bhí níos áisiúla do cheol ceolfhoirne. Oireann an fhliúit adhmaid don cheol Gaelach agus is ionann é agus an fheadóg mhór a sheinneann ceoltóirí anseo. Tá tondath saibhir teolaí ag an bhfeadóg mhór. Séideann an ceoltóir trasna ar bhéalóg chun an fhuaim a chruthú.

Ceoltóirí Cáiliúla a Sheinneann an Fheadóg Mhór: Matt Molloy, Tom Doorley, Catherine McEvoy, Michael McGoldrick, Louise Mulcahy.

An Fhidil: Níl difríocht ar bith idir an fhidil agus an veidhlín clasaiceach ó thaobh struchtúir de. Tá an-chuid difríochtaí sa cheol a chastar, áfach, agus sna teicníochtaí a úsáidtear ar an uirlis. Baineann an fidléir úsáid as stopanna dúbailte agus boghadh rithimeach, chomh maith le hornáidiú méire.

Ceoltóirí Cáiliúla a Sheinneann an Fhidil: Frankie Gavin, Michael Coleman, Zoe Conway, Paddy Glackin, Liz Carroll, Séan Keane, Máiréad Ní Mhaonaigh, Martin Hayes, Gerry O'Connor.

An Bosca Ceoil: Is feag-uirlis é an bosca ceoil. Bíonn dhá líne de chnaipí ann sa tribil agus 8 gcnaipe sa dord. Baineann an ceoltóir úsáid as an dord chun rithim agus cordaí tionlacain a chur leis an bhfonn. Déanann an ceoltóir ornáidiú sa tribil agus an fonn á sheinm aige.

Ceoltóirí Cáiliúla a Sheinneann an Bosca Ceoil: Sharon Shannon, Dermot Byrne, Séamus Begley, Jackie Daly, Bobby Gardiner, Joe Cooley.

An Consairtín: Is bosca ceoil heicseagánach é seo. Tá cnaipí ar dhá thaobh den uirlis chun an fonn a sheinm.

Ceoltóirí Cáiliúla a Sheinneann an Consairtín: Mrs. (Lizzie) Crotty, Noel Hill, Edel Fox, Mary McNamara.

An Mileoidean: Is bosca ceoil le líne amháin cnaipí sa tribil é seo. Bíonn cnaipí sa lámh chlé den dord.

Ceoltóir Cáiliúil a Sheinneann an Mileoidean: Johnny Connolly

An Bodhrán: Is cnaguirlis é seo. Síntear craiceann gabhair trasna fráma adhmaid chun an bodhrán a dhéanamh. Seinntear é le bata adhmaid. Seinneann an ceoltóir rithim an choir (ríl), an phoirt nó an chornphíopa leis. Beireann an ceoltóir greim ar an mbata le lámh amháin agus brúnn sé/sí an craiceann leis an lámh eile chun an tondath a athrú. Thóg Séan Ó Riada an bodhrán isteach sa ghrúpa Ceoltóirí Cualann sna 1960í.

Ceoltóirí Cáiliúla a Sheinneann an Bodhrán: Donncha Gough, Mel Mercier

Na Cnámha agus na spúnóga: Seinntear péire díobh i láimh an cheoltóra. Tagann na cnámha ó easnacha bó agus is gnáthspúnóga ón gcistin iad na spúnóga. Seinneann Mel Mercier an dá uirlis.

Uirlisí ó Thíortha eile

Giotár: Seinntear an giotár chun tionlacan a chur ar fáil d'fhonn.

Ceoltóirí Cáiliúla a Sheinneann an Giotár: Steve Cooney, Arty McGlynn, Donal Clancy.

Basúcaí: Is uirlis Ghréagach é seo.

Ceoltóirí Cáiliúla a Sheinneann an Basúcaí: Andy Irvine, Donal Lunny, Alec Finn.

An Bainseó: Uirlis Afra-Mheiriceánach. Seinntear an fonn air.

Ceoltóirí Cáiliúla a Sheinneann an Bainseó: Kieran Hanrahan, Gerry O'Connor.

An Maindilín: Seo uirlis ón Iodáil. Stoitear é le figín (plectrum) chun an fonn a sheinm.

Ceoltóirí Cáiliúla a Sheinneann an Maindilín: Brian McGrath (Four men and a Dog)

An Chlárchruit: Uirlis mhéarchláir a bhí ann roimh an bpianó, sa ré Bharócach. Sheinn Séan Ó Riada é sa ghrúpa Ceoltóirí Cualann.

An Phíb Uilleann

Is í an phíb uilleann an phíb is forbartha ar domhan. Tá tondath milis séimh aici. Tá cúig phíosa san uirlis: (a) Na Boilg (b) An Mála (c) An Seamsúr (d) Na Rialtáin (e) Na Dosanna.

- Na Boilg: Brúitear na boilg leis an uillinn dheas chun aer a dhíriú chuig an mála.
- An Mála: Is mála leathair é seo. Coimeádtar é faoin uillinn chlé. Brúnn an ceoltóir an mála chun aer a chur tríd an seamsúr, na rialtáin agus na dosanna.
- An Seamsúr: Seinntear an fonn ar an seamsúr. Bíonn feag sa seamsúr agus nuair a shéideann an t-aer tríd an seamsúr, creathann an fheag agus cruthaíonn sé an fhuaim. Cuirtear an seamsúr ar ghlúin an phíobaire. Seinntear é cosúil leis an bhfeadóg stáin. Tá réimse dhá ochtach ag an seamsúr.
- Na Rialtáin: I bhfoireann píbe iomlán bíonn rialtán teanóir, baratóin agus doird. Cruthaíonn na rialtáin cordaí chun tionlacan a chur leis an bhfonn. Seinntear iad leis an rosta (caol na láimhe).
- Na Dosanna: Tá trí dhos ann. Seinneann siad go leanúnach sa cheolchasadh. D'fhéadfá iad a stopadh le heochair dosanna. Bíonn dos teanóir, baratóin agus doird ann. Seinneann na dosanna an nóta is ísle ar an seamsúr ag ochtacha níos ísle.

Tá ornáidiú speisialta ag an bpíb:

- Is ornáidiú ar an D íseal é an 'cran'. Sraith gearrthacha atá sa chran. Sampla:



- Cuireann an píobaire béim ar nótaí trí **phlabadh** a dhéanamh. Tógann an píobaire an seamsúr ón nglúin chun é seo a dhéanamh.

Bunaíodh *Na Píobairí Uilleann* i 1968 chun an phíb uilleann a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do phíobairí.

Breandán Breathnach (1912 – 1985)
Ba phíobaire uilleann é Breandán Breathnach. Bhreac sé síos na poirt a chuala sé agus rinne sé staidéar ar na cnuasaigh a bhí ann. Bhí fíorshuim aige i stair an cheoil Ghaelaigh. D'eisigh sé ceithre imleabhar de "Ceol Rince na hÉireann". Bhí sé ina bhall den ghrúpa "Na Píobairí Uilleann".
Ceoltóirí Cáiliúla a Sheinneann an Phíb Uilleann: Séamus Ennis, Willie Clancy, Paddy Moloney, Liam O'Flynn, Leo Rowsome, Davey Spillane

An Banna Céilí
De ghnáth bíonn 10 gceoltóir i mbanna céilí. Seinneann na bannaí ceoil seo i gcomhair céilithe. Bíonn meascán d'uirlisí difriúla ann ach bíonn pianó agus drumaí acu i gcónaí. Cruthaíonn an pianó agus na drumaí an fhuaim ar leith a shamhlaítear leis na bannaí seo. Seinneann an pianó tionlacan cordaí amháin i stíl ar a dtugtar réthionlacan (vamping). De ghnáth ní bhíonn ach sreangdhruma agus bloc sna cnaguirlisí. Tugann na huirlisí seo buille láidir agus rithim rialta do na rinceoirí. Is ceol feidhmiúil é ceol na mbannaí céilí toisc go mbíonn sé ann chun damhsa leis.

Cleachtadh 5.1

1. Tarraing an fheadóg stáin agus ainmnigh duine amháin cáiliúil a sheinneann an uirlis seo.

2. Tarraing an bainseó agus ainmnigh duine amháin cáiliúil a sheinneann an uirlis seo.

3. Tarraing an fhidil agus ainmnigh duine amháin cáiliúil a sheinneann an uirlis seo.

5. Tarraing an bosca ceoil anseo agus ainmnigh duine amháin cáiliúil a sheinneann é.

4. Déan iad seo thíos a mheaitseáil.

a

b

c

d

e

An Phíb Uilleann ____

An Chruit ____

An Feadóg Mhór ____

An Pianó ____

An Bainseó ____

6. Tarraing an chruit agus abair conas a sheinntear í.

Seinnfidh do mhúinteoir 10 sampla de cheol traidisiúnta duit anois. I ngach cás scríobh síos an phríomhuirlis a sheinneann an tséis, agus na huirlisí a thugann tionlacan, más ann dóibh.

	Uirlis shéise	Uirlisí tionlacain
1.		
2.		
3.		
4.		
5.		
6.		
7.		
8.		
9.		
10.		

Aonad 6: Caomhnú agus Cur Chun Cinn Cheol Traidisiúnta na hÉireann

Comhaltas Ceoltóirí Éireann
Is é Comhaltas Ceoltóirí Éireann ceann de na grúpaí is mó a chuireann ceol traidisiúnta na hÉireann chun tosaigh i measc mhuintir na hÉireann agus in áiteanna éagsúla ar fud an domhain. Bíonn ranganna ar siúl i gcraobhacha áitiúla ar fud na tíre do dhaoine atá ag iarraidh uirlisí traidisiúnta, cantaireacht nó damhsa Gaelach a fhoghlaim. Bíonn scoileanna samhraidh agus seisiúin dírithe ar fhoghlaimeoirí ar siúl go rialta. Chomh maith leis sin bíonn scrúduithe ar siúl sa cheol traidisiúnta dóibh siúd a bhfuil suim acu ina leithéid, agus cuirtear oiliúint ar fáil do mhúinteoirí an cheoil traidisúnta fosta. Is féidir tuilleadh a fhoghlaim faoi Chomhaltas Ceoltóirí Éireann ar an suíomh idirlín: www.comhaltas.ie Tá cartlann an-mhaith arlíne ag Comhaltas ag an seoladh seo: http://comhaltasarchive.ie

Taisce Cheol Dúchais Éireann
Tá Taisce Cheol Dúchais Éireann lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Is ann a fhaightear bailiúcháin éagsúla de cheol traidisiúnta de gach cineál. Bunaíodh an Tasice sa bhliain 1987 mar áis do dhaoine a bhfuil suim acu sa cheol traidisiúnta. Sna hoifigí ar Chearnóg Mhuirfean is féidir teacht ar cheol scríofa, taifeadtaí ceoil, griangraif, DVDanna agus nithe eile. Tá suíomh idirlíon cuimsitheach acu áit ar féidir teacht ar cheol scríofa, taifeadtaí agus pictiúir ag www.itma.ie

Gael-Linn
Is iomaí deaghníomh ar son na Gaeilge atá déanta ag Gael-Linn. Foilsíonn siad CDanna den cheol traidisiúnta, rud a thugann deis do go leor ceoltóirí éisteacht níos leithne a fháil dá gcuid ceoil. Chomh maith leis sin eagraíonn siad comórtais cheoil do scoileanna i rith na scoilbhliana. Spreagann na comótais seo daltaí scoile le páirt ghníomhach a ghlacadh sa cheol traidisiúnta, agus is féidir tionchar na gcomórtas seo a fheiceáil i gcuid de na buaiteoirí a bhí ann blianta ó shin – tháinig Clannad, Hothouse Flowers, Altan agus Dolores O'Riordan chun cinn tríd an gcomórtas Slógadh sna seachtóidí. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi Ghael-Linn ar a suíomh: www.gael-linn.ie

Cumann Lúthchleas Gael
Ceanglaítear an CLG le cluichí traidisiúnta Gaelacha ar ndóigh, ach oibríonn an CLG ar son chultúr na hÉireann chomh maith. Tugann siad ardán do na ceoltóirí óga as Ard Aighin ag cluichí móra i bPáirc an Chrócaigh. Chomh maith leis sin eagraíonn siad na comótais "Scór" a chuireann an ceol traidisiúnta chun cinn i measc daoine óga na hÉireann. Bíonn comórtais ar siúl san amhránaíocht, sa cheol uirlise, chomh maith le rince, aithriseroireacht agus grúpaí bailéid.

Le tuilleadh eolais a fháil faoin gceol traidisiúnta téigh ar thuras thart ar na suíomhanna idirlín seo a leanas:
www.pipers.ie
www.irish-music.net/
www.irishtune.info
http://en.wikipedia.org/wiki/Folk_music_of_Ireland

Aonad 7 – Dul Siar

1. Ainmnigh 5 chinéal amhrán Ghaelacha agus tabhair sampla de gach ceann díobh.

2. Cad a thugtar ar amhrán trí Bhéarla agus trí Ghaeilge?

3. Tabhair 5 phointe shuimiúla maidir le hAmhránaíocht ar an Sean-nós.

4. Ainmnigh amhránaí cáiliúil ar an sean-nós agus tabhair cuntas gairid ar a stíl agus ar a saol. (3 phointe).

5. Tarraing léarscáil d'Éirinn agus imlínigh na ceantair Ghaeltachta. Anois cuir ainm d'amhránaí cáiliúil ar an sean-nós ó gach ceantar san áit cheart.

7. Ainmnigh trí chinéal rince Gaelach agus tabhair amchomhartha gach rince.

8. Déan cur síos ar rince Gaelach (3phointe)

9. Ainmnigh an ceantar as a dtagann polcaí agus sleamhnáin.

10. Cad is rince aonair ann?

11. Cad é an nasc idir ceol Gaelach agus rince Gaelach?

12. Tá liosta d'uirlisí a sheinntear i gCeol Gaelach anseo.
    Ainmnigh ceoltóir a sheinneann gach ceann díobh.

    a. An Fheadóg Stáin
    b. An Fheadóg Mhór
    c. An Chruit
    d. An Píb Uilleann
    e. An Bodhrán
    f. An Fhidil
    g. An Bainseó
    h. An Giotár
    i. An Bosca Ceoil
    j. An Maindilín
    k. An Consairtín
    l. Na Cnámha

13. Cérbh é Toirbhealach Ó Cearbhallaín?

14. Cad is plancstaí ann?

15. Ainmnigh an saothar deireanach a chum Ó Cearbhalláin.

16. Mheasc Ó Cearrbhalláin ceol Gaelach le ceol éigin eile. Ainmnigh an ceol sin.

17. Cad a tharla i 1792?

18. Tabhair dhá chúis ar reáchtáladh an fhéile áirithe sin.

19. Ainmnigh dhá chruitire a sheinn ag an bhféile agus déan cur síos orthu.

20. Céard a tharla don chruit tar éis na féile?

21. Tabhair cuntas gairid ar Edward Bunting agus an obair a rinne sé.

22. Cérbh é John Petrie?

23. Roghnaigh Bailitheoir amháin agus tabhair cuntas ar a shaothar. Ainmnigh cnuasach a d'éisigh sé/sí.

24. Roghnaigh grúpa ceoil eile ón méid atá foghlamtha agat, nó grúpa a thaitníonn leat agus dear póstaer eolais mar gheall orthu.

25. Roghnaigh cumadóir ceoil Ghaelaigh a bhfuil dúil agat ann/inti. Tabhair cuntas gairid air/uirthi. Ainmnigh saothar amháin a chum sé/sí. Déan cur síos ar a stíl chumadóireachta.



5.7.2

Seinnfidh do mhúinteoir sliocht duit anois. Éist leis an sliocht agus cuir tic san áit cheart.

- Uigeacht ilfhónach atá anseo __
- Cloisim ornáidiú san amhrán __
- Is amhránaíocht ar an sean-nós é seo __
- Tá grúpa ag canadh anseo __
- Tá armóin le cloisteáil __
- Tá uirlisí ag seinm leis __
- Is ceolchasadh traidisiúnta é seo __
- Measaim gur amhrán brónach é seo __

5.7.3

Éist leis na 5 shliocht seo a leanas agus ainmnigh an cinéal rince atá ann i ngach cás.

1. _____ Amchomhartha: _____
2. _____ Amchomhartha: _____
3. _____ Amchomhartha: _____
4. _____ Amchomhartha: _____
5. _____ Amchomhartha: _____

5.7.4

Éist leis an sliocht seo agus déan liosta de na tréithe Éireannacha a chloiseann tú.

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____

5.7.5 I gcás gach ceann de na frásaí seo thíos:

- Scríobh isteach an t-amchomhartha má tá sé in easnamh.
- Buail amach an rithim.
- Abair cén damhsa gaelach atá ann.
- Buail amach an rithim agus abair na focail chuí leis: “fite fuaite” (ríl), “rithime na farraige” (port), “rithime na farraige goirme” (port luascach).
- Oibrigh amach cén gléas ina bhfuil an frása.
- Scríobh isteach an sólfá tonach faoi gach nóta.
- Can gach frása leis an sólfá tonach.
- Seinn an frása ar aon uirlis.

1. Damhsa: _____



2. Damhsa: _____



3. Damhsa: _____



4. Damhsa: _____



5. Damhsa: _____



6. Damhsa: _____



7. Damhsa: _____

8. Damhsa: _____

9. Damhsa: _____



10. Damhsa: _____



11. Damhsa: _____



12. Damhsa: _____



Caibidil 6: Amhráin Roghnaithe

Clár Ábhair **Leathanach**

Réamhrá:	Cuspóirí an tSiollabais	108
Aonad 1:	Amhráin thraidisiúnta na hÉireann	109
Aonad 2:	Amhráin tíre ó thíortha eile	112
Aonad 3:	Amhráin ealaíne	113
Aonad 4:	Bailéid stairiúla agus nuachumtha	115
Aonad 5:	Amhráin phobail agus spioradálaigh na gciardhuán	116
Aonad 6:	Carúil agus ceol gutha eaglasta	119
Aonad 7:	Amhráin as ceoldrámaí, mioncheoldrámaí, cantáidí, oratóirí agus ceolraí stáitse	122
Aonad 8:	Amhráin ina bhfuil forshéiseanna simplí, *ostinati*, amhráin shimplí dhápháirteacha, rothlaim agus canónacha.	125
Aonad 9:	Cleachtadh – Athdhéanamh	127

Réamhrá – Cuspóirí an tSiollabais

Amhráin Roghnaithe

Beidh ar iarrthóirí dhá amhrán déag breise (anuas ar na hamhráin dualgais) mar íosmhéid a roghnú le staidéar speisialta a dhéanamh orthu.

Ní mór ceann amháin, ar a laghad ach gan thar cúig cinn mar uasmhéid, a roghnú as gach aon cheann de na catagóirí a leagtar síos.

I ngach cás, ba chóir eolas ábhartha faoina gcúlra a chur ar fáil mar aon le réamheolas faoi gach aon cheann de chatagóirí na n-amhrán, a saintréithe agus a n-éagsúlachtaí.

Seo a leanas na catagóirí amhrán:

- Amhráin thraidisiúnta na hÉireann i mBéarla nó i nGaeilge, le tionlacan nó gan tionlacan agus arna chóiriú ag cumadóirí nua-aoiseacha Éireannacha san áireamh;
- Amhráin tíre ó thíortha eile agus iad sa leagan bunaidh nó aistrithe;
- Amhráin ealaíne arna gcumadh ag mórmháistrí agus ag cumadóirí aitheanta de chuid an fichiú haois;
- Bailéid stairiúla agus bailéid nuachumtha;
- Amhráin phobail agus spioradálaigh na gciardhuán, amhráin snagcheoil agus “blues” san áireamh;
- Carúil agus ceol gutha eaglasta, le tionlacan nó gan tionlacan;
- Amhráin as ceoldrámaí, mion-cheoldrámaí, cantáideanna, oratóirí agus ceolraí stáitse;
- Amhráin ina bhfuil forshéiseanna simplí, *ostinati*, amhráin shimplí dhápháirteacha, rothlaim agus canónacha.

Nóta don mhúinteoir:
Fágtar faoin múinteoir amhrán a roghnú agus an ceol a thabhairt don dalta sa chaibidil seo. Tugtar eolas cúlra faoin rannóg, agus cleachtaí don dalta. Is féidir teacht ar nótaí nó scór de cheol nach bhfuil cóipcheart air ar na suíomhanna www.8notes.com nó www.cpdl.org

Aonad 1 – Amhráin Thraidisiúnta na hÉireann

Cuireadh na hamhráin Ghaelacha ar aghaidh ó bhéal. Sna hamhráin seo tá scéalta faoi shaol daoine, eolas ar an tsochaí, ar an stair agus ar an gcultúr. Tá oidhreacht shaibhir againn sa tír seo ó thaobh amhrán de toisc shaol sóisialta na ndaoine.
Nuair a bhailíodh an pobal le chéile, chloisidís scéalta sna hamhráin faoi eachtraí a bhí ag tarlú. Cloistear amhráin thraidisiúnta na hÉireann i nGaeilge nó i mBéarla agus uaireanta bíonn idir Ghaeilge agus Bhéarla iontu. Tugtar amhrán macarónach ar amhrán a bhfuil an dá theanga ann.
Tá cineálacha éagsúla amhrán ann. Tá siad luaite anseo agus tá cur síos iomlán orthu i gcaibidil 5. Geantraí; amhráin oibre; goltraí; amhráin eaglasta agus carúil; amhráin thírghrá; suantraí; amhráin ghrinn; amhráin óil.

Tréithe Amhráin Tíre

- Ciallaíonn amhráin tíre nó amhráin na ndaoine amhráin a thagann anuas ó ghlúin go glúin.
- Is amhráin shimplí iad.
- Bíonn buille rialta acu.
- Bíonn fonn deas simplí acu.
- Go minic bíonn véarsa agus curfá i ndiaidh a chéile, bíonn an curfá ann chun go mbeadh gach duine ábalta an t-amhrán a chanadh le chéile.
- Seo a leanas na téamaí is coitianta: grá damhsa, obair, amhráin do pháistí, téamaí brónacha, an bás, scéalta na ndaoine.
- Ní fios cé chum na hamhráin seo.
- Go minic bíonn leaganacha éagsúla ann.
- Foclóir simplí a bhíonn i gceist, a chuireann síos ar ghnátheachtraí an tsaoil.
- Ní bhíonn aon tionlacan ann (cosúil leis an sean-nós).
- D'fhéadfaí go mbeadh an 7ú nóta maolaithe sna hamhráin thraidisiúnta.
- Is minic go mbíonn an ceol bunaithe ar scála mantach (scála a bhfuil nótaí fágtha ar lár ann) nó scála peantatónach (scála nach bhfuil ann ach cúig nóta)
- Go minic bíonn an ceol traidisiúnta i mód – bíonn nóta mar só nó lá nó mí mar lárnóta tonúlachta ann.

Aonad 1 Cleachtadh

6.1.1 Ár nAmhráin Roghnaithe:

Ainmnigh Amhrán Gaelach is maith leat _____

Faigh cóip den amhrán seo ón múinteoir agus greamaigh i do chóipleabhar é.

Scag an t-amhrán de réir na gceannteideal seo a leanas agus cuir an t-eolas i do chóipleabhar.

1. **Stair an amhráin.**
2. **Téama/scéal an amhráin.**
3. **Cumadóir an amhráin**
4. **Grúpaí/aonréadaí a chanann an t-amhrán agus cár chuala tú é.**
5. **Tonúlacht**
6. **Amchomhartha**
7. **Meadaracht**
8. **Foirm**
9. **Luas**
10. **Uigeacht**
11. **Tréithe ceoil agus tréithe rithime**

6.1.3 Freagair na ceisteanna thíos

1 Cé chum na hamhráin Ghaelacha?

2. Cén saghas foclóra a mbaintí úsáid as sna hamhráin?

3. An mbíodh foirm shimplí nó chasta acu?

4. An gcantaí iad le tionlacan?

5. Cén nóta den scála a mhaolaítear sna hamhráin thraidisiúnta Ghaelacha?

6. Tá na hamhráin thraidisiúnta Ghaelacha bunaithe ar mhód nó scála peinteatonach / mantach. Mínigh na téarmaí seo:

Mód

_____

_____

Scála

peantatonach_____

_____

Scála mantach

_____

_____

Aonad 2 - Amhráin tíre ó thíortha eile

Tá an cúlra agus na tréithe ceoil céanna ag amhráin tíre ó gach tír ar domhan. Ní fios cé chum iad. Bíonn véarsa agus curfá acu de ghnáth. Bíonn buille buan acu agus bíonn fonn deas acu. Ní scríobhtaí síos na hamhráin seo de ghnáth agus mar sin bhíodh leaganacha éagsúla ann.

Cleachtadh 6.2.1 Ár nAmhráin Roghnaithe:

Ainmnigh Amhrán Tíre ó thír eile is maith leat _____

Faigh cóip den amhrán seo ón múinteoir agus greamaigh i do chóipleabhar é.
Scag an t-amhrán de réir na gceannteideal seo a leanas agus cuir an t-eolas i do chóipleabhar.

1. **Stair an amhráin.**
2. **Téama/scéal an amhráin.**
3. **Cumadóir an amhráin**
4. **Grúpaí/aonréadaí a chanann an t-amhrán agus cár chuala tú é.**
5. **Tonúlacht**
6. **Amchomhartha**
7. **Meadaracht**
8. **Foirm**
9. **Luas**
10. **Uigeacht**
11. **Tréithe ceoil agus tréithe rithime**

Aonad 3 – Amhráin Ealaíne

Amhráin ealaíne arna gcumadh ag mórmháistrí agus ag cumadóirí aitheanta de chuid an fichiú haois

Is éard atá san amhrán ealaíne ná dán curtha le tionlacan ionstraimeach. Bíonn a fhios againn cé hé/hí an cumadóir. Canann an t-amhránaí an t-amhrán seo de réir treoracha atá scríofa síos. De ghnáth is é an pianó an uirlis tionlacain.

Lied

Seo amhrán ealaíne ón nGearmáin. Scríobhtaí an *lied* ó 1800 ar aghaidh. Cumadh é d'amhránaí aonair agus tionlacan pianó. Déanann an tionlacan aithris ar mhothú nó atmaisféar an téacs. Uaireanta d'úsáidtí foirm strófach (an ceol céanna i ngach véarsa) nó tréchumtha (an ceol difriúil tríd síos).

Samplaí d'amhráin ealaíne: Madrigal, Ballet, Amhráin ealaíne an 20ú haois.

Seicheamh –bíonn seicheamh le cloisteáil go minic in amhráin ealaíne.

Le foghlaim

Seicheamh: Móitíf sa cheol (nó pátrún nótaí) a athsheinntear ag airde níos ísle nó níos airde. Bíonn an rithim agus na hidirchéimeanna céanna ann, ach é ag tosú ar nóta difriúil.

Bhí clú agus cáil ar Schubert de bharr na n-amhrán a chum sé. Faigh an t-eolas seo a leanas faoi Franz Schubert:



- Dátaí breithe agus báis
- Tír inar rugadh é
- Trí amhrán a chum sé
- Trí phointe suimiúla faoina shaol.

- Cumadóir eile a mhair ag an am céanna leis agus ar chuir sé aithne air.
- D'fhreastail sé ar shochraid chumadóir cáiliúil sa bhliain 1827 agus d'iompair sé cónra an duine sin. Cérbh é?

Aonad 3 Cleachtadh

6.3.1

Ainmnigh Amhrán Ealaíne is maith leat _____

Faigh cóip den amhrán seo ón múinteoir agus greamaigh i do chóipleabhar é.

Scag an t-amhrán de réir na gceannteideal seo a leanas agus cuir an t-eolas i do chóipleabhar.

1. **Stair an amhráin.**
2. **Téama/scéal an amhráin.**
3. **Cumadóir an amhráin**
4. **Grúpaí/aonréadaí a chanann an t-amhrán agus cár chuala tú é.**
5. **Tonúlacht**
6. **Amchomhartha**
7. **Meadaracht**
8. **Foirm**
9. **Luas**
10. **Uigeacht**
11. **Tréithe ceoil agus tréithe rithime**

Cleachtadh 6.3.2

Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1 Cad is amhrán ealaíne ann? _____

2. Scríobh liosta de 3 dhifríocht idir amhráin tíre agus amhráin ealaíne.

i. _____

ii. _____

iii. _____

Aonad 4 – Bailéid Stairiúla agus Nuachumtha

Amhrán nó dán a léiríonn scéal is ea an bailéad. Ar dtús b'amhrán rince an bailéad. Tagann an focal 'bailéad' ón Laidin 'ballare' (ag damhsa). Léirítear sa bhailéad scéalta polaitiúla, nuachta, staire, ócáidí agus fadhbanna sóisialta.

Gnéithe ceoil an bhailéid

1. Foirm shimplí – strófach nó véarsa agus curfá
2. Uaireanta bíonn na liricí cosúil le comhrá.

Sna seanlaethanta chantaí na bailéid gan tionlacan, ach anois cantar an bailéad le tionlacan giotáir.

Sa lá atá inniu ann baineann amhránaithe úsáid as an mbailéad chun fadhbanna sóisialta a chur faoi bhráid an phobail.

Cleachtadh 6.4.1

Roghnaigh amhránaí agus déan a b(h)ailéad a scagadh faoi na ceannteidil seo a leanas:

Amhránaí _____

Amhrán _____

Cumadóir _____

Téama _____

Ábhar_____

Aois/ré _____

Uirlisí agus tionlacan _____

Tonúlacht _____

Amchomhartha _____

Gnéithe Ceoil _____

Foirm _____

Cleachtadh 6.4.2

Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Tabhair sainmhíniú ar bhailéad.
2. Cad as a d'fhorbair an bailéad ar dtús?
3. Cén téamaí a léirítear iontu?
4. Cén saghas foirme a bhíonn iontu go hiondúil?
5. Tabhair pointe amháin eolais maidir le bailéid nua-aimseartha.

Aonad 5 - Amhráin phobail agus spioradálaigh na gciardhuán

Amhráin spioradálaigh na gciardhuán

Amhrán eaglasta is ea an t-amhrán spioradálaigh. Chan na sclábhaithe gorma na hamhráin seo agus iad sna plandálacha i Meiriceá Theas. Is ón mBíobla a thagann na focail, mar shampla *Go Down Moses, Deep River* agus *Swing Low Sweet Chariot.* Bíonn rithim shioncóipithe faoi leith acu agus is minic a bhunaítear an ceol ar scála mantach nó scála peantatónach. Bíonn véarsa agus curfá acu, léirítear mothúcháin láidre agus iad á gcanadh agus glacann an pobal páirt le fonn. Uaireanta tubchumtar cuid de na línte.

Snagcheol agus amhráin ghormacha ("blues")

D'eascair an snagcheol ó amhráin oibre, spioradálaigh agus 'gormacha' na ndaoine gorma. Bhí siad i ngéibheann i Meiriceá agus ag fulaingt mar sclábhaithe, ach in ainneoin sin choinnigh siad buille agus croí cheol na hAfraice. Léirigh na gormacha an saol crua, lán tuirse agus brón. Bunaítear na 'gormacha' ar amhráin oibre. Bhí séis shuntasach iontu de bharr na nótaí gormacha (an tríú agus an seachtú nóta maolaithe). D'fhás agus d'fhorbair na gormacha go dtí go raibh stíl nua cheoil ann – Popcheol.

Amhráin rac agus pop

Sna caogaidí bhí borradh ar leith faoi rac agus ról i Meiriceá. Ba é *Rock around the Clock* le Bill Haley and The Comets ceann de na chéad rac-amhráin. Den chéad uair riamh bhí an ceol dírithe ar dhaoine óga, daoine le hairgead a chaitheamh. Bhí rac agus ról bunaithe ar scála "gorm" le pátrún cordaí 12 bharra agus chan Elvis Presley i stíl na ngormacha. Scríobh Chuck Berry liricí mar gheall ar shaol an duine óig.

D'athraigh na Beatles fuaim an phopcheoil sna seascaidí. Mheasc siadsan rac agus ról, na gormacha agus ceol tíre. I rith na tréimhse céanna bhí Bob Dylan, Joan Baez agus Ralph McTell ag canadh faoi fhadhbanna sóisialta agus faoi chogadh. Scríobh siad i stíl

shioncóipithe tíre. D'fhorbair grúpaí cosúil le Simon and Garfunkel a stíl tíre féin. Diaidh ar ndiaidh d'fhás agus d'fhorbair an ceol ar bhealaí éagsúla agus cruthaíodh seánraí nua – rac foréigneach, Reggae, ska, punc agus func.

Cleachtadh 6.5.1

Freagair na ceisteanna seo a leanas

1. Cad as a dtagann na focail i gceol spioradálaigh na ndaoine gorma?

   _____

   _____

2. Ainmnigh 3 amhrán spioradálaigh na ndaoine gorma.

   i. _____

   ii. _____

   iii. _____

3. Cén saghas rithime a bhíonn ag na hamhráin spioradálaigh? Déan cur síos ar an rithim sin.

   _____

   _____

4. Cén scála ar an mbunaítear na hamhráin spioradálaigh? _____

5. Cad as a d'eascair an snagcheol?

_____

_____

6. Cad iad na hábhair a bhíonn á léiriú ag na gormacha?

   _____

   _____

7. Cad iad na 'nótaí gorma'? _____

8. Cathain a thosaigh rac agus ról? _____

9. Ainmnigh grúpa amháin cáiliúil rac agus ról a bhí i réim sna caogaidí.

   _____

10. Cén fhorbairt a tháinig ar an gceol sna seascaidí?

6.5.2

Déan taighde ar The Beatles. Freagair na ceisteanna seo a leanas.

1. Cad as dóibh? _____
2. Cathain a thosaigh an grúpa? _____
3. Cén saghas ceoil a sheinn siad? _____
4. Ainmnigh na daoine sa ghrúpa. _____
5. Ainmnigh na huirlisí a sheinn siad. _____
6. Ainmnigh amhrán cáiliúil amháin a chan siad. _____
7. Faigh grianghraf den ghrúpa.

Anois roghnaigh an t-amhrán is fearr leat a chan The Beatles (nó amhrán eile sa rannóg seo) agus scag é faoi na catagóirí seo a leanas.

Amhrán:

Cumadóir:

Gléas:

Amchomhartha:

Fonn (ábhar):

Foirm:

Uirlisí agus tionlacan:

Gnéithe ceoil:



Aonad 6 - Carúil agus ceol gutha eaglasta

Carúl

Seo amhrán eaglasta a chantar i rith na Nollag. Ba rince rothlach le ceol tionlacain é sna meánaoiseanna. Níos déanaí d'fhorbair an carúl a léiríonn scéal an linbh Íosa.

Cantaireacht Eaglasta

Cantaireacht eaglasta an chéad cheol a scríobhtaí síos i lámhscríbhinn. Is ceol eaglasta é a úsáidtear mar phaidir in eaglaisí agus mainistreacha. Cantar é gan tionlacan i Laidin. Níl ach séis amháin á canadh agus is uigeacht mhonafónach atá i gceist. Ní bhíonn cantaireacht eaglasta i mórghléas ná i mionghléas. Is sna seanmhóid Ghréagóracha a bhíonn siad. Tugtar cantaireacht eaglasta Ghréagórach air toisc gur bhailigh an Pápa Gréagór an ceol seo sa 6ú haois. Níor scríobhadh síos an ceol go dtí 900AD. Is ar 4 líne le nótaí cearnógacha a scríobhtaí cantaireacht eaglasta i dtosach. Tugtar neoim ar na nótaí sin.
Ní bhíonn amchomhartha ag cantaireacht eaglasta – tagann an rithim ó na focail. D'fhéadfadh cantaireacht eaglasta bheith siollach nó meiliosmatach.

Le foghlaim

Séis shiollach – tugtar nóta/buille amháin do gach siolla

Séis mheiliosmatach - tugtar níos mó ná nóta amháin do gach siolla.

Aonad 6 – Cleachtadh

6.6.1

Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad is cantaireacht eaglasta ann? _____
2. Cén fáth a dtugtar cantaireacht Ghréagórach air chomh maith?

   _____

3. Cén uigeacht a bhíonn sa chantaireacht eaglasta? _____
4. Cén teanga ina gcantar cantaireacht eaglasta? _____
5. Déan liosta de 3 dhifríocht idir cliathnodaireacht na cantaireacht eaglasta agus cliathnodaireacht sa lá atá inniu ann.

   i. _____

   ii. _____

   iii. _____

6. Mínigh an focal ‘siollach’.

   _____

7. Mínigh an focal ‘meiliosma’.

   _____

8. Cad as a dtagann an rithim i gcantaireacht eaglasta? _____
9. Tabhair sampla amháin de chantaireacht eaglasta. _____
10. Tá trí théarma ar an gcantaireacht eaglasta. Liostaigh iad:

    i. _____

    ii. _____

    iii. _____

11. Tabhair pointe amháin eolais faoin tséis sa réchantaireacht:

_____

12. Tabhair pointe amháin eolais faoin rithim sa réchantaireacht:

_____

6.6.2

Ár nAmhráin Roghnaithe

Ainmnigh Amhrán Eaglasta nó Carúl is maith leat _____

Faigh cóip den amhrán seo ón múinteoir agus greamaigh i do chóipleabhar é.

Scag an t-amhrán de réir na gceannteideal seo a leanas agus cuir an t-eolas i do chóipleabhar.

1. **Stair an amhráin.**
2. **Téama/scéal an amhráin.**
3. **Cumadóir an amhráin**
4. **Grúpaí/aonréadaí a chanann an t-amhrán agus cár chuala tú é.**
5. **Tonúlacht**
6. **Amchomhartha**
7. **Meadaracht**
8. **Foirm**
9. **Luas**
10. **Uigeacht**



Aonad 7 - Amhráin as ceoldrámaí, mioncheoldrámaí, cantáidí, oratóirí agus ceolraí stáitse

Ceoldráma

Amhránaithe: Soprán, Alt, Teanór, Dord.

Bíonn 3 roinn sa cheoldráma: an t-aonréadaí, an cór agus an cheolfhoireann. Thosaigh an ceoldráma i 1600 san Iodáil. Bhí dream ag déanamh aithrise ar na seandrámaí Gréagacha. Ba é Monteverdi an chéad sárchumadóir ceoldrámaí. Scríobh sé mar gheall ar na seanscéalta Gréagacha. Bhí trí stíl canta sa cheoldráma – ceolreacaireacht, áiria agus canadh an chóir.

Le foghlaim

Ceolreacaireacht – séis le líne amháin ina n-insíonn an t-aisteoir an scéal (canta i stíl chainte).

Áiria – amhrán casta in dhá nó trí pháirt. Taispeánann an t-aonréadaí a c(h)umas anseo le hornáidiú agus léimeanna móra idir nótaí.

Canadh an chóir – insíonn an cór eachtraí an stáitse.

Mioncheoldráma

Tá sé seo cosúil le ceoldráma ach níos éadroime ó thaobh an cheoil de agus ó thaobh ábhar de. Deirtear gurb é Offenbach an chéad duine a scríobh mioncheoldráma. An ceann is cáiliúla a chum sé ná “Orphée aux enfers” (1858). Ba iad Gilbert & Sullivan an bheirt ba cháiliúla a chum mioncheoldrámaí i mBéarla. “The Pirates of Penzance” ceann acu sin.

Ceolraí Stáitse

D’fhás an ceolra stáitse as an mioncheoldráma. Bíonn meascán de chanadh agus de chaint sna mioncheoldrámaí. Úsáidtear stíl nua-aimseartha le ceol leictreach agus éifeachtaí speisialta. Is é Andrew Lloyd Webber duine de shárchumadóirí mioncheoldrámaí na linne seo. Samplaí: Les Miserables; Phantom of the Opera; The Sound of Music.

Oratóir

Cuirtear ceol le téacs eaglasta san oratóir. Bíonn aonréadaí, cór agus ceolfhoireann ann, ach ní bhíonn culaithe ná láithreán ann. Is é an t-oratóir is cailliúna ná an *Messiah* a chum Handel. Seinneadh é seo den chéad uair riamh i mBaile Átha Cliath.

Cantáid

Is cosúil le horatóir gairid í an chantáid, le haonréadaí, cór agus ceolfhoireann. Tagann an focal ón Iodáilis 'cantara' (canadh). Ní bhíonn ábhair eaglasta i gceist i ngach cantáid. Chum J.S. Bach a lán cantáidí.

Sampla de mhion-cheoldráma roghnaithe - Les Miserables

Cúlra

Chum Claude Michel Schonberg agus Alain Boublil an mioncheoldráma seo. D'oscail sé i 1980 sa Palais des Sports i bPáras. D'aistrigh an léiritheoir Cameron Mackintosh é go Béarla sa bhliain 1982. D'oscail sé ar Broadway i 1987. Bhuaigh *Les Miserable* 8 nGradam Tony.

Cleachtadh 6.7.1

Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Ainmnigh na páirteanna atá i gcór.
2. Cad is brí le ceolreacaireacht?
3. Mínigh an téarma áiria.
4. Ainmnigh dhá dhifear idir ceoldráma agus mioncheoldráma.
5. Tabhair sampla de mhioncheoldráma atá feicthe agat.
6. Mínigh an focal "oratóir".
7. Cad is brí le "cantáid".
8. Ainmnigh cumadóir amháin a bhain cáil amach mar gheall ar na cantáidí a scríobh sé.

Aonad 7 Cleachtadh

6.7.2

Scríobh síos an t-eolas seo a leanas i do chóipleabhar mar gheall ar d'amhrán roghnaithe.

1. **Ainmnigh na príomhphearsana sa mhion-cheoldráma.**

2. **Cén tír ina bhfuil sé suite?**

3. **Cad é an scéal?**



4. **Roghnaigh an t-amhrán is fearr leat.**

5. **Cé a chanann é?**

6. **An soprán, alt, teanór nó dord é/í?**

7. **Cén gléas ina bhfuil an t-amhrán?**

8. **Cén t-amchomhartha atá in úsáid?**

9. **Cad iad na huirlisí tionlacain?**

10. **Ainmnigh na gnéithe ceoil.**

Aonad 8: Amhráin ina bhfuil forshéiseanna simplí, *ostinati*, amhráin shimplí dhápháirteacha, rothlaim agus canónacha.

Forshéis

Séis eile thar an bpríomhshéis. D'fhéadfadh an fhorshéis a bheith i véarsaí eile chun níos mó suime a chothú in amhrán. Tharla sé seo go minic le móitéiteanna na meánaoiseanna.

Ostinato

Pátrún nó idé cheoil a athsheinntear arís agus arís tríd an amhrán. D'fhéadfadh an pátrún seo bheith séiseach, rithimeach nó armónach. Mar shampla *Take Five* le John Brubeck.

Amhrán Dhápháirteach

Amhrán le haghaidh dhá ghuth. Bhíonn an tséis sa pháirt is airde de ghnáth.

Canóin

Amhrán ina ndéantar aithris ar an tséis ag fad agus idirchéim faoi leith. Bíonn dhá nó níos mó ná dhá ghuth ag canadh. Bíonn críoch dhaingean ag an gcanóin. Cruthaíonn an aithris seo uigeacht ilfhónach.

Rothlam

Canóin shimplí i gcomhair dhá ghuth nó níos mó, níl críoch dhaingean leis an gceol, mar shampla *Frère Jacques, Row Row Row your Boat, Three Blind Mice.*

Aonad 8 – Cleachtadh

6.8.1 Ár nAmhráin Roghnaithe:

Ainmnigh an chanóin atá roghnaithe ag do rang _____
Faigh cóip den amhrán seo ón múinteoir agus greamaigh i do chóipleabhar é.
Scag an t-amhrán de réir na gceannteideal seo a leanas agus cuir an t-eolas i do chóipleabhar.

1. **Stair an amhráin.**
2. **Téama/scéal an amhráin.**
3. **Cumadóir an amhráin**
4. **Grúpaí/aonréadaí a chanann an t-amhrán agus cár chuala tú é.**
5. **Tonúlacht**
6. **Amchomhartha**
7. **Meadaracht**
8. **Foirm**
9. **Luas**
10. **Uigeacht**
11. **Tréithe ceoil agus tréithe rithime**

Cleachtadh 6.8.2

Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad is brí le forshéis?
2. Mínigh an téarma ostinato.
3. Tabhair sampla de phíosa ceoil ina bhfuil ostinato le fáil.
4. Cad is brí le canóin?
5. Mínigh cad is brí le rothlam.
6. Tabhair sampla de rothlam atá ar eolas agat.

Aonad 9 - Athdhéanamh

6.9.1: Le líonadh isteach:

Catagóir	Amhráin Roghnaithe	Gné Cheoil 1	Gné Cheoil 2

6.9.2 Mínigh na focail seo a leanas:

Amchomhartha: _____

Luas: _____

Uigeacht: _____

Uigeacht Homafónach: _____

Sioncóipiú: _____

Rothlam: _____

Amhrán Tíre: _____

Cantaireacht Eaglasta: _____

Ceoldráma: _____

Gléaschomhartha: _____

Foirm: _____

Uigeacht Mhonafónach: _____

Uigeacht Ilfhónach: _____

Ornáidiú: _____

Bailéad: _____

Amhrán Ealaíne: _____

Carúl: _____

Ostinato: _____

Seicheamh: _____

Aonréadaí: _____

Cór: _____

Ostinato: _____

Oratóir: _____

Canóin: _____

Amhrán macarónach: _____

Suantraí: _____

Scála peantatónach: _____

Scála mantach: _____

Tionlacan: _____

Cumadóir: _____

Forshéis: _____

Ceolra stáitse: _____

Mioncheoldráma: _____

Meiliosma: _____

Snagcheol: _____

Amhráin ghormacha: _____

Foirm strófach: _____

Lied: _____

6.9.3 Cleachtaí Amharc Léimh

Amharc ar na cleachtaí thíos. Tá frása ceithre bharra i ngach ceann acu.

1. Oibrigh amach ón ngléaschomhartha cén gléas ina bhfuil na frásaí.
2. Scríobh amach an scála sa ghléas sin anseo agus scríobh isteach an sólfá tonach faoi gach nóta sa scála sin.



3. Scríobh isteach an sólfá tonach faoi gach nóta sna frásaí seo a leanas.
4. Buail amach rithim gach frása.
5. Can gach ceann acu ag baint úsáide as an sólfá tonach.
6. Déan iarracht iad a sheinm ar an bpianó chomh maith.



Caibidil 7 – Saothair Roghnaithe

Clár Ábhair

		Leathanach
Réamhrá:	Cuspóirí an tSiollabais	132
Aonad 1:	Gluaiseachtaí Damhsa	133
	Cleachtadh	134
Aonad 2:	Saothar Ceolfhoirneach le Gnéithe Coitianta nó Gaelacha	135
	Cleachtadh	137
Aonad 3:	Téama agus Breachnuithe	138
	Cleachtadh	139
Aonad 4:	Ceol Uirlise agus Ceol Gutha le Tionlacan Ceolfhoirne	140
	Cleachtadh	141
Aonad 5:	Ceol léiritheach agus Ceol Scannáin	142
	Cleachtadh	144
Aonad 6:	Réamhcheolta Réamhdhréachtaí & Intermezzi	145
	Cleachtadh	146
Aonad 7:	Cleachtadh	147

Réamhrá – Cuspóirí an tSiollabais

Saothair Roghnaithe

Beidh ar iarrthóirí a léiriú go bhfuil taithí acu ar shaothar amháin ar a laghad as gach aon cheann de na catagóirí cuí a leagtar síos. Ní liostáiltear ach amháin saothair a mholtar in Aguisín H agus is ceadmhach d'iarrthóirí saothair eile a roghnú ar chuntar go sásaíonn siad na riachtanais a bhaineann leis na catagóirí cuí a leagtar síos.

(a) Gluaiseachtaí ceoil damhsa atá feidhmiúil nó neamhfheidhmiúil, bailé san áireamh, gluaiseachtaí as sraitheanna clasaiceacha damhsaí de chuid an 18ú haois, gluaiseachtaí siansacha damhsaí, nó ceol i leagan pobail, nó as cnuasach traidisiúnta, eitneach nó luath;

(b) Gluaiseacht amháin as ceachtar acu seo a leanas: siansa clasaiceach nó sraith shiansach, nó saothar ar bith ceolfhoirne a bhaineann leas as eilimintí de cheol traidisiúnta na hÉireann nó de cheol atá i mbéal an phobail;

(c) Téama agus breachnuithe sna cnuasaigh chlasaiceacha nó Éireannacha, nó gluaiseacht snagcheoil;

(d) Gluaiseacht ina bhfuil aonréadaí uirlise nó gutha, nó buíon d'aonréadaithe nó cór ag imoibriú le *ensemble* tionlacain;

(e) Ceol léiritheach nó ceol scannáin;

(f) Réamhcheolta ceolchoirme, nó réamhcheolta, réamhdhreachtaí uirlise nó *intermezzi* as ceolraí stáitse, drámaí, ceoldrámaí, mion-cheoldrámaí nó oratóirí.

Éileofar freisin eolas ábhartha faoi chúlra na saothar taifeadta dualgais agus roghnach, agus faoi chúlra a gcumadóirí chomh maith le heolas faoi bhunús agus faoi ghnéithe na ngnáthfhoirmeacha ceolfhoirne.

Nóta don mhúinteoir:
Déantar cur síos ar phíosa ceoil amháin i ngach rannóg anseo thíos. Is féidir teacht ar shamplaí eile de cheol uirlise nach bhfuil cóipcheart orthu ar an suíomh www.imslp.org agus is féidir teacht ar an gceol seinnte ar www.youtube.com.

Aonad 1: Gluaiseachtaí Damhsa

Ar dtús nuair a tosaíodh ar cheol damhsa a chumadh bhí sé ann don damhsa amháin – mura mbeadh daoine ag damhsa ní sheinnfí an ceol seo. Bhí an ceol feidhmiúil dá bharr. Nuair a tháinig ceirníní, ámh, thosaigh daoine ag éisteacht leis an gceol damhsa leis féin agus mar sin thosaigh cumadóirí ag cumadh ceol damhsa nach raibh i gceist acu go mbeadh damhsa leis. Dá bharr sin, bhí an ceol damhsa seo neamhfheidhmiúil.

Sraith Damhsa: San 18ú haois tháinig an tsraith dhamhsa chun tosaigh. Bailiúcháin de dhamhsaí éagsúla sa ghléas céanna a bhí ann, agus ba iad an Allemande, Courante, Sarabande agus Gigue na cinn ba thábhachtaí. Ceol neamhfheidhmiúil a bhí ann.

Go minic scríobhtar ceol damhsa le haghaidh bailé. Is ceol feidhmiúil é seo mar go bhfuil an damhsa i gcroílár an cheoil. Go minic, ámh, cuirtear sraith le chéile déanta suas de cheol as an mbailé agus is féidir an ceol a sheinm ag ceolchoirmeacha. Is ceol neamhfheidhmiúil é seo. Sampla: *Rodeo* le Copland.

Is féidir freisin ceol traidisiúnta a thógáil agus ceol nó sraith a bhunú air – mar shampla 'Tabhair dom do Lámh' le Seán Ó Riada.

Le Foghlaim

Ceol Damhsa Feidhmiúil – Ceol damhsa a chumtar don damhsa amháin

Ceol Damhsa Neamhfheidhmiúil – Ceol damhsa a chumtar don éisteacht amháin

Sampla de Ghluaiseacht Dhamhsa:
Dance of the Sugar Plum Fairy

Cumadóir: Peter Tchaikovsky

Uirlisí: TU; Celesta, GU. Seinntear na TU pizzicato an chéad uair. Déanann sé seo an ceol an-éadrom.

Gléas: E mion.

Tonúlacht: mion.

Amchomhartha: 2/4

Rithim: 2/4. Mar gur damhsa é tá an rithim an-tábhachtach. Rithim éadrom bhríomhar, seinnte *staccato*, díreach in am gan aon *rubato*. Tá an-chuid nótaí tapa go háirithe sula bhfilleann A1, cruthaíonn siad seo atmaisféar draíochta.
Foirm: A B A1

A: Tosaíonn an ceol le 4 bharra d'intreoir le TU seinnte *pizzicato*. Ansin tagann cuid A isteach. Seinneann an celesta an tséis, le freagraí ísle ón dordchláirnéad agus ón gcláirnéid. Seinneann na TU pizzicato sa chúlra mar thionlacan.

B: Tá an chuid seo cosúil le comhrá idir an TU (seinnte *arco* anois) agus an cor anglais, leis an celesta ag seinm chomh maith. Roimh dheireadh na coda seo seinneann an celesta nótaí an-tapa leis féin rud a thugann atmaisféar draíochta don cheol.

A1: An t-am seo seinneann an celesta an tséis chéanna ach ochtach níos airde. Seinneann na TU an tionlacan ach *arco* in ionad *pizzicato*. Tagann an chláirnéid isteach arís, athsheinntear an tséis agus stopann an ceol go tobann.

Stíl: Clasaiceach

Séis: Réimse cúng sa tséis ann féin, ach réimse leathan mar gheall ar an gcodarsnacht idir nótaí arda ar an celesta agus nótaí ísle ar an gcláirnéid. Nótaí crómatacha in úsáid sa phríomhshéis i gcuid A.

Uigeacht: Homafónach. Fuaim an-éadrom cuid mhaith den am, ach le codarsnacht ó na nótaí ísle ar na GU. Tá an celesta chun tosaigh sa cheol seo. Tá sé cosúil le pianó ar an taobh amuigh ach taobh istigh in ionad sreang tá barraí cruaigh (steel) agus tugann siad seo fuaim cosúil le cloigíní don uirlis.

Mothú*:* Éadrom, cosúil le sióg, greannmhar le codarsnacht idir celesta agus GU ísle.

Cleachtadh 7.1.1

Ár Saothar Roghnaithe:

Ainmnigh Gluaiseacht Rince is maith leat _____

Faigh cóip den saothar seo ón múinteoir agus greamaigh i do chóipleabhar é.
Scag an saothar de réir na gceannteideal seo a leanas agus cuir an t-eolas i do chóipleabhar.

12. Cumadóir an tsaothair

13. Uirlisí

14. Gléas

15. Tonúlacht

16. Amchomhartha

17. Rithim

18. Foirm

19. Stíl

20. Séis

21. Uigeacht

22. Mothú

Aonad 2: Saothar Ceolfhoirneach le Gnéithe Coitianta nó Gaelacha

I rith an tréimhse Barócach – idir na bliana 1600 agus 1750 – tháinig foirmiúlacht isteach sna grúpaí ceoil a seinneadh ceol. Thosaigh cumadóirí ag cumadh ceoil do ghrúpa cinnte d'uirlisí. San am a chuaigh roimhe seo ba annamh a shonraigh na cumadóirí cén uirlisí a bhíodh i gceist sa cheol. Is as an nós seo a d'fhás an cheolfhoireann. Faoin tréimhse clasaiceach (c. 1730 – 1820) bhí an cheolfhoireann socraithe mar atá sé inniu – na téaduirlisí, na gaothuirlisí, na gaothuirlisí práis agus na cnaguirlisí. Mar go raibh an grúpa aitheanta seo ann, ba mhinic a chum cumadóirí ceol go speisialta don cheolfhoireann.

Ba é an siansa ceann de na foirmeacha ba choitianta a d'úsáidtí i saothair don cheolfhoireann. Bhí ceithre roinn ann – gluaiseacht a thugtar ar gach ceann acu – iad seinnte go tapaidh, go mall, mar dhamhsa agus go tapaidh, faoi seach.

Bhíodh sraith dhamhsaí an-choitianta sa tréimhse Barócach mar atá ráite thuas. Tháinig an tsraith shiansach chun cinn sa tréimhse clasaiceach, é bunaithe ar an bprionsabal céanna leis an tsraith damhsa, 'sé sin bailiúchán nó grúpa de ghluaiseachtaí éagsúla bailithe le chéile. Bhí téama comónta i gceist sa tsraith shiansach chomh maith, ach is minic a bhíodh sé bunaithe ar scéal nó pictiúr, nó mothú éigin seachas iad uilig a bheith sa ghléas céanna.

In Éirinn cé nach mbíodh an cheolfhoireann coitianta go dtí cúpla céad bliain ó shin, seinneann an cheolfhoireann saothair a úsáideann ceol traidisiúnta uaireanta. Is féidir linn samplaí de seo a chloisteáil sa saothar "Mise Éire" le Seán Ó Riada, Riverdance le Bill Whelan agus baineann 'The Brendan Voyage' le Shaun Davey úsáid as an bpíb uilleann agus séiseanna bunaithe ar fhonn rince Gaelach. Baineann siansa uimhir 1, gluaiseacht 3 le Mahler úsáid as 'Frère Jaques'.

Sampla de Shaothar Ceolfhoirneach le Gnéithe Coitianta:
Fantasia On Greensleeves (Ralph Vaughan Williams: 1872-1958)



Rinne Vaughan Williams grinnstaidéar ar amhráin tíre Shasana. B'aoibhinn leis na hamhráin seo agus mar sin bhain sé úsáid astu ina chuid saothar. Bhunaigh sé an saothar 'Fantasia On Greensleeves' ar dhá amhrán Shasanacha: Greensleeves agus Lovely Joan. Chóirigh Ralph Greaves an fantaise seo sa bhliain 1934.

Séis: Tá dhá amhrán tíre ó Shasana le cloisteáil: (a) Greensleeves (b) Lovely Joan. Gluaiseann an dá cheann céim ar chéim don chuid is mó, tá siad simplí agus bunaithe ar fhrásaí ceithre bharra. Níl réimse leathan ag ceachtar den dá shéis, ach seinneann na huirlisí forshéiseanna bunaithe orthu leis an gceol a mhaisiú agus fágann sé seo réimse níos leithne ag an gceol.

Rithim: Níl an oiread sin tábhacht ag baint leis an rithim sa saothar seo mar go bhfuil an tséis i bhfad níos tábhachtaí. Ní sheasann sé amach agus is ceol tréadach é dá bharr.

Uigeacht: Homafónach sa chéad chuid, cuntraphointeach sa dara cuid, agus homafónach arís in A1.

Stíl: Simplí le tionchar ón gceol tíre sna séiseanna, agus ón gceol clasaiceach leis na huirlisí.

Mothú: Tá mothú suaimhneach sa chéad chuid agus nuair a thagann sé ar ais ag an deireadh. Éiríonn an píosa sa lár níos bríomhaire.

Uirlisí: Scórtha do théada, do dhá fhliúit agus don chruit.
Seinntear na téada i dtrí stíl dhifriúla:

a. Arco – leis an mbogha

b. Pizzicato – ag stoitheadh na dtéad

c. Tremolo – creathán

Foirm: Trénártha (A B A1)
A: Tagann líne shéise síos ar an bhfeadóg mhór isteach mar intreoir don phríomhshéis: Greensleeves. Seo an leagan cáiliúil den amhrán tíre. Tugann an chruit tionlacan cordúil, agus seinneann na téaduirlisí arda *tremolo* os cionn na séise.
B: Lovely Joan – Mód ré. Is amhrán tíre eile ó Shasana é an t-amhrán Lovely Joan. Seinntear anseo é ar an dá fheadóg mhór le huigeacht chuntraphointeach.
A1: Greensleeves – Rithim phoncaithe. Críochnaíonn an saothar go ciúin, séimh.

Le Foghlaim

Siansa: Píosa ceoil le ceithre ghluaiseacht (tapaidh, mall, damhsa, tapaidh) seinnte ag an gceolfhoireann.

Sraith Shiansach: Grúpa de ghluaiseachtaí le téama i gcoitinne eatarthu, seinnte ag an gceolfhoireann.

Fantaise: Saothar le foirm shaor atá bunaithe ar 'théama' (fonn/séis) atá ann. Tá an phríomhthábhacht ag baint le samhlaíocht an chumadóra. Ní ghlacann an fhoirm ach mionpháirt sa saothar.

Cleachtadh 7.2.1

Ár Saothar Roghnaithe:

Ainmnigh Saothar Ceolfhoirneach le Gnéithe Coitianta nó Gaelacha is maith leat:

Faigh cóip den saothar seo ón múinteoir agus greamaigh i do chóipleabhar é. Scag an saothar de réir na gceannteideal seo a leanas agus cuir an t-eolas i do chóipleabhar.

1. **Cumadóir an tsaothair**
2. **Uirlisí**
3. **Gléas**
4. **Tonúlacht**
5. **Amchomhartha**
6. **Rithim**
7. **Foirm**
8. **Stíl**
9. **Séis**
10. **Uigeacht**
11. **Mothú**

Aonad 3 – Téama agus Breachnuithe

Ceann de na foirmeacha is sine is ea Téama agus Breachnuithe sa cheol. Thosaigh sé sa 16ú haois. Tá go leor bealaí inar féidir an ceol a athrú le breachnú a dhéanamh.

1. Ornáidíocht sa tséis
2. Luas an cheoil a athrú
3. Amchomhartha (méadar) a athrú
4. Comhcheol nó cordaí a athrú
5. Tonúlacht a athrú ó mhór go mion nó a mhalairt
6. Cuntrashéis a chur leis an gceol
7. An uigeacht a athrú trí chanóin a chur leis an tséis
8. Rithim an cheoil a athrú
9. An tséis a sheinm bunoscionn
10. Uirlisí a athrú.

Le Foghlaim
Téama agus Breachnuithe: Séis a sheinntear gan athrú ar dtús agus ansin le hathruithe difriúla le héagsúlacht a chur sa cheol.

Sampla de Théama agus Breachnuithe
Bolero le Maurice Ravel (1875-1937)

Cúlra: Bhí Ravel ag iarraidh ceol a chumadh do bhailé i stíl Spáinneach. Tugadh Bolero ar an mbailé cé nach raibh sé cosúil leis an damhsa Spáinneach dar teideal Bolero. Bhunaigh sé an ceol ar théama simplí a athsheinntear go mion minic tríd an bpíosa, tá crescendo mór fada amháin tríd an bpíosa ar fad go dtí an deireadh.

Séis: Tá an tséis briste suas ina dhá chuid. Bogann an chéad chuid céim ar chéim i gcónaí. Tá réimse cúng aige. Tosaíonn sé ar *dó* agus críochnaíonn ar *só*. Bogann an dara leath céim ar chéim den chuid is mó. Tá nótaí nach bhfuil i ngléas C sa chuid seo.

Rithim: 3/4 an rithim leanúnach tríd an bpíosa ar fad; tá sé seinnte ar an sreangdhruma ag an tús ach tagann níos mó uirlisí isteach de réir a chéile agus tá an rithim go mór chun tosaigh faoi dheireadh an phíosa. Is ostinato rithimeach atá ann mar go bhfuil an pátrún rithime seo le fáil tríd an bpíosa ar fad.

Uigeacht: Cuntraphointeach le béim chothrom idir an tséis agus an rithim.

Comhcheol: Cordaí simplí athsheinnte an bealach ar fad tríd.

Uirlisí: Ceolfhoireann. TU; GU (fliúit, óbó, óbó d'amore, cláirnéid, basún, sacsafón); práis agus cnaguirlisí.

Foirm: Athsheinntear A agus B ceithre huaire tríd an bpíosa. Gach uair a athsheinntear na téamaí seo bíonn uirlisí breise ann agus tugann sé seo crescendo mór amháin don cheol ó thús deireadh.

Bealaí ina n-athraítear an téama:

1. Cuirtear níos mó uirlisí leis gach uair a sheinntear é.
2. Athraíonn na dinimicí de réir a chéile – éiríonn an ceol i bhfad níos láidre ó thús deireadh.
3. Tagann an rithim chun tosaigh de réir a chéile sa cheol. Ag an tús tá an tséis níos tábhachtaí ach faoi dheireadh an phíosa is í an rithim is mó atá chun tosaigh.

Cleachtadh 7.3.1

Ár Saothar Roghnaithe:

Ainmnigh Téama agus Breachnuithe is maith leat:

Faigh cóip den saothar seo ón múinteoir agus greamaigh i do chóipleabhar é.
Scag an saothar de réir na gceannteideal seo a leanas agus cuir an t-eolas i do chóipleabhar.

1. **Cumadóir an tsaothair**
2. **Uirlisí**
3. **Gléas**
4. **Tonúlacht**
5. **Amchomhartha**
6. **Rithim**
7. **Foirm**
8. **Stíl**
9. **Séis**
10. **Uigeacht**
11. **Mothú**

Aonad 4 – Ceol Uirlise agus Ceol Gutha le Tionlacan Ceolfhoirne

Tá aonréadaí ag seinm nó ag canadh le tionlacan ó ghrúpa ceoltóirí coitianta le fada an lá. Bhíodh na trúbadóirí – ceoltóirí taistil sa Fhrainc sa 14ú haois – ag canadh agus ag seinm ar an dóigh sin.

Nuair a tháinig an stíl Bharócach chun cinn sa 17ú haois tosaíodh ar choinséartó *grosso* (mórchoinséartó) a chumadh. 'Séard atá i gceist leis seo ná grúpa beag uirlisí ag feidhmiú mar aonréadaí ag seinm le tionlacan ó ghrúpa níos mó uirlisí. D'oibrigh an ceol cosúil le comhrá idir an dá ghrúpa.

Ina dhiaidh sin tháinig fás agus forbairt ar choinséartó aonair ina raibh aonréadaí ag seinm ar uirlis aonair le tionlacan ón gceolfhoireann. Thug an coinséartó aonair deis don seinnteoir aonair a bhí ar ard-chaighdeán, a thallann a léiriú le fuaimeanna saibhre láidre na ceolfhoirne mar thacaíocht.

Bíonn aonréadaí nó ceoltóir aonair i gceist le go leor píosaí ceoil agus ní gá gur coinséartó iad, m.sh. 'Rhapsody in Blue' le Gershwin agus 'Gabriel's Oboe' le Morricone. Scríobh an-chuid cumadóirí ceol i gcomhair uirlisí agus guthanna chomh maith, tá 'Carmina Burana' le Carl Orff san áireamh sa chás seo.

In áiria – amhrán a chantar i gceoldráma – cloistear an t-aonréadaí ag canadh le tionlacan ón gceolfhoireann.

Le Foghlaim

Coinséartó: píosa ceoil d'uirlis aonair le tionlacan ceolfhoirne le trí ghluaiseacht – tapa, mall, tapa. Bíonn caidéinse ag deireadh na chéad ghluaiseachta.

Mórchoinséartó: Píosa ceoil le grúpa beag uirlisí ag seinm i gcodarsnacht leis an gceolfhoireann uile. Bhí sé coitianta sa tréimhse Bharócach.

Caidéinse: Píosa ceoil atá deacair le seinm a thugann seans don seinnteoir a t(h)allann ar an uirlis a léiriú. Stopann an cheolfhoireann ag seinm ionas go mbeidh aird an éisteora dírithe go hiomlán ar an seinnteoir aonair. De ghnáth críochnaíonn sé le tríleach le taispeáint do gach duine go mbeidh an cheolfhoireann ag teacht isteach arís.

Cantáid: Píosa ceoil canta le tionlacan ceolfhoirne. Is féidir leis an gceol a bheith eaglasta nó tuata (secular).

Sampla de Choinséartó:
Coinséartó don Chláirnéid in A mór le Mozart
2ra gluaiseacht in D mór

Tonúlacht: Gléas D mór le modhnú sa chuid lárnach (B).

Rithim: Mall, amchomhartha 3/4, go leor croisíní poncaithe sa chéad

téama. Nótaí an-tapa sa chuid lárnach.

Séis: Tá an chéad téama bunaithe ar thríchorda I. Tá léimeanna móra, airpéitsí, ornáidíocht le fáil sa chuid lárnach. Tá caidéinse an-ghearr agus simplí le fáil díreach roimh an deireadh.

Mothú: Smaointeach, uasal, maorga.

Uigeacht: Homafónach tríd síos. Seinneann an chláirnéid an tséis, tugann an cheolfhoireann tionlacan. In amanna, seinneann uirlisí as an gceolfhoireann an tséis nuair atá sos ag an gcláirnéid.

Uirlisí: Ceolfhoireann. Téaduirlisí, fliúiteanna, basún, Níl aon tiompáin nó trumpaí ann le béim shoiléir a chur ar fhuaim na cláirnéide. Is í an chláirnéid an uirlis aonair.

Foirm: Foirm thrénártha. A B A1 Coda. Sa chéad chuid déanann an cheolfhoireann aithris ar cheol na cláirnéide. Sa dara cuid, tá meascán de léimeanna, airpéitsí agus scálaí ag an gcláirnéid agus léiríonn seo an réimse leathan agus an fhuaim bhog bhinn ag an uirlis.
A1: Seinntear dhá fhrása agus ainsin tá fadú (pause) ann agus cloistear an caidéinse. Ní stadann an cheolfhoireann. Tá dúnadh briste ann agus ansin an coda.

Cúlra: Chum Mozart an ceol seo sa bhliain 1791 cúpla mí sula bhfuair sé bás. Thaitin fuaim na cláirnéide go mór leis agus ba eisean an chéad chumadóir a d'úsáid í sa cheolfhoireann.

Cleachtadh 7.4.1

Ár Saothar Roghnaithe:

Ainmnigh Ceol Uirlise/Gutha le Tionlacan Ceolfhoirne is maith leat:

Faigh cóip den saothar seo ón múinteoir agus greamaigh i do chóipleabhar é.
Scag an saothar de réir na gceannteideal seo a leanas agus cuir an t-eolas i do chóipleabhar.

1. **Cumadóir an tsaothair**
2. **Uirlisí**
3. **Gléas**
4. **Tonúlacht**
5. **Amchomhartha**
6. **Rithim**
7. **Foirm**
8. **Stíl**
9. **Séis**
10. **Uigeacht**
11. **Mothú**

Aonad 5: Ceol Léiritheach agus Ceol Scannáin

Is éard is brí le ceol léiritheach nó ceol tuairisciúil ná ceol a insíonn scéal nó a chruthaíonn pictiúr inár n-intinn gan aon fhocal a úsáid. Is féidir leis an bheith bunaithe ar dhán, ar scéal, ar mhothúchán nó ar phictiúr. Sa naoú céad déag (1800-1900) bhí ceol léiritheach nó ceol tuairisciúil an-choitianta agus fuair cumadóirí inspioráid ó litríocht agus ón gceolfhoireann mhór a bhí coitianta ag an am. Is féidir le ceol léiritheach a bheith ina chuid de shiansa, nó ina shiansa, nó ina dhán siansach, ina ghluaiseacht as sraith nó ina réamhcheol.

Bíonn ceol scannáin scríofa i gcomhair scannáin chun mothúchán a chur in iúl nó chun aird a tharraingt ar rud áirithe nó béim a leagan air. De ghnáth bíonn téama le cloisteáil tríd síos. Samplaí: Schindler's List, Star Wars.

Le Foghlaim:
Ceol Léiritheach: ceol a insíonn scéal nó a chruthaíonn pictiúr inár n-intinn gan aon fhocal a úsáid
Ceol Scannáin: ceol scríofa i gcomhair scannáin chun mothúchán a chur in iúl nó chun aird a tharraingt ar rud áirithe nó béim a leagan air.

Sampla de cheol léiritheach
Dance Macabre, Saint-Saens (1835-1921)

Sampla de cheol léiritheach is ea 'Dance Macabre'. Is sampla é de dhán siansach nó tondán. Is píosa ceoil é seo ina ndéanann an cumadóir cur síos ar ábhar faoi leith agus le saorfhoirm. Fuair Saint-Saens inspioráid don phíosa seo ó dhán a scríobh an file Fraincise Henri Cazalis.

Oíche Shamhna ag meán oíche tagann samhail den bhás chuige, cnagann sé a chosa ar na tuamaí, déanann sé tiúnadh ar an veidhlín le hiarraidh ar na creatlacha teacht amach chun damhsa. Fad is atá an ghaoth ag éirí, na crainn ag luascadh, bíonn glór damhsa na gcreatlach le clos i gceol an veidhlín. Go tobann titeann ciúnas, le glaoch an phréacháin breacann an lá agus téann na creatlacha ar ais a chodladh. Imíonn an bás ina dhiaidh sin chomh maith.

1. Seinntear an nóta D dhá uair déag ar an gcláirseach agus corn, seasann siad seo do bhuillí an chloig ag meán oíche. Nuair a thagann an Bás seinneann an tOlldord don chnagadh ar na tuamaí. Cuireann an veidhlín aonarach an tiúnadh in iúl dúinn.

2. Damhsa na gCreatlach: an príomhthéama sa phíosa seo ná Damhsa na gCreatlach. Seinneann an fhliúit an tséis seo le *pizzicato* ar na sreanga, ansin tógann na veidhlíní an téama. Seinntear nach mór gach nóta *staccato* chun rince na gcreatlach a chur in iúl.

3. Damhsa an Bháis: An dara príomhthéama rince. Válsa is ea é ar veidhlín aonarach, le tionlacan *pizzicato* ar na téaduirlisí.

4. Seinneann óbó agus basún an chéad téama anois le héagsúlachtaí. Tá an xileafón úsáidte chun croitheadh chnámha na gcreatlach a chur in iúl. Cuireann gluaiseacht thapa suas/síos ar na téaduirlisí an ghaoth agus na crainn in iúl.

5. Tagann an dara téama ar ais agus éiríonn sé níos tapúla agus níos tapúla.

6. Ag an mbuaicphointe measctar an dá théama. Tá Damhsa an Bháis le cloisteáil ar an trombón, fad is atá na téaduirlisí ag seinm Dhamhsa na gCreatlach.

7. Go tobann titeann ciúnas. Seasann an t-óbó do ghlaoch an phréacháin agus breacadh an lae. Imíonn na creatlacha. Bíonn fuaim mhaoithneach an veidhlín le cloisteáil ansin imíonn sé.

Sampla de Cheol Léiritheach:
Carnival des Animaux le Camille Saint-Saens
An Eilifint

Cumadóir: Camille Saint-Saens. Rugadh é sa Fhrainc sa bhliain 1835. Scríobh sé an-chuid ceoil i rith a shaoil. Chum sé siansa don orgán agus úsáidtear cuid den cheol as sa scannán 'Babe', faoin muc! Fuair se bás sa bhliain 1921.

Cúlra: Scríobh Saint-Saens an ceol don Charnabhal go rúnda do chóisir bhreithlae. Sa cheol seo léirigh sé ainmhithe, éin agus éisc éagsúla ar bhealach an-éifeachtach ar fad. An ghluaiseacht atá roghnaithe anseo ná an ceann bunaithe ar an Eilifint áit a léiríonn sé méid na heilifinte agus é ag damhsa!

Uirlisí: Sa ghluaiseacht seo – An Eilifint – úsáideann an cumadóir an t-olldord leis an eilifint a léiriú. Tá sé an-éifeachtach mar tá an uirlis mór agus tá fuaim throm dhomhain ag an olldord a léiríonn an eilifint mhór.

Gléas/Tonúlacht: Eb mór.

Rithim: Tá an ceol i 3/8 – trí chamán i ngach barra. Tá an luas measartha mall agus léiríonn sé seo an eilifint ag bogadh go mall, trom. *Allegretto Pomposo* – éadrom, bríomhar agus ardnósach – an luastreoir atá tugtha.

Séis: Tá an tséis seinnte an-íseal, rud a léiríonn méid na heilifinte. Tá go leor nótaí athsheinnte ann. Sa dara cuid (B) seinntear ceol le beirt chumadóirí eile – Berlioz agus Mendelssohn. Ceol damhsa do shióga atá i gceist sa dá ghiota ceoil. Tá seo greannmhar mar léiríonn sé pictiúr greannmhar den eilifint ag damhsa cosúil le sióg bheag éadrom!

Foirm: A B A1
A: Tosaítear le 4 bharra d'intreoir ar an bpianó. Tagann an t-olldord isteach ansin leis an bpríomhthéama. Tá cordaí á seinm mar thionlacan ar an bpianó.
B: Tagann ceol damhsa na sióige isteach agus seinntear an t-olldord níos ciúine agus níos míne – legato.
A1: Tagann an príomhthéama ar ais. Tá an pianó ag seinm airpéitsí an t-am seo.

Mothú: Greannmhar

Uigeacht: Homafónach an bealach ar fad tríd leis an olldord ag seinm na séise agus an pianó ag tabhairt tionlacain.

Cleachtadh 7.5.1

Ár Saothar Roghnaithe:

Ainmnigh Ceol Léiritheach/Scannáin is maith leat:

Faigh cóip den saothar seo ón múinteoir agus greamaigh i do chóipleabhar é. Scag an saothar de réir na gceannteideal seo a leanas agus cuir an t-eolas i do chóipleabhar.

1. **Cumadóir an tsaothair**
2. **Uirlisí**
3. **Gléas**
4. **Tonúlacht**
5. **Amchomhartha**
6. **Rithim**
7. **Foirm**
8. **Stíl**
9. **Séis**
10. **Uigeacht**
11. **Mothú**

Aonad 6: Réamhcheol, Réamhdhréacht agus Intermezzi

Seinntear an réamhcheol roimh thús an cheoldráma nó dráma. De ghnáth bíonn cuid den cheol ón gceoldráma ann, chun blaiseadh de cheol na hoíche a thabhairt don lucht éisteachta. Sampla de réamhcheol ná 'William Tell'. Thosaigh an réamhcheol sa 17ú haois mar intreoir cheolfhoirneach don cheoldráma. Bhí sé ann chun an lucht éisteacht a shocrú síos.

I dtús scríobhtaí i stíl réamhcheol na Fraince é: intreoir mall le rithim phoncaithe agus *fugato* tapa i ndiaidh sin; nó i stíl Iodálach – trí ghluaiseacht – tapa, mall, tapa. Ag deireadh an 18ú haois scríobhtaí a lán réamhcheolta i bhfoirm shonáideach.

Thosaigh an réamhcheol ag éirí chomh coitianta gur minic ansin a sheinntí é gan an ceoldráma féin agus le caitheamh ama thugtaí an réamhcheol ceolchoirme air. Is réamhcheol neamhfheidhmiúil é an réamhcheol ceolfhoirne. De ghnáth tá an réamhcheol i bhfoirm shonáideach agus bíonn scéal ann.

As an réamhcheol ceolfhoirne neamhfheidhmiúil a d'fhás an réamhdhréacht. Is féidir leis an bpíosa seo a bheith seinnte go neamhspleách, ar uirlis aonair go hiondúil agus bíonn sé níos giorra ná réamhcheol.

Is saothar ceolfhoirneach é an *intermezzo* a chloistear idir gníomhartha agus dráma nó ceoldráma. D'fhéadfadh sé bheith bunaithe ar cheol atá cloiste sa dráma nó ceol nua.

Le Foghlaim

Réamhcheol: píosa ceoil a sheinntear ag tús ceoldráma nó dráma ina mbíonn cuid de cheol an cheoldráma/dráma de ghnáth

Réamhdhréacht: Píosa ceoil a sheinntear roimh cheol eile, nó a sheasann leis féin mar cheol neamhspleách. Bíonn sé níos giorra ná réamhcheol.

Intermezzo: Píosa a sheinntear idir dhá aonad ceoil eile. Is féidir leis a bheith i gceoldráma nó dráma. Is féidir le *intermezzo* uirlise a bheith seinnte leis féin mar phíosa neamhspleách.

Sampla de Réamhcheol
Carmen – Georges Bizet (1838 – 1875)



Séis: Tá trí phríomhshéis sa phíosa seo. Tá an chéad cheann bunaithe ar chordaí agus ar nótaí athsheinnte. Críochnaíonn gach frása le tríleach. Seinntear é go hard ar na téaduirlisí. Tá an dara ceann bunaithe ar chordaí I agus V i ngléas mion. Bogann an ceann seo níos maille agus tá sé níos ciúine ná an chéad cheann. Tá sé seinnte ar na veidhlíní. Is máirseáil é an tríú ceann. Tá sé i ngléas mór agus tá go leor croisíní ann. Tá mothú cróga, buacach aige.

Rithim: Tá an ceol seo an-bríomhar. 2/4 an t-amchomhartha. Úsáidtear na cnaguirlisí le béim a chur ar an rithim agus ar na príomhbhuillí.

Uirlisí: Ceolfhoireann iomlán, le páirt mhór ag na cnaguirlisí seo a leanas: na ciombail, an triantán agus tiompáin.

Foirm: ABACA, foirm rondó. Tá an chéad chuid i ngléas A mór, an dara cuid (B), in F# mion agus an tríú cuid (C) i ngléas F mór. Tá codarsnacht le mothú idir na trí chuid agus tá aontacht le mothú mar gheall ar chuid A a thagann ar ais i gcónaí.

Mothú: Bríomhar, sceitimíneach, láidir, drámata. Cuid B níos ciúine, níos suaimhní. Cuid C buacach, láidir, diongbháilte.

Uigeacht: Homafónach an bealach ar fad tríd.

Tonúlacht: Mór, ach tá cuid B i ngléas mion.

Stíl agus cúlra: Clasaiceach le ceolfhoireann mhór. Tógtha as ceoldráma Carmen a bhaineann le giofóg a oibríonn i monarcha toitíní. Tá cuid den scéal bunaithe ar throid le tarbh. Is féidir an paisean a mhothú sa réamhcheol seo.

Cleachtadh 7.6.1

Ár Saothar Roghnaithe:

Ainmnigh Réamhcheol/Réamhdhréacht nó Intermezzi is maith leat

_____

Faigh cóip den saothar seo ón múinteoir agus greamaigh i do chóipleabhar é. Scag an saothar de réir na gceannteideal seo a leanas agus cuir an t-eolas i do chóipleabhar.

1. **Cumadóir an tsaothair**
2. **Uirlisí**
3. **Gléas**
4. **Tonúlacht**
5. **Amchomhartha**
6. **Rithim**
7. **Foirm**
8. **Stíl**
9. **Séis**
10. **Uigeacht**
11. **Mothú**

Aonad 7 - Cleachtadh

Saothair Roghnaithe 1

Gluaiseachtaí ceoil damhsa *feidhmiúil nó neamhfheidhmiúil, bailé san áireamh; gluaiseachtaí as sraitheanna clasaiceacha damhsaí de chuid an 18ú haois, gluaiseachtaí siansacha damhsaí, nó ceol i leagan pobail, nó as cnuasach traidisiúnta, eitneach nó luath.*

1. Cén teideal atá ar an bpíosa ceoil a ndearna tú staidéar air sa roinn seo?

_____

2. Cé a chum é?

_____

3. Cén saothar as ar tógadh é?

_____

4. Cén fhoirm ina bhfuil sé?

_____

5. Tabhair cuntas gairid ar an fhoirm sin.

_____

_____

_____

6. Luaigh triúir cumadóirí a chum gluaiseachtaí damhsa.

1. _____ 2. _____ 3. _____

7. Ainmnigh na huirlisí a sheinneann sa phíosa ceoil a roghnaigh tú.

_____

8. Luaigh dhá phointe shuimiúla faoin rithim:

   i. _____

   ii. _____

9. Luaigh dhá phointe shuimiúla faoin tséis.

   i. _____

   ii. _____

10. Luaigh dhá phointe shuimiúla faoin mothú sa cheol:

   i. _____

   ii. _____

Saothair Roghnaithe 2:

Gluaiseacht as *siansa clasaiceach nó sraith shiansach, nó saothar ar bith ceolfhoirne a bhaineann leas as eilimintí de cheol traidisiúnta na hÉireann nó de cheol atá i mbéal an phobail.*

1. Cén teideal atá ar an bpíosa ceoil a ndearna tú staidéar air sa roinn seo?

_____

2. Cé a chum é?

_____

3. Cad as ar tógadh é?

_____

4. Cén fhoirm ina bhfuil sé?

_____

5. Tabhair cuntas gairid ar an fhoirm sin.

_____

6. Luaigh triúir cumadóirí a chum siansaí.

i. _____ ii _____ iii _____

7. Cén uirlisí nó grúpa(í) uirlisí a sheinneann sa phíosa?

_____

8. Luaigh dhá phointe suimiúil faoin tséis:
   a. _____
   b. _____

9. Luaigh dhá phointe shuimiúla faoin rithim.
   a. _____
   b. _____

10. Luaigh dhá phointe shuimiúla eile faoin saothar seo.
   a. _____
   b. _____

Saothair Roghnaithe 3:

Téama agus Breachnuithe *sna cnuasaigh chlasaiceacha nó Éireannacha, nó gluaiseacht snagcheoil*

1. Cén teideal atá ar an bpíosa ceoil a ndearna tú staidéar air sa roinn seo?

_____

2. Cé a chum é?

_____

3. Cé hiad na seinnteoirí?

_____

4. Cé a chum an bunphíosa ceoil (má tá sé difriúil ón bhfreagra a thug tú i gceist 2.)

_____

5. Ainmnigh trí shlí ina n-athraíonn an cumadóir an téama sna breachnuithe.

i. _____

ii. _____

iii. _____

6. Déan cur síos ar an mbreachnú is mó a thaitníonn leat.

_____

_____

_____

7. Cén uirlis(í) atá ag seinm sa phíosa ceoil seo?

_____

8. I do bharúil, cén fáth ar chuir an cumadóir na breachnuithe leis an gceol?

_____

9. Ainmnigh dhá bhealach eile ina bhféadfá an ceol a athrú, seachas na bealaí atá déanta ag an gcumadóir cheana féin.

_____

_____

_____

_____

Saothair roghnaithe 4:

Gluaiseacht ina bhfuil aonréadaí uirlise nó gutha, nó buíon d'aonréadaithe nó cór ag imoibriú le ensemble tionlacain.

1. Cén teideal atá ar an saothar a roghnaigh tú sa roinn seo?

_____

2. Cé a chum é?

_____

3. Cén phríomhuirlis atá ann?

_____

4. Cén chlann uirlisí lena mbaineann sé?

_____

5. Mínigh an focal "coinséartó".

_____

6. Cé acu atá níos tábhachtaí – an phríomhuirlis nó an cheolfhoireann? Cén fáth?

_____

7. Cén fhoirm atá ag an bpíosa ceoil a roghnaigh tú?

_____

8. Déan cur síos gairid ar an bhfoirm sin.

_____

_____

9. Luaigh dhá phointe shuimiúla faoin rithim sa cheol.

i. _____

ii. _____

10. Luaigh dhá phointe shuimiúla faoin tséis sa cheol.

i. _____

ii. _____

11. Luaigh dhá phointe shuimiúla faoi imoibriú an aonréadaí agus an ensemble.

i. _____

ii. _____

12. Ainmnigh difríocht amháin idir coinséartó aonair agus coinséartó grosso.

_____

Saothair roghnaithe 5:

Ceol léiritheach nó ceol scannáin

1. Cén teideal atá ar an saothar a roghnaigh tú sa roinn seo?

_____

2. Cé a chum é?

_____

3. Cad is brí le ceol léiritheach?

_____

4. Más ceol ó scannán é luaigh cén scannán.

_____

5. Déan cur síos ar an gceol ag lua cé chomh tábhachtach is atá ceol don scannán.

_____

_____

6. An maith leat an píosa ceoil seo? Cuir fáth le do fhreagra.

_____

7. Luaigh dhá phointe shuimiúla faoin mothú sa cheol.

i. _____

ii. _____

8. Luaigh dhá phointe shuimiúla faoin rithim sa cheol.

i. _____

ii. _____

9. Luaigh dhá phointe shuimiúla faoin gceangal idir an ceol agus an aicsean sa scannán.

i. _____

ii. _____

10. Tabhair cuntas gairid ar an scéal a léirítear sa cheol nó ar scéal an scannáin.

_____

_____

_____

_____

_____

Saothair roghnaithe 6:

Réamhcheolta ceolchoirme, nó réamhcheolta, réamhdhréachtaí uirlise nó intermezzi as ceolraí stáitse, drámaí, ceoldrámaí, mion-cheoldrámaí nó oratóirí.

1. Cén teideal atá ar an saothar a roghnaigh tú sa roinn seo?

_____

2. Cé a chum é?

_____

3. Cad is brí le réamhcheol?

_____

4. Cén fheidhm a bhí le réamhcheolta nuair a tosaíodh ar iad a sheinm?

_____

5. An dtagann an píosa ceoil a roghnaigh tú féin roimh aon cheol eile? Má thagann luaigh an ceol eile.

_____

6. Cad is brí le hIdircheol/Intermezzo?

_____

7. Luaigh dhá phointe shuimiúla faoin rithim sa saothar a roghnaigh tú.

   i. _____

   ii. _____

8. Luaigh dhá phointe shuimiúla faoin tséis sa saothar a roghnaigh tú.

   i. _____

   ii. _____

9. Luaigh dhá phointe shuimiúla eile faoi saothar a roghnaigh tú.

i. _____

ii. _____

10. Cén t-ainm atá ar an oratóir cáiliúil a chum Handel agus a seinneadh den chéad uair riamh in Éirinn?

_____

11. Ainmnigh ceoldráma d'aon chineál a chonaic tú beo nó ar an teilifís. Ainmnigh an cumadóir chomh maith.

_____

12. Ar thaitin an ceol leat? Cén fáth?

_____

Cleachtadh 7.7.2

Seinnfidh do mhúinteoir píosa ceoil duit trí huaire anois. Éist leis an gceol agus cuir ciorcal thart ar na gnéithe ceoil a chloiseann tú.

Séis:	Gluaiseacht chéimneach	Gluaiseacht léimneach	Meascán
Réimse:	Leathan	Cúng	Measartha
Frásaí:	Ag freagairt a chéile	Ag trasnú a chéile	Fada/gairid
Ginearálta:	Seicheamh	Ostinato	Sioncóipiú
Amchomhartha:	2/4	3/4	4/4
Rithim:	Láidir (ceol damhsa)	Gan a bheith láidir	
Rithim:	Poncaithe	Mín, cothrom	
Tonúlacht:	Mór	Mion	Modúil
Armóin:	Díchordaí	Comhchordaí	
Uigeacht:	Monafónach	Homafónach	Ilfhónach
Uigeacht:	Trom, saibhir	Éadrom, tanaí	
Mothúcháin:	Feargach	Bríomhar	Áthasach
	Brónach	Glórmhar	Dóchasach
Dinimic:	Láidir	Ciúin	Athraitheach
Luas:	Tapaidh	Mall	Measartha
Stíl:	Clasaiceach	Eitneach	Snagcheol
	Popcheol	Rac-cheol	Ceol traidisiúnta

Pointí eile: _____

_____

_____

_____

_____

_____

Seinnfidh do mhúinteoir píosa ceoil duit trí huaire anois. Éist leis an gceol agus cuir ciorcal thart ar na gnéithe ceoil a chloiseann tú.

Séis:	Gluaiseacht chéimneach	Gluaiseacht léimneach	Meascán
Réimse:	Leathan	Cúng	Measartha
Frásaí:	Ag freagairt a chéile	Ag trasnú a chéile	Fada/gairid
Ginearálta:	Seicheamh	Ostinato	Sioncóipiú
Amchomhartha:	2/4	3/4	4/4
Rithim:	Láidir (ceol damhsa)	Gan a bheith láidir	
Rithim:	Poncaithe	Mín, cothrom	
Tonúlacht:	Mór	Mion	Modúil
Armóin:	Díchordaí	Comhchordaí	
Uigeacht:	Monafónach	Homafónach	Ilfhónach
Uigeacht:	Trom, saibhir	Éadrom, tanaí	
Mothúcháin:	Feargach	Bríomhar	Áthasach
	Brónach	Glórmhar	Dóchasach
Dinimic:	Láidir	Ciúin	Athraitheach
Luas:	Tapaidh	Mall	Measartha
Stíl:	Clasaiceach	Eitneach	Snagcheol
	Popcheol	Rac-cheol	Ceol traidisiúnta

Pointí eile: _____

_____

_____

_____

_____

_____

Seinnfidh do mhúinteoir píosa ceoil duit trí huaire anois. Éist leis an gceol agus cuir ciorcal thart ar na gnéithe ceoil a chloiseann tú.

Séis:	Gluaiseacht chéimneach	Gluaiseacht léimneach	Meascán
Réimse:	Leathan	Cúng	Measartha
Frásaí:	Ag freagairt a chéile	Ag trasnú a chéile	Fada/gairid
Ginearálta:	Seicheamh	Ostinato	Sioncóipiú
Amchomhartha:	2/4	3/4	4/4
Rithim:	Láidir (ceol damhsa)	Gan a bheith láidir	
Rithim:	Poncaithe	Mín, cothrom	
Tonúlacht:	Mór	Mion	Modúil
Armóin:	Díchordaí	Comhchordaí	
Uigeacht:	Monafónach	Homafónach	Ilfhónach
Uigeacht:	Trom, saibhir	Éadrom, tanaí	
Mothúcháin:	Feargach	Bríomhar	Áthasach
	Brónach	Glórmhar	Dóchasach
Dinimic:	Láidir	Ciúin	Athraitheach
Luas:	Tapaidh	Mall	Measartha
Stíl:	Clasaiceach	Eitneach	Snagcheol
	Popcheol	Rac-cheol	Ceol traidisiúnta

Pointí eile: _____

_____

_____

_____

_____

_____

Seinnfidh do mhúinteoir píosa ceoil duit trí huaire anois. Éist leis an gceol agus cuir ciorcal thart ar na gnéithe ceoil a chloiseann tú.

Séis:	Gluaiseacht chéimneach	Gluaiseacht léimneach	Meascán
Réimse:	Leathan	Cúng	Measartha
Frásaí:	Ag freagairt a chéile	Ag trasnú a chéile	Fada/gairid
Ginearálta:	Seicheamh	Ostinato	Sioncóipiú
Amchomhartha:	2/4	3/4	4/4
Rithim:	Láidir (ceol damhsa)	Gan a bheith láidir	
Rithim:	Poncaithe	Mín, cothrom	
Tonúlacht:	Mór	Mion	Modúil
Armóin:	Díchordaí	Comhchordaí	
Uigeacht:	Monafónach	Homafónach	Ilfhónach
Uigeacht:	Trom, saibhir	Éadrom, tanaí	
Mothúcháin:	Feargach	Bríomhar	Áthasach
	Brónach	Glórmhar	Dóchasach
Dinimic:	Láidir	Ciúin	Athraitheach
Luas:	Tapaidh	Mall	Measartha
Stíl:	Clasaiceach	Eitneach	Snagcheol
	Popcheol	Rac-cheol	Ceol traidisiúnta

Pointí eile: _____

_____

_____

_____

_____

_____

Seinnfidh do mhúinteoir píosa ceoil duit trí huaire anois. Éist leis an gceol agus cuir ciorcal thart ar na gnéithe ceoil a chloiseann tú.

Séis:	Gluaiseacht chéimneach	Gluaiseacht léimneach	Meascán
Réimse:	Leathan	Cúng	Measartha
Frásaí:	Ag freagairt a chéile	Ag trasnú a chéile	Fada/gairid
Ginearálta:	Seicheamh	Ostinato	Sioncóipiú
Amchomhartha:	2/4	3/4	4/4
Rithim:	Láidir (ceol damhsa)	Gan a bheith láidir	
Rithim:	Poncaithe	Mín, cothrom	
Tonúlacht:	Mór	Mion	Modúil
Armóin:	Díchordaí	Comhchordaí	
Uigeacht:	Monafónach	Homafónach	Ilfhónach
Uigeacht:	Trom, saibhir	Éadrom, tanaí	
Mothúcháin:	Feargach	Bríomhar	Áthasach
	Brónach	Glórmhar	Dóchasach
Dinimic:	Láidir	Ciúin	Athraitheach
Luas:	Tapaidh	Mall	Measartha
Stíl:	Clasaiceach	Eitneach	Snagcheol
	Popcheol	Rac-cheol	Ceol traidisiúnta

Pointí eile: _____

_____

_____

_____

_____

_____

Seinnfidh do mhúinteoir píosa ceoil duit trí huaire anois. Éist leis an gceol agus cuir ciorcal thart ar na gnéithe ceoil a chloiseann tú.

Séis:	Gluaiseacht chéimneach	Gluaiseacht léimneach	Meascán
Réimse:	Leathan	Cúng	Measartha
Frásaí:	Ag freagairt a chéile	Ag trasnú a chéile	Fada/gairid
Ginearálta:	Seicheamh	Ostinato	Sioncóipiú
Amchomhartha:	2/4	3/4	4/4
Rithim:	Láidir (ceol damhsa)	Gan a bheith láidir	
Rithim:	Poncaithe	Mín, cothrom	
Tonúlacht:	Mór	Mion	Modúil
Armóin:	Díchordaí	Comhchordaí	
Uigeacht:	Monafónach	Homafónach	Ilfhónach
Uigeacht:	Trom, saibhir	Éadrom, tanaí	
Mothúcháin:	Feargach	Bríomhar	Áthasach
	Brónach	Glórmhar	Dóchasach
Dinimic:	Láidir	Ciúin	Athraitheach
Luas:	Tapaidh	Mall	Measartha
Stíl:	Clasaiceach	Eitneach	Snagcheol
	Popcheol	Rac-cheol	Ceol traidisiúnta

Pointí eile: _____

_____

_____

_____

_____

_____

Caibidil 8 – Staidéar Ginearálta

	Clár Ábhair	Leathanach
Réamhrá:	Cuspóirí an tSiollabais	160
Aonad 1:	Ceol ó Lá go Lá	161
	Cleachtadh	163
Aonad 2:	Ceol ó luath-thréimhsí	165
	Cleachtadh	167
Aonad 3:	Ceol Eitneach: Reggae	169
	Cleachtadh	170
Aonad 4:	Ceol Ealaíne ón 20ú hAois	172
	Cleachtadh	173
Aonad 5:	Ceol Siopa Bearbóra	175
	Cleachtadh	176
Aonad 6:	Athdhéanamh	178

Staidéar Ginearálta Roghnach

Staidéar ar bhonn an-ghinearálta, agus é léirithe ó thaobh ceoil de, a dhéanamh ar cheann amháin de na hábhair seo a leanas:

(a) Ceol a úsáidtear go coitianta agus a chloistear go minic sa ghnáth-thaithí ó lá go lá, m.sh. ceol liotúirge agus deasghnátha, ceol a cheaptar agus a úsáidtear le haghaidh fógraíochta agus margaíochta, ceol i láthair na hoibre (amháin saothair), ceol do shúgradh (amhráin scipeála srl.), úsáid an cheoil i mbialanna agus in ollmhargaí, mar thionlacan le haclaíocht nó mar shuantraithe, ionas go dtiocfaí ar thuiscint do na difríochtaí atá idir ceol a chumtar ar son feidhme agus é sin a chumtar ar a shon féin;

Nó

(b) Ceol ó luath-thréimhsí, nach gcloistear chomh minic sin, m.sh. ceol na meánaoiseanna agus ceol Ré na hAthbheochana;

Nó

(c) Ceol ó áiteanna eile nach gcloistear chomh minic sin, m.sh. ceol traidisiúnta seachas ceol na hÉireann;

Nó

(d) Ceol ealaíne de chuid na nua-aoise;

Nó

(e) *Genres* fiúntacha ceoil as traidisiúnta an phobail, snagcheol san áireamh.

Aonad 1: Ceol Eaglasta

Catagóir: Ceol ó Lá go Lá

Seinneadh ceol san eaglais leis na cianta cairbreacha. Ag an tús ní raibh ann ach canadh gan tionlacan mar chreid daoine gur bhain uirlisí ceoil le peacaí, agus ní raibh siad ceadaithe! Chreid daoine ag an am, agus creidtear go fóill, go mbaineann paidreoireacht dhomhain leis an gceol san eaglais – deirtear go nguítear faoi dhó nuair a chantar.

I dtús báire, líne aonair cheoil a bhíodh á chanadh ag daoine, ach de réir a cheile tháinig dhá pháirt chun tosaigh de bharr na difríochta idir réimse na mban agus réimse na bhfear. Chuir sé seo tús bunúsach le canadh in dhá pháirt. Tugadh *organum* ar an saghas cantaireachta seo. De ghnáth bhíodh na páirteanna ag canadh 5ch óna chéile, agus iad ag dul suas agus síos le chéile. Ní raibh neamhspleáchas ar bith idir na páirteanna.

De réir a chéile thosaigh neamhspleáchas ag teacht isteach sna páirteanna agus sa 16ú haois bhí cumadóirí cáiliúla ar nós Palestrina agus Victoria ag cumadh ceoil i 4 nó 5 pháirt do chór measctha le fir agus mná. Bhí an ceol seo cuntraphointeach – bhí na páirteanna uilig ar chomhthábhacht agus ba mhinic iad ag déanamh aithrise ar a chéile. Bhí cumhacht faoi leith ag an gceol seo agus chuidigh sé go mór leis na héisteoirí smaoineamh faoi Dhia.

Tháinig fás agus forbairt ar na nósanna cumadóireachta agus faoi am Mozart agus Beethoven bhí cumadóirí ag cumadh ceoil le haghaidh Aifrinn ach bhí an ceol ró-fhada le bheith canta ag seribhís eaglasta. Chum na cumadóirí seo ceol le bheith ag éisteacht leis ag ceolchoirmeacha. Ceol eaglasta neamhfheidhmiúil a bhí ann. Is féidir éisteacht le *Requiem* Mozart mar shampla d'áilleacht an cheoil seo. Éist go háirithe le *Lacrymosa*.

Na laethanta seo seinntear ceol go rialta san eaglais, ag seirbhísí seachtainiúla agus ag seirbhísí speisialta cosúil le bainis, sochraid, chéad chomaoineach agus mar sin de. Cuireann an ceol go mór le hatmaisféar na diagachta sa séipéal agus cuidíonn sé le daoine paidreacha a rá go díograiseach.

Sampla Ceoil 1: **Eagles Wings le Michael Joncas**

Is píosa ceoil álainn é an ceol seo a insíonn dúinn faoin mbealach go sábhálfaidh Dia muid, go dtabharfaidh Sé aire dúinn agus go gcosnóidh sé ar olc muid.

Sampla Ceoil 2: **Suantraí na Maighdine. Ní fios cé a chum.**

Is carúl Nollag traidisiúnta as Éirinn é an ceol seo ina labhraíonn Muire leis an leanbh Íosa atá díreach i ndiaidh teacht ar an saol.



Gnéithe Ceoil

Séiseanna: Bíonn béim faoi leith ar áilleacht na séise sa cheol eaglasta. Cuidíonn an áilleacht seo le daoine guí, agus cuireann sé béim ar thábhacht na bhfocal sna hiomainn. Sna sean-mhóitéireanna eaglasta bhíodh cruth áirse ar na séiseanna – iad fada, ard agus cothrom i gcruth. Sa phíosa Eagle's Wings tá an tséis sa véarsa neamhghnách mar go dtosaíonn sé ar tí. Cruthaíonn sé seo míchompord agus léiríonn sé míshocracht an pheacaigh. Tá an curfá bunaithe ar léim mhór ó só íseal suas go ré, agus léim síos 6ch ina dhiaidh sin. Leanann seicheamh é seo sa dara frása, nuair a athsheinntear an pátrún suas céim amháin. I Suantraí na Maighdine tá an tséis an-simplí. Taobh amuigh de léim amháin ag tús frása A, bogann sé céim ar chéim an chuid eile den amhrán. Cruthaíonn an ghluaiseacht seo suaimhneas agus síocháin agus treisíonn sé an t-adhradh a léirítear sna focail. Tá réimse cúng ag an amhrán – ochtach.

Rithim: I gcás go leor den cheol eaglasta bíonn an rithim suaimhneach, mín, cothrom. Cuidíonn sé seo le hatmaisféar an cheoil a dhéanamh suaimhneach, reiligiúnach. Ní bhítear ag iarraidh aird a bhaint de na focail agus sin an chúis a bhíonn leis an rithim shuaimhneach. I gcás cantaireacht shoiscéal bíonn béim an-láidir ar an rithim sna hiomainn mar go léirítear an creideamh tríd an damhsa agus tríd an ngluaiseacht.

Foirm: Bíonn foirmeacha simplí ag ceol eaglasta de ghnáth le véarsaí agus curfá go minic (Eagle's Wings) nó véarsa gan cúrfá (Suantraí na Maighdine).

Uigeacht: Sa lá atá inniu ann bíonn uigeacht homafónach le séis amháin canta agus tionlacan ó uirlisí coitianta. Sa tseanam bhíodh uigeacht chuntraphointeach i bhfad níos coitianta.

Focail: Labhraítear sa cheol eaglasta faoi ghrá Dé. Uaireanta labhraíonn an peacach faoin bpian atá á fhulaingt aige. I Suantraí na Maighdine, labhraíonn Muire faoin ngrá atá aici don leanbh Íosa.

Tonúlacht: Bhíodh na seanmhóid eaglasta in úsáid sa tseanam, agus chríochnaigh an ceol ar *ré*, nó *só*, nó *mí*. Sa lá atá inniu ann bíonn an mórghléas nó an mionghléas níos coitianta. I gcás na n-iomann traidisiúnta bíonn na móid coitianta agus tá Suantraí na Maighdine i mód *ré*.

Cleachtadh 8.1.1

1. Can an dá amhrán thuas.
2. Iarr ar do mhúinteoir tionlacan a sheinm le "Eagle's Wings".
3. Éist leis an amhrán ar an idirlíon. An maith leat é? _____
4. Can Suantraí na Maighdine gan tionlacan. An maith leat é?

   _____

5. Cén t-amhrán is fearr leat? Cén fáth? _____

   _____

Cleachtadh 8.1.2

Freagair na ceisteanna seo a leanas ar "Eagle's Wings".

1. An bhfuil raon-airde leathan nó cúng aige? _____
2. Cé acu is fearr leat an véarsa nó an cúrfá? _____
3. Ainmnigh trí dhifríocht idir an véarsa agus an cúrfá:
   i. _____
   ii. _____
   iii. _____

Cleachtadh 8.1.3

Freagair na ceisteanna seo a leanas ar "Suantraí na Maighdine":

1. An bhfuil raon-airde leathan nó cúng aige? _____

2. Cén fhoirm atá aige? _____

3. Déan cur síos ar an rithim: _____

4. Cén tonúlacht atá aige? _____

Aonad 2 Traidisún na dTrúbadóirí agus na d*Trouvères*

Catagóir: Ceol ó Luath-thréimhsí

Cúlra: Sa Fhrainc ag deireadh an 11ú haois tháinig cineál úr filíochta curtha le ceol chun cinn. Tugadh *trouvères* ar na filí i dtuaisceart na Fraince, agus *troubadours* ar na filí sa deisceart. Coinníodh bailiúcháin de na séiseanna a bhíodh in úsáid i lámhscríbhinní ornáidithe agus tá thart ar 1400 d'amhráin againn ó na *trouvères* agus thart ar 250 againn ó na trúbadóirí. Mhair an ceol sa 12ra agus 13ú haoiseanna.

Ceoltóirí: Bhíodh de nós ag mic léinn ag an am taisteal ar fud na hEorpa ó mhúinteoir go múinteoir le hoideachas a fháil. Tugadh *goliards* ar na mic léinn seo agus sheinn siadsan an ceol go minic. Bhí siad cosúil leis na *buskers* a bhíonn againn sa lá atá inniu ann. Ag an am céanna bhíodh seinnteoirí eile ann a bhí gan oideachas agus tugadh *jongleurs* orthu siúd. Bhíodh sé de nós ag na *jongleurs* a bheith ábalta lámhchleasaíocht a dhéanamh chomh maith le seinm ar roinnt uirlisí, cleasanna a imirt iad féin nó le hainmhithe, agus damhsa do na héisteoirí.

Téamaí na nAmhrán: Tugtar *Amour Courtois* ar an saghas grá a bhí léirithe i gceol na gceoltóirí taistil seo. Is grá éagmaiseach atá ann – tugann an file grá don bhean ach ní thugann sise grá ar ais dó. Déantar dia beag den bhean agus déantar cur síos ar a háilleacht ó bharr a cinn go bonn a coise. Ba mhinic an file ag titim i ngrá le bean nach bhfaca sé riamh agus ag éirí tinn de bharr neart a ghrá di!

Foirmeacha: Bhíodh na hamhráin déanta suas de véarsa agus cúrfá de ghnáth. Chanadh an ceoltóir aonair an véarsa agus chanadh an lucht éisteachta an curfá. Taobh istigh den véarsa bhíodh frása A ann, canta dhá nó trí huaire nó níos mó, agus ansin frása B ag deireadh an véarsa. Bhíodh an curfá bunaithe ar fhrása B, agus rinne an struchtúr seo níos éasca é don lucht éisteachta canadh mar bhíodh an frása cloiste acu díreach sula raibh orthu é a chanadh.

Tonúlacht: Bhí tionchar nach beag ag cantaireacht Ghréagórach (réchantaireacht) ar shéiseanna agus tonúlachtaí na n-amhrán. Dá bharr sin baineadh úsáid i gceol na dtrúbadóirí as na seanmhóid eaglasta.

Séiseanna: Bhíodh réimse cúng ag an gceol an chuid is mó den am. Chomh maith leis sin bhíodh ornáidiú ann go minic agus d'fhág sé seo go mbíodh cumas faoi leith ag teastáil ón gcantóir leis na hamhráin a chanadh go héifeachtach. Bhíodh léim suas de 5ch coitianta i roinnt amhrán. Simplíocht an tréith is suntasaí atá sa cheol, agus bíonn go leor athsheinm déanta ar na frásaí.

Rithim: Bhíodh roinnt den cheol an-bhríomhar ar fad agus glacaimid leis go mbíodh drumaí á seinm leis an gceol leis an rithim sin a threisiú. Bhíodh roinnt de na hamhráin mall, suaimhneach chomh maith. Bhíodh an rithim simplí i gcónaí.

Uirlisí

Níl aon eolas cruinn againn faoi na huirlisí a seinneadh leis an gceol seo ach is féidir linn a dhéanamh amach ó phictiúir atá againn ón am sin go mbíodh uirlisí in úsáid. Tá fhios againn gur úsáideadh *vièles* (fidlí) agus cruiteanna beaga, agus is féidir a shamhlú go mbeadh uirlisí boghacha in úsáid chomh maith. I measc na n-uirlisí eile a bhí thart ag an am sin tá giotar, corn, drumaí.

Sampla 1: **Au tans d'aoust que fuille de boschet. Ní fios cé a chum.**



Sampla 2: **Reis Glorias le Guiraut Borneilh**

Alba nó amhrán éirí na gréine atá anseo. Bhíodh an cineál amhráin seo coitianta agus déanann sé cur síos ar shuíomh nuair a bhí cara leis an mbeirt a thug grá dá chéile ag faire amach dóibh. Bhí air a insint dóibh nuair a thosaigh an ghrian ag éirí mar go raibh orthu scarúint lena chéile ag an am sin. Is ceann de na hamhráin is cáiliúla de na trúbadóirí é Reis Glorias. Críochnaíonn gach véarsa le habairt "et ades sera l'alba" (agus beidh an ghrian ag éirí go luath"). Léirítear an léim de 5ch ag an tús.



Cleachtadh 8.2.1

1. Can an dá amhrán thuas.
2. Má sheinneann aon duine sa rang uirlis, seinn an tséis ar an uirlis sin.
3. Faigh roinnt cnaguirlisí agus seinn iad sin leis an gcanadh agus leis an seinm.

Cleachtadh 8.2.2

Freagair na ceisteanna seo a leanas faoi *Au Tans*:

1. Cén t-amchomhartha atá ag an amhrán? _____
2. Ainmnigh tréith amháin de cheol na dtrúbadóirí atá le fáil san amhrán seo:

   _____
3. Cén mód ina bhfuil an ceol? _____
4. An ngluaiseann an ceol i gcéimeanna nó i léimeanna an chuid is mó den am?

   _____

5. Cén t-amhrán is fearr leat den dá cheann thuas? Cuir fáth le do fhreagra:

_____

Cleachtadh 8.2.3

Freagair na ceisteanna seo a leanas faoi *Reis Glorias*:

1. Cén móid ina bhfuil Reis Glorias? _____
2. An mbogann sé i gcéimeanna nó léimeanna an chuid is mó den am?

_____

4. Ainmnigh trí dhifríocht idir an dá amhrán:
   i. _____
   ii. _____
   iii. _____

Aonad 3: Reggae

Catagóir: Ceol Eitneach

Stair: Tá cáil mhór ar cheol reggae san Iamáice. Bhí tionchar mór ag ceol ó iarthar na hAfraice ar cheol na hIamáice. Bogadh na daoine seo mar sclábhaithe chuig coilíneach Spáinneach. Tháinig Reggae chun cinn ar dtús mar stíl roc ag deireadh na seascaidí. Seasann sé don stíl cheoil oifigiúil atá ag an reiligiún 'Rastafarianism', reiligiún ina gcreidtear gurb é Haile Selassie I, Impire na Aetóipe idir 1934 agus 1970, fréamh Íosa Críost.

Uirlisí: Cruthaíonn drumaí agus dordghiotár bunús an cheoil reggae. De ghnáth bíonn na buillí sioncóipithe sna drumaí agus úsáidtear an dord-druma chun an buille leathan a choimeád. Úsáideann seinnteoirí cnaguirlisí tambóirín, siombail, conga chomh maith chun an rithim a shainiú. Tá srian dian ar an méid rithimí difriúla a úsáidtear chun a chinntiú nach léirítear uigeacht róghnóthach.

Rithim: Athsheinntear séis ghairid ar an dordghiotár. Glaoitear *rif* air seo agus tugann stíl agus ábhar an *rif* aitheantas don amhrán. Toisc go bhfuil sé mar thréith thábhachtach den amhrán seinntear é go fíorláidir. Go minic seachnaíonn an *rif* an chéad agus an tríú buille láidir atá sa bharra (am 4//4), rud a thugann béim chiúin do na buillí seo. Tá níos mó béime air seo toisc go bhfuil an giotár aimplithe go láidir, rud a chruthaíonn modh 'siar-bhuille' trom. Tréith eile de cheol reggae ná an tslí ina seinntear na cordaí. Seinntear giotár rithimeach nó méarchlár nó an dá cheann sa tslí go bhfágann siad ar lár an chéad bhuille láidir agus an tríú buille láidir amhail an dord-rif.

Séiseanna: Tá rithimí na séiseanna sna hamhráin i gcónaí bríomhar agus sioncóipithe i gceol reggae. Tugann siad codarsnacht éifeachtach don dord-rif. Bíonn gach séis san amhrán in dhá pháirt, de ghnáth véarsa agus curfá. Tagann níos mó amhránaithe agus seinnteoirí uirlise isteach don churfá. Éist le Kingston Town le UB40. Is féidir leat an véarsa agus curfá a chloisteáil ann.

Ábhar

Léirítear ábhair dháiríre sna hamhráin m.sh. bochtaineacht, polaitíocht agus reiligiún. Go minic bíonn chomhcheangail ag na hamhráin le gluaiseachtaí sibhialta na ngormach agus tá tagairt do dhaoine gorma cáiliúla in an-chuid amhrán reggae mar shampla 'Happy Birthday' le Stevie Wonder a scríobhadh in ómós cheannaire na gluaiseachta sibhialta Martin Luther King. http://www.youtube.com/watch?v=FchMuPQOBwA Tá an t-amhrán seo níos nua-aimseartha ná Jammin' le Bob Marley, agus tá tionchar an cheoil pop le cloisteáil ann chomh maith leis an stíl reggae.

Bob Marley

Tá cáil mhór ar Marley mar dhuine de na hamhránaithe reggae is fearr. Is é siúd an chéad duine sa stíl reggae a bhí cáiliúil go hidirnáisiúnta. Rugadh é sa bhliain 1945 i gclann bhocht Trenchtown, limistéar geiteo de na gormaigh i Kingston, príomhchathair Iamáice. Bhunaigh sé a bhanna ceoil féin 'The Wailers' agus tháinig cáil orthu ag deireadh na seascaidí agus go luath sna seachtóidí in Iamáice agus ar fud an domhain. Bhain na hamhráin a bhí acu leis an bpolaitíocht agus go minic le drochshaol na ndaoine gorma san Iamáice.

Cleachtadh 8.3.1

Éist leis an bpíosa ceoil seo ar Youtube agus freagair na ceisteanna thíos.
http://www.youtube.com/watch?v=5WlCdiU9IzA Bob Marley "Jammin'"

1. Cén t-amchomhartha atá ag an amhrán seo?
2. Féach ar Bob Marley ag seinm an ghiotáir. Buaileann sé dhá buille láidir i ngach barra, agus dhá bhuille lag. Cén dá bhuille atá láidir?
3. Ainmnigh na huirlisí atá ag seinm.
4. Cén téama atá san amhrán?
5. Tabhair sampla de rithim shioncóipithe san amhrán.
6. Éist leis an dordghiotár agus an rif a sheinntear air. An athraíonn sé mórán i rith an amhráin?

Cleachtadh 8.3.2

Éist leis an bpíosa ceoil seo ar Youtube agus freagair na ceisteanna thíos.

http://www.youtube.com/watch?v=fT1Sa91N75E UB40 Kingston Town

1. Cén t-amchomhartha atá ag an amhrán seo?
2. Cén buillí ar a seinntear na cordaí?
3. Cén cnaguirlisí atá á sheinm?
4. Cá bhfuil Kingston Town? Cén bhaint atá aige le ceol reggae?
5. Tabhair sampla de shioncóipiú san amhrán.
6. Faigh pictiúr de Bob Marley nó seinnteoir reggae eile agus greamaigh i do chóipleabhar é.

Aonad 4 – Ceol Ealaíne ón 20ú haois



Sa tréimhse stairiúil seo thug na cumadóirí cúl leis an stíl cheoil a cumadh go dtí seo agus thosaigh siad ag cuartú bealaí úra lena gcuid smaointe a léiriú. Tá cuid de na modhanna nua sin liostáilte thíos:

Modhanna Nua Cumadóireachta

a. Ioltonúlacht: comhcheol a bhaineann le níos mó ná gléas amháin ag an am céanna.
b. Neamhthonúlacht: Gan gléas ar bith a bheith in úsáid. Bíonn gach nóta ar chomhthábhacht agus mar sin ní bhíonn aon nóta le lárthonúlacht cosúil le dó sa chóras sólfá tonach.
c. Micreathonúlacht: Baintear úsáid as scálaí le hidirchéimeanna níos lú ná leath-thon. Fuaimníonn a leithéid "as tiúin" dúinne a bhfuil cleachtadh againn ar cheol an Iarthair, mar nach bhfuilimid cleachtaithe leis
d. Cordaí bunaithe ar cheathracha: Sna cordaí a bhfuil cleachtadh againn orthu tréacha a bhíonn i gceist (C - E - G) Anois tá na cordaí déanta suas de 4cha (C - F - B).
e. Srathadh: I gcóras srathadh Schönberg rinneadh eagrú srathach ar an tséis – seinntear an dá nóta déag den scála crómatach in ord faoi leith i gcónaí tríd an bpíosa. Níl cead an t-ord seo a bhriseadh, ach is féidir nótaí a sheinm le chéile le cordaí a dhéanamh fhad is nach mbristear ord na sraithe. Chuaigh cumadóirí eile níos faide ná seo mar go ndearna siad srathadh ar an rithim, comhcheol, dinimicí agus tondath(*timbre)*.
f. Ceol Leictreonach: Tá an-chuid forbartha déanta ar cheol leictreonach sa Ghearmáin agus san Iodáil. Sa stiúideo leictreonach, cuireann an cumadóir patrún fuaime le chéile agus déanann sé iad a thaifeadadh ar théip. Is féidir an ceol a athrú ar go leor bealaí nuair atá sé taifeadta - is féidir na patrúin a sheinm droim-ar-ais nó ag luasanna éagsúla.
g. Ceol Íosta (*minimal music*) (Íostachas = *minimalism*): Tháinig an stíl seo chun tosaigh go mall sna seascaidí, go speisialta i gceol na Meiriceánach Steve Reich agus Philip Glass. Seinntear pátrúin ostinato (airpéitsí nó cordaí-briste, tonúil de ghnáth) arís agus arís agus arís eile. Bíonn an chuma ar an gceol nach bhfuil dul chun cinn ar bith ann, ach bíonn mion-athruithe ann a fhágann go bhfuil dul chun cinn ann cé go bhfuil sé an-mhall. Tagann na smaointe ó cheol na hAfraice agus ón India, rud a léiríonn an tionchar a bhíonn ag cultúir éagsúla an domhain ar a chéile.

Déanfaimid scrúdú anois ar stíl eile nua a tháinig chun cinn le roinnt blianta anuas agus gur féidir a thriail sa seomra ranga.

Ceol Seansúil (*Aleatory*): D'fhás an stíl seo mar fhreagra ar na stíleanna nua eile. Bhí gach rud leagtha amach roimh ré sna stíleanna sin agus bhí fhios ag an gcumadóir go díreach caidé mar a fhuaimneodh an ceol, díreach cosúil leis an gceol a cumadh leis na céadta bliain roimhe. Le ceol seansúil ní fios caidé mar a fhuaimneoidh an ceol roimh ré. John Cage an príomh-léiritheoir a bhí sa stíl seo. Tá an seinnteoir chomh saor agus is féidir leis a bheith chun tobchumadh a dhéanamh (taobh istigh de na teorainneacha atá leagtha síos ag an gcumadóir). Go minic sa stíl seo níor bhac an cumadóir le nodaireacht traidisiúnta, ach d'úsáid sé nodaireacht ghrafach.

Sampla amháin de phíosa ceoil sa stíl seo ná "*Imaginary Landscape*" le John Cage áit a bhfuil 12 raidió ag seinm ag an am céanna. Thig leis na seinnteoirí an fhuaim a chur suas nó síos, nó an stáisiún a athrú de réir mar is mian leo. Braitheann an píosa ceoil ar caidé atá ar na stáisiúin éagsúla ag an am. Is furasta a aithint nach mbeadh aon dá sheinm den phíosa seo mar an chéanna. Is féidir an píosa ceoil seo a sheinm sa seomra ranga.

Cleachtadh 8.4.1

Beidh ar gach duine raidió a thabhairt isteach sa rang ceoil. Sula gcuireann sibh an raidió ar siúl roghnaigh am teorainn don phíosa ceoil. B'fhéidir go mairfidh an píosa dhá nóiméad nó b'fhéidir níos lú ná sin. Iarr ar do mhúinteoir an taifeadán a chur ar siúl nuair atá sibh réidh le tosú. Sa dóigh seo beidh sibh ábalta éisteacht siar leis nuair atá sibh críochnaithe. Roghnaigh gach duine agaibh stáisiún agus cuir an raidió ar siúl. Is féidir an fhuaim a chur suas nó síos nuair is mian leat é agus is féidir leat do stáisiún a athrú más maith leat. Ag deireadh an am a bhí socraithe, múch an raidió – tá an píosa thart!



Cleachtadh 8.4.2

Éistigí leis anois, agus tabhair do thuairim faoin bpíosa cumadóireachta atá déanta agaibh.

1. An maith leat an "ceol"?
2. An bhfuil fuaim éifeachtach ag baint leis?
3. An bhfuil buaicphointe le cloisteáil ann?
4. Ar mhaith leat éisteacht leis seo ar MP3 le do rogha ceoil eile? Cén fáth?
5. An bhfuil aon tuairimí agat faoi conas feabhas a chur ar an bpíosa seo?

4’ 33” is teideal do phíosa eile a chum John Cage. Sa phíosa seo níl ann ach seinnteoir amháin, ag an phianó, agus suíonn an seinnteoir ag an uirlis ar feadh 4 nóiméad 33 soicind. Ní sheinntear nóta ná ní dhéantar aon fhuaim faoi leith. Ba é an smaoineamh a bhí ag an chumadóir ná gurb é ceol an tsaoil nó ceol na beatha féin a bhí le cluinstin ag an lucht éisteachta. Mar sin b’fhéidir go mbeadh duine amháin ag casachtaí, nó gíoscán ó shuíochán le brath agus ba iad na fuaimeanna seo, measctha leis an tost, an t-aonad ar a thug an cumadóir 4’ 33”. Bainigí triail as an phíosa seo a thaifeadadh sa rang.

Cleachtadh 8.4.3

Roghnaigh duine amháin sa rang mar “oirfideach”. Suíonn an duine sin ag an bpianó. Roghnaigh duine eile mar amadóir. Cuir an taifeadán ar siúl. Tosaíonn an píosa ceoil. Éisteann gach duine eile sa rang. Ag deireadh an ama – 4 nóiméad agus 33 soicind – cuir stop leis an taifead. Tá an píosa ceoil thart.

Cleachtadh 8.4.4

Éistigí siar leis an phíosa. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a bhí le cloisteáil?
2. Ar thaitin an “ceol” leat?
3. An dóigh leat gur ceol éifeachtach é?
4. Ar mhaith leat an taifead seo a bheith agat ar mp3 le do rogha ceoil eile? Cén fáth?
5. An dtabharfá “ceol” air seo? Cén fáth?

Ceann de na prionsabail is tábhachtaí sa cheol nua-aimseartha seo ná gur ceol don intleacht a bhíonn ann go minic. Ó na tréimhsí stairiúla is luaithe bhí an ceol ann don damhsa nó don phléisiúr, don chath nó don chreideamh, d’fhreastail an ceol ar spiorad an duine, nó ar a mhothúcháin. Ach i rith an fichiú haois thosaigh an ceol ag freastal ar intinn an duine. Níor léirigh an ceol mothúcháin an chumadóra amháin níos mó ach léirigh sé a smaointe agus éilíonn sé ar an éisteoir a intleacht a úsáid chun tuiscint cheart a fháil ar an gceol. Mar sin le héisteacht le píosa ceoil nua-aimseartha is gá tuiscint a fháil ar an mbunphrionsabal atá taobh thiar de, ar an modh cumadóireachta ann agus ar aidhm an chumadóra sa cheol, le fíorluach an cheoil a aithint. Ní leor suí siar agus pléisiúr a bhaint as an gceol níos mó gan dianstaidéar a dhéanamh ar chúlra an phíosa, agus go minic ní féidir mórán pléisiúir a bhaint as an gceol nua-aimseartha go dtí go dtuigtear an cúlra sin mar go mbíonn sé neamhthonúil, foréigneach, mí-rialta, mearbhlach.

Aonad 5: Ceol Siopa Bearbóra

Catagóir: Genres finúntacha ceoil as traidisúnta an phobail

Stair agus Cúlra: Thosaigh an stíl cheoil seo i siopaí bearbóra (gruagaire d'fhir) sa 16ú agus 17ú haois mar go mbíodh ceol ar siúl ann go rialta. Bhíodh uirlisí simplí ar fáil sna siopaí seo do na custaiméirí agus iad ag fanacht ar bhearradh gruaige. Dá mbeadh na bearbóirí iad féin ag fanacht idir custaiméirí sheinnidís na huirlisí chomh maith agus d'éirigh cuid mhaith de na bearbóirí an-mhaith ar na huirlisí. Tháinig deireadh leis an nós seo i Sasana ag tús an 19ú haois, ach leanadh leis i Meiriceá, áit a raibh athbheochan sa stíl sa 20ú haois. An chiall a bhaineann leis an teideal anois ná an saghas comhcheoil canta a bhíodh in úsáid.

Oirfidigh: Go stairiúil, is ceathairéad a bhíonn i gceist – ceathrar fear – a chanann gan aon tionlacan ó uirlisí. Is é an teanór an guth is airde ach ní chanann sé an fonn, rud atá neamhghnách go leor. An dara guth síos an príomhchantóir. Ansin bíonn baratón agus dord. Leis an bhforbairt a tháinig ar an stíl seo sa 20ú haois go minic bíonn níos mó ná ceathrar ann – is féidir cór siopa bearbóra a thabhairt ar ghrúpa mar seo má tá grúpa mór ann. Nó seisréad (6) nó seachtréad (7) nó a leithéid sin má tá níos lú daoine ann. Bíonn grúpaí ban ann fosta nó grúpaí le meascán d'fhir agus de mhná iontu. Sa chás seo is minic a chanann na sopráin an tséis. Ní bhíonn aon tionlacan ann riamh.

Stíl: Comhcheol gan tionlacan le go leor nótaí crómatacha an phríomhthréith atá ag an stíl cheoil seo. Bíonn cordaí de sheachtaigh thánaisteacha in úsáid go mion minic tríd na hamhráin. Sin corda D7 (D, F#, A, C) nó A7 (A, C#, E, G) i ngléas C mór. Is minic dá bharr sin go mbíonn líne ag páirt amháin ag titim i leathchéimeanna. Is féidir é seo a chloisteáil sa churfá deireanach den amhrán Old Rugged Cross canta ag Fresh Blend. Amhráin ghrá a chantar go minic agus tá sé coitianta greann a bheith le fáil sna hamhráin seo. Bíonn modhnú an-choitianta fosta, le curfá canta suas leathchéim.

Rithim: Is minic a bhíonn rithim bhríomhar shioncóipithe sa stíl cheoil seo. Cuireann sé seo leis an ngreann san amhrán agus cuireann sé chomh maith le mothú an cheoil a bhíonn

éadrom go hiondúil. Tá sé seo le cloisteáil go soiléir gach uair a chantar na focail "I Got Rhythm" (san amhrán le George Gershwin) le sioncóipiú ar an bhfocal "rhythm". Faightear macalla rithimeach ar a bhfuil canta roimhe seo go minic ag deireadh frásaí ag guthanna seachas an príomhghuth mar shampla "old rugged cross" mar mhacalla sa chúrfá canta ag Fresh Blend ar "YouTube". Cuardaigh "Fresh Blend – Old Rugged Cross". http://www.youtube.com/watch?v=F3894K79DR4&feature=related

Grúpaí: Is minic a bhíonn ainmneacha greannmhara nó cliste ar an ngrúpa siopa bearbóra, m.sh. 'Ba Natural' agus 'The Polyphonics'. Bíonn roinnt grúpaí eile a chanann sa stíl seo agus ceol eile gan tionlacan mar shampla 'The King's Singers' agus an grúpa as an bhFionnlainn 'Rajaton' (ainm a chiallaíonn 'gan srian'). Go minic déanann na grúpaí seo forbairt ar an stíl, agus déanann siad aithris ar fhuaimeanna uirlisí. Bíonn sé deacair a aithint nach bhfuil ann ach aithris mar go mbíonn na fuaimeanna chomh réalaíoch. Is féidir sampla greannmhar den stíl seo a fheiceáil agus a chloisteáil san amhrán 'I Got Rhythm' le George Gershwin canta ag an ngrúpa 'Fred'. Nó ag na King's Singers ag canadh Flight of the Bumble Bee ar YouTube. Féach air: http://www.youtube.com/watch?v=hFyRruZLchM

Cleachtadh 8.5.1

Éist leis an bpíosa ceoil seo ar Youtube agus freagair na ceisteanna thíos. http://www.youtube.com/watch?v=bpm3EGJlHF4 Nó cuardaigh "Fred - I got Rhythm"

1. Cé mhéad cantóir atá sa ghrúpa?
2. Ainmnigh aon uirlis atá ann.
3. Cé mhéad páirt éagsúla atá á canadh?
4. Tabhair trí shampla de ghreann sa cheol.
5. An bhfuil nótaí crómatacha le cloisteáil sa cheol?
6. Tabhair sampla de rithim shioncóipithe.

Cleachtadh 8.5.2

Éist leis an bpíosa ceoil seo ar Youtube agus freagair na ceisteanna thíos. http://www.youtube.com/watch?v=F3894K79DR4&feature=PlayList&p=F55365AC0CB61E60&playnext_from=PL&playnext=1&index=13 Nó cuardaigh: "The Old Rugged Cross – Fresh Blend"

1. Cé mhéad duine atá ag canadh?
2. Cén duine a chanann an tséis?

3. Cé mhéad páirt atá á gcanadh?
4. Is amhrán traidisiúnta é seo canta i stíl siopa bhearbóra. Cén tréithe den stíl seo atá le cloisteáil ann?
5. Cén tréithe den stíl nach bhfuil le cloisteáil ann?
6. Ainmnigh na deacrachtaí a bheadh ag gruagaire na laethanta seo tús a chur le nós an cheoil ina s(h)iopa.
7. Ar mhaith leat a leithéid de cheol a bheith ar fáil agus tú ag fáil bearradh gruaige? Cén fáth?
8. Déan plé i ngrúpaí ar na saghasanna ceoil gur mhaith libh a chloisteáil sa ghruagaire.

Aonad 6 - Athdhéanamh

Líon isteach an tábla seo bunaithe ar dhá nó ar thrí phíosa atá ullmhaithe agat don staidéar ginearálta.

Ainm:	Píosa 1	Píosa 2	Píosa 3
Teideal			
Cumadóir/ Seinnteoir(í)			
Séis			
Rithim			
Comhcheol			
Uigeacht			
Foirm			
Tréithe an cheoil agus oiriúnacht don staidéar ginearálta			
Fad an cheoil			
Tonúlacht (Mór nó mion nó modúil)			
Luas an cheoil			
Mothú			

Caibidil 9: Tríchordaí



	Clár Ábhair	Leathanach
Réamhrá:	Cuspóirí an tSiollabais: Cumadóireacht	180
Aonad 1:	Tríchordaí	181
Aonad 2:	Cleachtaí	185

Réamhrá – Cuspóirí an tSiollabais

Cumadóireacht

Tríchordaí

Mar mhodh le réamheolas ginearálta a chur ar na prionsabail a bhaineann le cumadh armóine, beifear ag súil go mbeidh tuiscint ag na hiarrthóirí uile ar mhianach an tríchorda idir mhór agus mhion agus go mbeidís in ann ionaid ar leith a mholadh lena n-úsáid i bhfonn a thugtar le téacs nó amhrán.

Nóta don mhúinteoir:

Moltar go láidir úsáid a bhaint as rothlaim éagsúla i dteagasc na harmóine. Is féidir leabhair rothlam a cheannach go héasca, agus/nó oibriú leis na daltaí ar rothlam dá gcuid féin a chumadh ag cloí le cordaí I agus V.



Aonad 1: Tríchordaí

Réamhullmhúchán:

Can an rothlam seo thíos (i) gach duine le chéile agus ansin (ii) i gceithre pháirt le gach duine ag tosnú 2 bharra i ndiaidh a chéile.



Cén leagan is fearr leat? Gach duine ag canadh an rud céanna? Nó ceithre pháirt ag canadh le chéile? Tugaimid rothlam ar an saghas amhráin seo gur féidir a chanadh i bpáirteanna. Ní oibríonn gach amhrán amach chomh deas. Bainaigí triail as Báidín Fheilimidh a chanadh mar seo – ní fhuaimníonn sé ró-dheas!

Má scríobhtar amach an rothlam thuas mar seo thíos feicimid cén fáth go bhfuaimníonn sé go deas:



Má fhéachaimid síos na cliatha ar na nótaí atá canta le chéile feicimid i mbarra 1, buille 1 na nótaí C, E agus G canta le chéile. Tugtar tríchorda ar na nótaí C, E, G le chéile. Foghlaimeoimid níos mó faoi thríchordaí anois.

Tríchordaí:

Is éard is tríchorda ann ná corda de 3 nóta. Chun tríchorda a chruthú roghnaigh an tonach (dó), an meánach (mí) agus an ceannasach (só) – sin nótaí 1, 3 agus 5, mar atá i **Sampla 1** thíos.

Sampla 1
Gléas C mór =

C	**D**	**E**	**F**	**G**	**A**	**B**	**C**			
			1	**2**	**3**	**4**	**5**	**6**	**7**	**8**
			dó	**ré**	**mí**	**fá**	**só**	**lá**	**tí**	**dó**

Corda C = **C = tonach = dó**
+
E = meánach = mí
+
G = ceannasach = só

Tríchorda = **C + E + G**

Tá 7 nóta sa scála agus mar seo is féidir corda a bhunú ar aon cheann de na nótaí sin. Beidh idir mhionchordaí agus mhórchordaí ann. Braitheann tonúlacht an chorda (.i. an bhfuil sé mór nó mion) ar an meánach, nó an idirchéim idir an tonach agus an meánach.

Seo a leanas na tríchordaí sa ghléas C mór
Tríchorda I: C mór = C,E,G
Tríchorda ii: D mion = D,F,A
Tríchorda iii: E mion = E,G,B
Tríchorda IV: F mór = F,A,C
Tríchorda V: G mór = G,B,D
Tríchorda vi: A mion = A,C,E
Tríchorda vii: B laghdaithe = B, D, F

Éist anois nuair a sheinneann do mhúinteoir iad. Má sheinneann tú an giotár nó méarchlár is féidir leat iad a sheinm sa bhaile.

Tabhair faoi deara thuas go scríobhtar roinnt de na tríchordaí le ceannlitreacha (I, IV, V) agus roinnt le mionlitreacha (ii, iii, vi). Seo chun idirdhealú idir mion agus mór. Mar shampla, tá corda V ina mhórchorda agus tá corda ii ina mhionchorda.

Is féidir idirdhealú idir mórchorda agus mionchorda mar seo a leanas:

Tá **tonn go leith (nó trí leath-thon)** idir an bun-nóta agus an meánach sa mhionchorda
Tá **2 thonn (nó ceithre leath-thon)** idir an bun-nóta agus an meánach sa mhórchorda

Le Foghlaim

Tríchorda Mór: Corda de 3 nóta, le ceithre leath-thon idir an bun-nóta (tonach) agus an meánach

Tríchorda Mion: Corda de 3 nóta, le trí leath-thon idir an bun-nóta (tonach) agus an meánach

Ag Scríobh Tríchordaí

Is féidir tríchordaí a scríobh ar bhealaí éagsúla:

1. Le litreacha A, B, C (mar shampla, corda V sa ghléas C mór ná G, B,D)

2. Sa sólfá tonach (mar shampla, corda I sa ghléas C mór ná dó, mí, só,).

3. Ar an gcliath mar seo a leanas:



4. Méarú don ghiotár mar seo a leanas:



Cleachtadh 9.1.1

I do lámhscríbhinn scríobh na tríchordaí seo a leanas in eochair na tribile:

1. Gléas C, corda C mór

2. Gléas G, corda G mór

3. Gléas G, corda D mór

4. Gléas G, corda C mór

5. Gléas D, corda D mór

6. Gléas F, corda G mion

7. Gléas F, corda F mór

8. Gléas F , corda A mion

Le Foghlaim
Bain úsáid as an ngreille thíos chun cordaí a aithint go gasta – is féidir a leithéidí a chruthú do ghléasanna eile.

Gléas C mór

Corda	I (Mór)	ii (mion)	iii (mion)	IV (mór)	V (mór)	vi (mion)	vii(laghdaithe)
Bun-nóta	C	D	E	F	G	A	B
Tréach	E	F	G	A	B	C	D
Cúigeach	G	A	B	C	D	E	F

Gléas G mór

Corda	I (Mór)	ii (mion)	iii (mion)	IV (mór)	V (mór)	vi (mion)	vii(laghdaithe)
Bun-nóta	G	A	B	C	D	E	F#
Tréach	B	C	D	E	F#	G	A
Cúigeach	D	E	F#	G	A	B	C

Gléas D mór

Corda	I (Mór)	ii (mion)	iii (mion)	IV (mór)	V (mór)	vi (mion)	vii(laghdaithe)
Bun-nóta	D	E	F#	G	A	B	C#
Tréach	F#	G	A	B	C#	D	E
Cúigeach	A	B	C#	D	E	F#	G

Gléas F mór

Corda	I (Mór)	ii (mion)	iii (mion)	IV (mór)	V (mór)	vi(mion)	vii(laghdaithe)
Bun-nóta	F	G	A	Bb	C	D	E
Tréach	A	Bb	C	D	E	F	G
Cúigeach	C	D	E	F	G	A	Bb

Bb mór

Corda	I (Mór)	ii(mion)	iii(mion)	IV(mór)	V (mór)	vi(mion)	vii(laghdaithe)
Bun-nóta	Bb	C	D	Eb	F	G	A
Tréach	D	Eb	F	G	A	Bb	C
Cúigeach	F	G	A	Bb	C	D	Eb

Tríchordaí sa Cheol

Ní i gcónaí a bhíonn na nótaí i gcorda suite os cionn a chéile sa cheol. Is féidir leo a bheith á seinm ceann i ndiaidh a chéile. Chun tríchorda a aithint sa cheol ní foláir na nithe seo a leanas a chinntiú.

1. Cén gléas ina bhfuil an ceol?
2. Cad iad na cordaí atá féideartha sa ghléas seo? (Déan tábla de na cordaí sa ghléas sin)
3. Cad iad na nótaí atá sa bharra sa phíosa ceoil seo?
4. Cén corda lena mbaineann formhór na nótaí sin?

Cleachtadh 9.1.2

Uimhir 1:

1. Cén gléas ina bhfuil an ceol thíos?



2. Ainmnigh na nótaí i mbarra 2. _____

3. Cén tríchorda a dhéanann na nótaí seo? _____

4. An bhfuil an tríchorda seo mór nó mion? _____

5. Ainmnigh barra amháin eile a d'oirfeadh an tríchorda seo don cheol ann.

_____

6. Ainmnigh na nótaí i mbarra 3. _____

7. Tá na nótaí seo in dhá thríchorda. Ainmnigh an dá cheann.

_____

8. An bhfuil na cordaí seo mór nó mion?

_____

9. Scríobh na tríchordaí seo ar fad ar an dordchliath.



Uimhir 2.

1. Cén gléas ina bhfuil an ceol thíos?



2. Ainmnigh na nótaí i mbarra 1. _____

3. Cén tríchorda a dhéanann na nótaí seo? _____

4. An bhfuil an tríchorda seo mór nó mion? _____

5. Ainmnigh barra eile a d'oirfeadh an corda seo dó. _____

6. Ainmnigh an chéad, tríú agus ceathrú nóta i mbarra 2. _____

7. Cén tríchorda a dhéanann na nótaí seo? _____

8. An bhfuil an tríchorda seo mór nó mion? _____

9. Ainmnigh na nótaí i mbarra 3. _____

10. Cén tríchorda a dhéanann na nótaí seo? _____

11. An bhfuil an tríchorda seo mór nó mion? _____

12. Scríobh an tríchorda seo ar an dordchliath:



Uimhir 3.

1. Cén gléas ina bhfuil an ceol thíos?



2. Ainmnigh na nótaí i mbarra 1. _____

3. Cén tríchorda a dhéanann na nótaí seo? _____

4. An bhfuil an tríchorda seo mór nó mion? _____

5. Ainmnigh na nótaí i mbarra 3. _____

6. Cén tríchorda a dhéanann na nótaí seo? _____

7. An bhfuil an tríchorda seo mór nó mion? _____

8. Scríobh an tríchorda seo ar an dordchliath:



Uimhir 4:

1. Cén gléas ina bhfuil an ceol thíos?

2. Ainmnigh na nótaí i mbarra 1 agus 2_____
3. Cén tríchorda a dhéanann na nótaí seo? _____
4. An bhfuil an tríchorda seo mór nó mion? _____
5. Ainmnigh barra eile a d'oirfeadh an corda seo dó.

   _____
6. Scríobh an trí chorda seo ar an dordchliath.



Uimhir 5:

1. Cén gléas ina bhfuil an ceol thíos?



2. Ainmnigh na nótaí i mbarra 1._____
3. Cén tríchorda a dhéanann na nótaí seo? _____
4. An bhfuil an tríchorda seo mór nó mion? _____
5. Ainmnigh na nótaí i mbarra 2. _____
6. Cén tríchorda a dhéanann na nótaí seo? _____
7. An bhfuil an tríchorda seo mór nó mion? _____
8. Ainmnigh na nótaí i mbarra 3. _____
9. Cén tríchorda a dhéanann na nótaí seo? _____
10. An bhfuil an tríchorda seo mór nó mion? _____

11. Ainmnigh na nótaí i mbarra 4. _____

12. Cén tríchorda a dhéanann na nótaí seo? _____

13. An bhfuil an tríchorda seo mór nó mion? _____

14. Scríobh na tríchordaí seo ar an dordchliath:



Uimhir 6:

1. Cén gléas ina bhfuil an ceol thíos?



2. Ainmnigh na nótaí i mbarra 1 _____

3. Cén tríchorda a dhéanann na nótaí seo? _____

4. An bhfuil an tríchorda seo mór nó mion? _____

5. Ainmnigh na nótaí i mbarra 2 _____

6. Cén tríchorda a dhéanann na nótaí seo? _____

7. An bhfuil an tríchorda seo mór nó mion? _____

8. Ainmnigh na nótaí i mbarra 3 _____

9. Cén tríchorda a dhéanann na nótaí seo? _____

10. An bhfuil an tríchorda seo mór nó mion? _____

11. Ainmnigh na nótaí i mbarra 4 _____

12. Cén tríchorda a dhéanann na nótaí seo? _____

13. An bhfuil an tríchorda seo mór nó mion? _____

14. Scríobh na tríchordaí seo ar an dordchliath:



Uimhir 7:

1. Cén gléas ina bhfuil an ceol thíos?



2. Ainmnigh na nótaí i mbarra 1. _____

3. Cén tríchorda a dhéanann na nótaí seo? _____

4. An bhfuil an tríchorda seo mór nó mion? _____

5. Ainmnigh na nótaí i mbarra 2. _____

6. Cén tríchorda a dhéanann na nótaí seo? _____

7. An bhfuil an tríchorda seo mór nó mion? _____

8. Ainmnigh na nótaí i mbarra 3. _____

9. Cén tríchorda a dhéanann na nótaí seo? _____

10. An bhfuil an tríchorda seo mór nó mion? _____

11. Scríobh an tríchorda i mbarra 3 ar an dordchliath:



Cleachtadh 9.1.3

Tá na ceisteanna seo thíos píosa beag níos deacra mar go bhfuil nótaí eile, sa bhreis ar nótaí na gcordaí amháin, i ngach barra. Sa chás go dtarlaíonn sé seo, ba chóir amharc ar na príomhnótaí – na nótaí a thiteann ar an gcéad bhuille den bharra - agus na nótaí is coitianta i ngach barra. Bain triail as na cleachtaí seo a leanas.

Amharc ar an bpíosa ceoil thíos ansin freagair na ceisteanna a ghabhann leis.



1. Cén gléas ina bhfuil an píosa ceoil? _____
2. Cad iad na cordaí féideartha sa ghléas sin? (Féach ar thábla na gcordaí sa ghléas sin)
3. Cad iad na nótaí i mbarra 1? _____ Cén corda atá i gceist? _____
4. An bhfuil an corda seo mór nó mion? _____
5. Cad iad na nótaí i mbarra 3? _____ Cén corda atá i gceist? _____
6. An bhfuil an corda seo mór nó mion? _____
7. Cad iad na nótaí i mbarra 4? _____ Cén corda atá i gceist? _____
8. An bhfuil an corda seo mór nó mion? _____
9. Cad iad na nótaí i mbarra 5? _____ Cén corda atá i gceist? _____
10. An bhfuil an corda seo mór nó mion? _____
11. Cad iad na nótaí i mbarra 6? _____ Cén corda atá i gceist? _____
12. An bhfuil an corda seo mór nó mion? _____
13. Cad iad na nótaí i mbarra 7? _____ Cén corda atá i gceist? _____
14. An bhfuil an corda seo mór nó mion? _____

Cleachtadh 9.1.4

Séis 1

1. Cén gléas ina bhfuil an tséis? _____
2. Féach ar thábla na gcordaí don ghléas sin.
3. Ainmnigh na nótaí i mbarra 1 _____ b. 2_____ b. 4_____
4. Ainmnigh na cordaí ina bhfuil an chuid is mó de na nótaí sin. i. _____ ii. _____iii._____
5. An bhfuil na cordaí sin mór nó mion? i. _____ ii. _____iii._____
6. Scríobh na cordaí sin ar an dordchliath:



Séis 2

1. Cén gléas ina bhfuil an tséis? _____
2. Féach ar thábla na gcordaí don ghléas sin.
3. Ainmnigh na nótaí i mbarra 2_____ b. 3_____
4. Ainmnigh na cordaí ina bhfuil an chuid is mó de na nótaí sin. i. _____ii. ____
5. An bhfuil na cordaí sin mór nó mion? i. _____ii. _____
6. Scríobh na cordaí sin ar an dordchliath:



Séis 3

1. Cén gléas ina bhfuil an tséis? _____
2. Féach ar thábla na gcordaí don ghléas sin.
3. Ainmnigh na nótaí i mbarra 3_____ b. 4_____
4. Ainmnigh na cordaí ina bhfuil an chuid is mó de na nótaí sin. i. _____

   ii. _____
5. An bhfuil na cordaí sin mór nó mion? i. _____ii. _____
6. Scríobh na cordaí sin ar an dordchliath:





Caibidil 10 – Cumadóireacht Séise



	Clár Ábhair	Leathanach
Réamhrá:	Cuspóirí an tSiollabais	194
Aonad 1:	Frása freagartha agus Focail a chur le frása tugtha	195
	Cleachtadh	196
Aonad 2:	Séis a chríochnú	197
	Cleachtadh	198
Aonad 3:	Frásaí Freagartha	200
	Cleachtadh	202
Aonad 4:	Smaointe breise don chumadóireacht	204

Réamhrá – Cuspóirí an tSiollabais

Séis a Scríobh

Beidh ar na hiarrthóirí uile a léiriú go bhfuil leorthuiscint acu ar uraiceacht an cheoil agus dóthain samhlaíochta éisteachta acu chun go mbeadh ar a gcumas míreanna séise a cheapadh agus a scríobh ar chliath na tribile. Ní mór a bheith in ann na hidirchéimeanna coiteanna diatonacha ó aontach (aoncheol) go hochtach, luachanna rithime ón leathlán go dtí an camán (minimí poncaithe agus croisíní poncaithe san áireamh) agus na hamchomharthaí coiteanna i mórscálaí suas le dhá ghéar agus dhá mhaol a úsáid go héasca.
Tharlódh go dtabharfaí ceisteanna scrúdaithe bunaithe ar chora clasaiceacha traidisiúnta, ar chora clasaiceacha nó ar chora pobail, agus ní mór d'iarrthóirí ceann amháin de na bealaí seo a leanas le freagraí a chur i láthair a roghnú.

(a) Míreanna a chur le rithimí agus/nó méadair nó focail a thugtar; Nó

(b) Míreanna a bhunú ar ghiotaí séise a thugtar; Nó

(c) Míreanna freagracha d'oscailt a thugtar.

Nóta don mhúinteoir:
Go dtí seo ar an leagan Gaeilge de pháipéar ceoil an Teastais Shóisearaigh iarrtar ar dhaltaí ceol a chur le focail i mBéarla. Tá neart samplaí den fhilíocht Bhéarla gur féidir a úsáid chuige seo. Sa leabhar seo tugtar focail i nGaeilge amháin le taispeáint conas tabhairt faoin rithim a scríobh le focail. Leantar na treoracha céanna sa dá theanga.

Aonad 1: Frása freagartha & Focail a chur le frása tugtha

Tá rialacha faoi leith ag baint le focail a chur le ceol. An rud is tábhachtaí ná go mbeadh rithim an cheoil ag freagairt go díreach do rithim na bhfocal. Maidir leis an gceol féin, leantar na treoracha céanna a thugtar níos faide anonn sa chaibidil faoi Aonad 2.

Rithim a chur le focail a thugtar

Sampla 1: Má fhaighimse sláinte beidh caint is tráchtadh
'ran méid a báthadh as Eanach Dhúin.

1. Ar dtús bris suas na focail sna siollaí.

Má fhaighim-se slái-nte beidh caint is trácht-adh

'ran méid a báth-adh as Ean-ach Dhúin.

2. Cuir líne faoi na siollaí a bhfuil béim orthu:

Má fhaighim-se <u>slái</u>-nte beidh caint is <u>trácht</u>-adh.

'ran méid a <u>báth</u>-adh as Ean-ach <u>Dhúin.</u>

3. Oibrigh amach an t-amchomhartha: 3/4 sa chás seo.

4. Cuir pátrún rithime leis na focail ag baint úsáide as nótaí fada agus gearra.



Sampla 2:
Mise Raifteirí, an file, lán dóchais is grá,
Le súile gan solas, ciúineas gan crá.

1. Bris suas na siollaí:

Mi-se Raif-teir-í an fi-le, lán dó-chais is grá,

Le súi-le gan so-las, ciúin-eas gan crá.

2. Cuir líne faoi na siollaí a bhfuil béim orthu.

Mi-se <u>Raif</u>-teir-í an <u>fi</u>-le, lán <u>dó</u>-chais is <u>grá</u>,

Le <u>súi</u>-le gan <u>so</u>-las, <u>ciúin</u>-eas gan <u>crá</u>.

3. Oibrigh amach an t-amchomhartha. 3/4 atá ann.

4. Cuir pátrún rithime leis na focail ag baint úsáide as nótaí fada agus gearra.



10.1.1 Cleachtadh

Cuir pátrún rithime leis na focail seo a leanas:

1. Ó áit go háit ba bhreá mo shiúl
‘Sdob ard mo léim ar bharr an tsléibh’
San uisce fíor ba mhór mo dhúil
‘s ba bheo mo chroí i lár mo chléibh. *Dubhghlas de hÍde*

2. Is eagal liom gur dainid leat mo ghrá,
Is eagal liom nach dílis tú mar táim,
Is eagal liom go bhfuil do ghean ag trá
‘s níl síoth na sult dá dheasca san im’ lár. *Áine Ní Fhoghlú*

3. A Shliabh gheal gCua na féile, is fada uait i gcéin mé,
Im shuí cois cuain i m’aonar go tréith lag fé bhrón. *Pádraig Ó Miléadha*

4. Tháinig long ó Valparaiso
Scaoileadh téad a seol sa chuan;
Chuir a hainm dom i gcuimhne
Ríocht na gréine, tír na mbua. *An Dr. Pádraig de Brún*

5. Maidin sa bhFómhar le lonradh an lae
Is ea dhearcas ó fhuinneog mo sheomra féin
Fiach dubh feasa ar an bhfalla ina shuí,
Rianaí a thaistil ó thalamh thar toinn. *Piaras Béaslaí*

6. Gunna líonta maidin Gheimhridh,
Sin is bosca piléar nua.
Méar á lúbadh, caochadh súile,
‘S d’imigh uaim na géanna! *Tomás Tóibín*

Aonad 2: Séis a chríochnú

Nuair a thugtar an chéad barra den tséis duit, lean na treoracha seo le séis mhaith cheolmhar a chumadh.

1. Scríobh amach an pátrún rithime ar dtús. Bíodh cosúlachtaí idir an rithim i mbarra 1 agus barra 2. Bíodh an rithim i mbarra 3 éagúil, le cosúlacht amháin leis an gcéad dá bharra. Bíodh nóta amháin fada agat sa bharra deireanach – nóta a líonann an barra iomlán.
2. Bain triail as seicheamh a scríobh idir barra 1 agus 2. Bain úsáid as na nótaí atá tugtha i mbarra 1, agus scríobh suas céim iad i mbarra 2. Tugann sé seo aontacht don cheol agus chomh maith leis sin mothaítear dul chun cinn mar go bhfuil an pátrún athsheinnte suas céim amháin.
3. Déan iarracht na nótaí i mbarra 3 a bhunú ar chorda V (só, tí, ré). Tugann sé seo an ceol chuig buaicphointe agus brúnn sé chun deiridh é.
4. Críochnaigh ar an dó is cóngaraí don tí a d'úsáid tú i mbarra 3.

Amharc ar na samplaí seo thíos:

Sampla 1:



1. Tugtar an chéad bharra duit.
2. I mbarra 2 athsheinntear an pátrún ón gcéad bharra suas céim gan an pátrún a athrú.
3. Athraítear an pátrún rithime sa 3ú barra. Bunaítear na nótaí ar chorda V.
4. Críochnaítear ar dó fada amháin sa bharra deireanach.

Sampla 2



1. Tugtar an chéad bharra duit.
2. I mbarra 2 athsheinntear an pátrún ón gcéad bharra suas céim, gan an pátrún a athrú.
3. Athraítear an pátrún rithime i mbarra 3. Bunaítear na nótaí ar chorda V.
4. Críochnaítear ar dó fada amháin sa bharra deireanach.

Anois bain triail as na cleachtaí seo a leanas tú féin:

Cleachtadh 10.2.1

Críochnaigh na séiseanna seo a leanas

Séis 1



Séis 2



Séis 3



Séis 4



Séis 5

Séis 6



Séis 7



Séis 8



Séis 9



Séis 10



Aonad 3: Frásaí Freagartha

Nuair a thugtar frása 4-bharra duit, bíonn ort tabhairt faoin bhfrása freagartha ar bhealach difriúl ón tséis 4-bharra a chumadh mar a taispeánadh in Aonad 10.2 thuas. Lean na treoracha seo thíos:

1. Oibrigh amach cén gléas ina bhfuil an frása tugtha. Scríobh síos dó sa ghléas sin.
2. Scríobh amach pátrún rithime nua. Bíodh barra 5 sa fhrása nua cosúil le barra 1 sa fhrása tugtha. Bíodh difríocht amháin idir barra 6 agus barra 2. Bíodh barra 7 éagsúil arís. Críochnaigh le nóta fada amháin sa bharra deireanach.
3. Amharc ar an nóta deireanach sa fhrása tugtha. Bog céim amháin suas nó síos ón nóta seo go dtí nóta de chorda I le teacht ar an nóta is fearr leis an bhfrása nua a thosnú air. Más féidir, tosaigh ar dó nó ar mí.
4. Déan iarracht barra 5 a bhunú ar nótaí de chorda I. Léim idir na nótaí seo, nó bog céim ar chéim go dtí nótaí nach bhfuil sa chorda seo.
5. Déan iarracht an pátrún céanna a úsáid i mbarra 6 ach na nótaí a scríobh suas céim amháin. Is seicheamh é seo agus bíonn sé an-éifeachtach.
6. Bunaigh na nótaí i mbarra 7 ar chorda V. Is féidir léimt idir na nótaí den chorda seo agus bogadh céim ar chéim go nótaí eile.
7. Críochnaigh i mbarra 8 ar dó. Má tá rogha agat idir dó íseal nó dó ard, roghnaigh an ceann is cóngaraí don tí i mbarra 7.
8. Cuir isteach mírlíne.

Amharc ar na samplaí thíos:

Sampla 1:



1. Bogtar céim amháin síos leis an chéad nóta i mbarra 5 a fháil. Bunaítear barra 5 ar chorda I. Léimtear idir na nótaí den chorda seo, bogtar céim ar chéim go nóta C nach bhfuil sa chorda sin.
2. Athsheinntear an pátrún i mbarra 5 suas céim i mbarra 6.
3. Bunaítear na nótaí i mbarra 7 ar chorda V.
4. Críochnaítear ar dó fada amháin i mbarra 8. Roghnaítear dó ard mar go bhfuil sé díreach in aice le tí sa bharra roimhe.
5. Tabhair faoi deara go bhfuil na mírlínte in easnamh anseo agus go gcaillfear marcanna sa scrúdú dá bharr.

Sampla 2:



1. Bogtar céim amháin suas leis an chéad nóta i mbarra 5 a fháil. Bunaítear barra 5 ar chorda I. Léimtear idir na nótaí den chorda seo, bogtar céim ar chéim go nótaí eile nach bhfuil sa chorda sin.
2. Athsheinntear an pátrún i mbarra 5 suas céim i mbarra 6.
3. Bunaítear na nótaí i mbarra 7 ar chorda V.
4. Críochnaítear ar dó fada amháin i mbarra 8. Roghnaítear dó ard mar go bhfuil sé díreach in aice le tí sa bharra roimhe.
5. Cuirtear isteach na mírlínte.

Anois bain triail as frása freagartha a chur le gach ceann de na séiseanna seo a leanas i do lámhscríbhinn:

Séis 1:



Séis 2:



Séis 3:



Séis 4:



Séis 5:



Séis 6:



Séis 7:



Séis 8:



Séis 9:



Séis 10:





Aonad 4: Smaointe breise don chumadóireacht

1. Aisiompú/inbhéartú

Nuair a thugtar pátrún nótaí duit ag tús na séise, is féidir uaireanta an pátrún sin a aispiompú, nó a chur bun os cionn sa chuid eile den tséis. Bíonn sé seo an-éifeachtach go háirithe nuair atá an pátrún a úsáideann tú bunaithe ar thríchorda.

Sampla 1:



Tabhair faoi deara anseo go bhfuil barra 5 bunaithe ar na nótaí i mbarra 1 ach iad aisiompaithe. Leantar leis an seicheamh bunaithe ar an bpátrún aisiompaithe i mbarra 6.

2. Léim d'ochtach

Cuirtear suim bhreise sa cheol nuair a chuirtear léim isteach nach mbítear ag súil leis. Is féidir le léim d'ochtach a bheith an-éifeachtach i gcásanna áirithe. Is féidir léim ó dó íseal go dó ard (nó a mhalairt) i mbarra 5, nó is féidir léim ó só go só i mbarra 7. I gcónaí tar éis léim mhór ba chóir na nótaí a leanann an léim a bheith taobh istigh den léim sin.

Sampla 2:



Tabhair faoi deara anseo go bhfuil léim d'ochtach i mbarra 5, agus go bhfuil na nótaí a leanann taobh istigh den ochtach sin. Fuaimníonn an léim go maith agus tugann sé réimse níos leithe don tséis dá bharr.

Sampla 3:



Tabhair faoi deara sa sampla seo go bhfuil léim d'ochtach i mbarra 7 ag dul ó só ard go só íseal. Tá an léim seo éifeachtach agus tá na nótaí a leanann é taobh istigh den léim. Tabhair faoi deara chomh maith go bhfuil barra 5 bunaithe ar bharra 1 ach é aisiompaithe.

3. Léim de shéach

Is féidir le léim de shéach a bheith an-éifeachtach má tá sé úsáidte i gceart. Oibríonn sé go maith idir mí agus dó ard i mbarra 5. Oibríonn sé chomh maith idir só ard agus tí íseal i mbarra 7.

Sampla:



Tá léim de shéach i mbarra 5 anseo idir mí agus dó ard. Déantar forbairt air seo i mbarra 6 nuair atá seicheamh ann céim amháin níos airde. Tagann an léim chéanna isteach i mbarra 7 nuair a shroicheann an ceol buaicphointe ar só ard.

Anois is féidir leat triail a bhaint as cuid de na smaointe breise seo i do chuid cumadóireachta. Bain triail as roinnt samplaí thuas a dhéanamh arís i do lámhscríbhinn le léimeanna d'ochtach agus séach, agus le aisiompú. Nuair atá másitreacht agat orthu, is féidir leat iad a thriail ar na hiarpháipéir scrúduithe.

Caibidil 11: Réimniú ó Chorda go Corda



	Clár Ábhair	Leathanach
Réamhrá:	Cuspóirí an tSiollabais	207
Aonad 1:	Réimniú ó Chord go Corda – Réamhrá	208
Aonad 2:	Dúntaí a Scríobh in Dhá Pháirt	210
Aonad 3:	Dúntaí a Scríobh i gCeithre Pháirt	216
Aonad 4:	Córdaí Tionlacain a chur le Séis atá Tugtha	219

Réamhrá – Cuspóirí an tSiollabais

Réimniú ó Chorda go Corda (ardleibhéal amháin)

Mar bhreis, ba chóir go mbeadh leorthaithí ag na hiarrthóirí seo ar réimniú agus leagan amach cordaí agus leas á bhaint as cordaí I, II, IV, V agus VI le haghaidh toradh ceomhar a bhaint amach i gceann amháin de na cleachtaí seo a leanas a bhfeadfaí iad a chur i mórghléasanna nó i mionghléasanna suas le dhá mhaol.

(a) Móitífeanna simplí séise agus/nó doird a cheapadh lena n-úsáid mar phátrúin dhúntacha; Nó

(b) Armónú a dhéanamh ar na gnáthréimhnithe dúntacha agus ar a gcuid réamhchordaí le haghaidh méarchláir nó scóir ghearr ghutha;
Nó

(c) Cordaí bunaidh mar thionlacan le ceol seanaitheanta a chumadh agus leas á bhaint as ainmneacha simplí cordaí nós as taibhléadú giotáir.

Nóta don mhúinteoir: Sa cheist seo tá rogha ag an dalta tabhairt faoi chordaí a scríobh ina dhá pháirt, nó i gceithre pháirt, nó cordaí tionlacain a chur le hamhrán. Tá na trí chuid sin clúdaithe thíos. Is féidir na cleachtaí atá tugtha don obair in dhá pháirt a úsáid le cordaí a scríobh i gceithre pháirt chomh maith.



Aonad 1: Réamhrá

Is éard is réimniú cordaí ann ná an t-ord ina scríobhtar cordaí i ndiaidh a chéile. Tá go leor sraitheanna éagsúla de chordaí atá coitianta sa cheol. Ceann a úsáidtear go minic ná **I – IV – V - I**. Seo a leanas an tsraith sin sa ghléas D mór:

I	**IV**	**V**	**I**
D mór	**G mór**	**A mór**	**D mór**

Dúnadh

Ag deireadh frásaí úsáidtear dúnadh sa cheol. Is éard is dúnadh ann ná dhá chorda a thugann le fios go bhfuil stad de shaghas éigin sa cheol, macasamhail an phoncaíocht sa scríbhneoireacht.
Tá ceithre dhúnadh a úsáidtear go coitianta sa cheol:

Dúnadh	Cordaí	Poncaíocht
Foirfe (lándúnadh)	V - I	Lánstad
Neamhfhoirfe (leathdhúnadh)	I – V nó ii – V nó IV – V nó vi - V	Camóg
Tánaisteach (dúnadh eaglasta)	IV - I	Lánstad ach gan a bheith chomh láidir le V – I. Fuaimníonn sé cosúil le "Áimein" ag deireadh iomainn.
Briste	V - vi	Tugann sé le fios gur lánstad a bheas ann ach bíonn casadh ann roimh an deireadh agus ní chríochnaíonn sé.

De ghnáth críochnaíonn an dúnadh ar an gcéad bhuille den bharra mar seo a leanas:



Tá roinnt sraitheanna cordaí níos deise ná a chéile. Seo thíos liosta de roinnt de na sraitheanna maithe cordaí:

I – IV – ii – V V – I vi – ii vi – IV

agus gach dúnadh.

Cleachtadh 11.1.1

Ainmnigh an dá chorda i ngach ceann de na dúntaí seo a leanas:

1. Dúnadh neamhfhoirfe i ngléas G mór _____
2. Dúnadh neamhfhoirfe i ngléas C mór _____
3. Dúnadh briste i ngléas G mór _____
4. Dúnadh tánaisteach i ngléas C mór _____
5. Dunadh foirfe i ngléas D mór _____
6. Dúnadh foirfe i ngléas F mór _____
7. Dúnadh neamhfhoirfe i ngléas Bb mór _____
8. Dúnadh tánaisteach i ngléas D mór _____
9. Dúnadh tánaisteach i ngléas F mór _____
10. Dúnadh foirfe i ngléas Bb mór _____
11. Dúnadh foirfe i ngléas C mór _____
12. Dúnadh neamhfhoirfe i ngléas F mór _____
13. Dunadh tánaisteach i ngléas G mór _____

Aonad 2: Dúntaí a scríobh in dhá pháirt

Nuair atá cordaí agus dúntaí á scríobh in dhá pháirt ar an gcliath is gá an bun-nóta den chorda a chur sa dord. Ciallaíonn sé seo go mbeidh D sa dord má tá corda D mór á scríobh, B sa dord má tá corda B mion á scríobh, C sa dord má tá corda C mór á scríobh, agus mar sin de. Sa pháirt ar barr cuirtear nóta eile den chorda.

- Caithfear bogadh i ngluaisne chontrártha i gcónaí – ciallaíonn sé seo go mbíonn páirt amháin ag bogadh suas nuair a bhíonn an ceann eile ag bogadh síos.
- Bogtar go dtí an nóta is cóngaraí don nóta atá tugtha chomh fada agus is féidir.
- Má bhíonn an 3ch (an nóta sa lár sa chorda) in easnamh sa chéad chorda, is gá é a úsaid sa dara corda. Cuidíonn sé seo le fuaim dheas a thabhairt don cheol.
- Is féidir nótaí tairmtheachta (nótaí idirghabhála) a úsáid sa cheol – seo nótaí breise nach bhfuil sa chorda agus a chuirtear isteach idir an dá chorda. Ceanglaíonn siad nótaí atá 3ch óna chéile agus tugann siad séis níos deise don cheol.

Féach na samplaí seo a leanas:



Tabhair faoi deara na nithe seo a leanas:

- Tá an bun-nóta den chorda sa dord i gcónaí.
- Tá 3ch i gcorda amháin nó sa chorda eile i gcónaí.
- Bogtar i ngluaisne chontrártha i gcónaí.
- Bogtar go dtí na nótaí is cóngaraí i gcónaí.

Anois amharc ar na samplaí céanna arís, an t-am seo le nótaí tairmtheachta curtha isteach aon áit gur féidir:



Anseo thuas sa dúnadh neamhfhoirfe (ii – V) agus sa dúnadh tánaisteach tá nótaí tairmtheachta curtha idir an dá chorda áit a bhfuil na nóta sa pháirt is airde 3ch óna chéile. Níl aon áit eile sna samplaí thuas atá oiriúnach le nótaí tairmtheachta a chur.



Cleachtadh 11.2.1

Bain triail as na samplaí seo a leanas a dhéanamh tú féin.

Sampla 1:

Sa chéad cheann tá an dord agus uimhreacha na gcordaí tugtha agus is gá duit an pháirt ar barr a chur isteach áit a bhfuil spás ann. Déan iarracht nóta tairmtheachta a chur isteach nuair is féidir.



Sampla 2:

Sa cheacht seo tá uimhreacha na gcordaí tugtha agus caithfidh tú an dord agus an pháirt ar barr a scríobh isteach. Is féidir minimí a úsáid a chuid is mó den am, ach amháin nuair atá nótaí tairmtheachta le cur isteach. Smaoinigh sa cheacht seo ar bhogadh go dtí na nótaí is cóngaraí gach uair.



Sampla 3:

Sa cheacht seo tá uimhreacha na gcordaí tugtha arís. Bogann an ceol i gcroisíní an chuid is mó den am ach tá camáin le cur isteach chomh maith nuair is féidir nótaí tairmtheachta a chur isteach. Bog go dtí na nótaí is cóngaraí i gcónaí.



Sampla 4:

Tá an leagan amach sna samplaí as seo amach go díreach mar atá siad sa scrúdú.



❒ *Cuir isteach séisnótaí agus dordnótaí chun iad seo a leanas a dhéanamh:*

1. Ag 'X', dúnadh NEAMHFHOIRFE (IV – V) *(12)*
2. AG 'Y', dúnadh BRISTE (V – vi) *(12)*
3. Ag 'Z' dúnadh FOIRFE le réamhchorda (ii – V – I) *(21)*

Sampla 5:



❒ *Cuir iseach séisnótaí agus dordnótaí chun iad seo a leanas a dhéanamh:*

1. Ag 'X', dúnadh NEAMHFHOIRFE (IV – V) *(12)*
2. AG 'Y', dúnadh BRISTE (V – vi) *(12)*
3. Ag 'Z' dúnadh FOIRFE le réamhchorda (ii – V – I) *(21)*

Sampla 6:



❒ *Cuir iseach séisnótaí agus dordnótaí chun iad seo a leanas a dhéanamh:*

1. Ag 'X', dúnadh NEAMHFHOIRFE (IV – V) *(12)*
2. AG 'Y', dúnadh BRISTE (V – vi) *(12)*
3. Ag 'Z' dúnadh FOIRFE le réamhchorda (ii – V – I) *(21)*

Sampla 7:



❑ *Déan staidéar ar an dréacht neamhiomlán seo a leanas agus ansin freagair na ceisteanna thíos.*

1. Ag 'X', dúnadh NEAMHFHOIRFE (IV–V) *(12)*
2. Ag 'Y', dúnadh BRISTE (V–vi) *(12)*
3. Ag 'Z' dúnadh FOIRFE le réamhchorda (ii – V – I) *(21)*

Sampla 8:



❑ Cuir iseach séisnótaí agus dordnótaí chun iad seo a leanas a dhéanamh:

1 Ag 'X', dúnadh NEAMHFHOIRFE (IV – V) *(12)*
2 AG 'Y', dúnadh BRISTE (V – vi) *(12)*
3 Ag 'Z' dúnadh FOIRFE le réamhchorda (ii – V – I) *(21)*

Aonad 3: Dúntaí a scríobh i gceithre pháirt (SATD)

Nuair atáthar ag scríobh dúntaí ar an gcliath is féidir iad a scríobh in dhá pháirt nó i gceithre pháirt. Le dúnadh dhá pháirt a scríobh is gá an bun-nóta den chorda a chur sa dord. Is féidir aon nóta eile a chur sa pháirt ar barr.

Le dúnadh ceithre pháirt a scríobh caithfear na treoracha seo a leanas a úsáid:

- Scríobh an bun-nóta den chorda sa dord.
- Bíodh cos ag dul síos ar an nóta atá sa dord, cos ag dul suas ar an nóta atá sa teanór. Bíodh cos ag dul síos ar nóta an ailt agus cos ag dul suas ar nóta an sopráin.
- Níl cead ag na páirteanna trasnú a dhéanamh ar a chéile. Mar sin bíonn an soprán níos airde ná an t-alt i gcónaí, an t-alt níos airde ná an teanór i gcónaí, an teanór níos airde ná an dord i gcónaí.
- Níl cead níos mó ná octach a bheith idir S agus A ná idir A agus T. Tá cead suas go dtí ochtach agus cúigeach a bheith idir D agus T.
- Caithfear nóta amháin as an gcorda a scríobh faoi dhó, mar go bhfuil 4 pháirt ann agus trí nóta sa chorda. Níl cead an nóta sa lár a scríobh faoi dhó más mórchorda atá ann.
- Níl cead na páirteanna uilig a bheith ag bogadh sa treo céanna. Ciallaíonn sé seo má tá an dord ag bogadh suas, caithfidh ar a laghad páirt amháin eile a bheith ag teacht anuas.
- Má tá idirchéim d’ochtach idir an dord agus an soprán sa chéad chorda, níl cead idirchéim d’ochtach a bheith eatarthu sa dara corda. Níl cead ochtach a bheith idir an dá pháirt chéanna in dhá chorda taobh le chéile.
- Má tá idirchéim de chúigeach idir an dord agus páirt eile sa chéad chorda, níl cead réimse de chúigeach a bheith eatarthu sa dara corda. Níl cead cúigeach a bheith idir an dá pháirt chéanna in dhá chorda taobh le chéile.

Sampla:
Anseo thíos tá samplaí de na dúntaí i ngléas C mór, iad scríofa i gceithre pháirt.



Tabhair faoi deara go bhfuil na nótaí atá dearg thuas an-ard ach is féidir leis an teanór canadh chomh hard seo.
Chomh fada agus is féidir bog go dtí an nóta is cóngaraí i ngach páirt. Caithfear é seo a chur san áireamh go háirithe ag bogadh ó na nótaí a thugtar sa cheist.

Cleachtadh 11.3.1 Ar an gcliath i do lámhscríbhinn, scríobh amach na dúntaí seo a leanas:

1. Gléas C: dúnadh tánaisteach
2. Gléas D: Dúnadh neamhfhoirfe le corda ullmhúcháin (IV - ii – V)
3. Gléas D : IV-I
4. Gléas G: ii – V
5. Gléas F: V-I
6. Gléas D: I – IV - I
7. Gléas F: ii-V
8. Gléas Bb: IV – I
9. Gléas Bb: Dúnadh foirfe le corda ullmhúcháin (ii – V – I)
10. Gléas C: Dúnadh neamhfhoirfe (IV – V)
11. Gléas G: Dúnadh briste

Cleachtadh 11.3.2

Ceacht 1: Cuir isteach dúnadh neamhfhoirfe (IV – V) ag X thíos agus dúnadh briste (V – vi) ag Y.



Ceacht 2: Cuir isteach dúnadh foirfe ag Z le réamhchorda (ii – V – I).



Ceacht 3: Cuir isteach dúnadh neamhfhoirfe (IV – V) ag X, agus dúnadh briste (V – vi) ag Y.



Ceacht 4: Cuir isteach dúnadh foirfe le réamhchorda (IV – V – I) ag Z thíos.



Bain úsáid as na cleachtaí faoi 11.2 thuas le dúntaí ceithre pháirt a scríobh.

Aonad 4: Cordaí tionlacan a chur le séis atá tugtha

Sa chuid seo den chúrsa bíonn deis agat gach rud a scríobhann tú a sheinm go praiticiúil agus ba chóir gach deis chuige sin a thapú. Beidh cordaí á gcur le píosa ceoil agat agus ba chóir duit na cordaí sin a sheinm ar an ngiotár nó ar an bpianó, nó ar aon uirlis ar ar féidir cordaí a sheinm. Ag an am céanna ba chóir duit nó do do chara nó don rang iomlán an tséis a chanadh. Bíonn bogearraí ann a sheinnfidh an fhuaim duit chomh maith, ach is fearr más féidir, iad a sheinm tú féin ar uirlis cheoil. B'fhiú sracfhéachaint a chaitheamh ar chaibidil 9: Tríchordaí sula dtéann tú níos faide mar go bhfuil an t-eolas sa chaibidil sin riachtanach don obair a dhéanfaimid sa chaibidil seo.

D'fhoghlaim muid i gcaibidil 3: Cur síos ar Cheol, go mbíonn uigeacht monafónach ag ceol nuair nach bhfuil ann ach líne amháin séise. Má chanann tú amhrán leat féin, bíonn uigeacht monafónach ann. Is féidir leis seo a bheith an-éifeachtach, go háirithe nuair a bhaineann monafóine le stíl an cheoil atá á chanadh, mar shampla ceol ar an sean-nós, nó cantaireacht Ghréagórach. Le stíleanna eile ceoil mothaítear go bhfuil rud éigin in easnamh nuair nach bhfuil tionalacan ann. I gcás an cheoil tíre mothaítear go bhfuil gá le tionlacan ar an ngiotár, nó ar an bpianó. Le popcheol mothaítear go bhfuil gá le tionlacan ó bhanna ceoil.

Sa cheist seo gheobhaidh tú amhrán a bhfuil gá le tionlacan ann. Roghnaítear cordaí le dul leis an tséis bunaithe ar na nótaí atá sa tséis. Má tá nóta sa tséis nach bhfuil sa chorda, fuaimníonn sé as áit. Má tá an nóta sin timpeallaithe ag nótaí eile atá sa chorda oibríonn an fhuaim sin. Má tá go leor nótaí sa tséis nach bhfuil sa chorda ní fhuaimneoidh sé go maith. Mar sin caithfear scrúdú a dhéanamh ar nótaí na séise le fáil amach cén corda is fearr a théann isteach sa bharra. Is gá chomh maith tábla na gcordaí i ngléas an amhráin a bheith agat mar thagairt agus tú ag obair ar an gceist seo.

Corda	**I (Mór)**	**ii (mion)**	**iii (mion)**	**IV (mór)**	**V (mór)**	**vi (mion)**	**vii (laghdaithe)**
Bun-nóta	**C**	**D**	**E**	**F**	**G**	**A**	**B**
Tréach	**E**	**F**	**G**	**A**	**B**	**C**	**D**
Cúigeach	**G**	**A**	**B**	**C**	**D**	**E**	**F**
Ainm:	**C**	**Dm**	**Em**	**F**	**G**	**Am**	**B°**

Don Teastas Sóisearach tá dhá chorda nach féidir a úsáid, mar go bhfuil rialacha casta ag baint lena n-úsáid. Is iad sin corda iii agus corda vii. Tá cead na cordaí uilig eile a úsáid i ngléas mór.

Chomh maith leis sin tá gluaiseachtaí cordaí a fhuaimníonn go maith agus cinn eile nach bhfuaimníonn go maith. Seo thíos liosta de na cinn mhaithe agus iad siúd gur cóir a sheachaint nuair is féidir:

Gluaiseachtaí Maithe:

I – vi – IV – ii – V

I – ii – V

I – vi – IV - V

I – IV – V

Seachain más féidir: (De réir mar a théann an liosta síos tá an ghluaiseacht níos fearr. Mar sin V – ii an ceann is mó gur cóir a sheachaint.)

V – ii

ii – I

V – IV

vi – I

vi – V

Níl cead an corda céanna a úsáid in dhá bhosca i ndiaidh a chéile mar go bhfuaimníonn sé leamh agus mothaítear nach bhfuil dul chun cinn á dhéanamh sa cheol.

De ghnáth bíonn corda amháin i ngach barra, nó b'fhéidir go mairfidh an corda ar feadh dhá bharra. Mar sin, caithfear na nótaí uilig sa bharra nó sa dá bharra sin a chur san áireamh i roghnú an chorda.

Sampla 1: Amharc ar an sampla thíos:



- Ar dtús oibrigh amach cén gléas ina bhfuil an ceol. Níl aon ghéar ná maol ann mar sin tá sé i ngléas C mór. Féach ar thábla na gcordaí sa ghléas sin.
- Anois déan liosta de na nótaí atá idir an chéad bhosca agus an dara bosca. _____ Cén corda ina bhfuil an chuid is mó de na nótaí sin? Tá G, B, D

agus A ann. Is féidir linn an A a fhágáil amach agus na trí nótaí eile a chur i gcorda G mór, nó corda V. Mar sin téann corda G sa chéad bhosca.

- Anois déan liosta de na nótaí atá idir an dara bosca agus tríú ceann. Tá C, D, E ann. Tá C agus E in dhá chorda – A mion agus C mór. Mar sin scríobh síos an dá cheann le peann luaidhe os cionn an dara bosca.
- Anois déan liosta de na nótaí atá idir an tríú agus ceathrú bosca. _____ Tá na nótaí seo (taobh amuigh den A a fhágtar ar lár arís) i gcorda G mór. Níl an dara rogha ann, mar sin scríobhtar G sa bhosca.
- Caithfidh an ceol críochnú ar chorda I, mar sin scríobh isteach corda C sa bhosca deireanach.
- Anois téigh ar ais go bosca 2. Tá rogha idir corda C mór agus A mion. Sa chás seo caithfear amharc ar na gluaiseachtaí maithe.

- Feictear anseo go bhfuil V – vi go maith agus V – I go maith. Ach má amharctar ar an gcorda a leanann bosca 2 – tá corda V ann. Amharc anois ar na gluaiseachtaí gur cóir a sheachaint más féidir. Tá vi – V ansin. Mar sin is fearr gan A mion a chur isteach sa dara bosca. Mar sin is C mór a théann isteach sa bhosca sin.

Sampla 2:

Féach anois ar shampla 2:



- Ar dtús oibrigh amach an gléas ina bhfuil an píosa. Níl aon ghéar ná maol anseo mar sin tá sé i ngléas C mór. Bain úsáid as tábla na gcordaí sa ghléas seo.
- Bosca 1: Scríobh síos na nótaí idir an chéad bhosca agus an dara bosca. _____ Níl ann ach dhá nóta, mar sin tógfaimid an ceann is minice a sheinntear. Tá luach dhá bhuille ar an B minim ar dtús, agus buille croisín ag deireadh an bharra. Mar sin tá trí bhuille sa bharra ar B agus buille amháin ar C. Fágann sé seo go bhfuil an B níos tábhachtaí.
- Cén cordaí ina bhfuil an nóta seo? Tá sé le fáil i gcorda iii, corda V agus corda vii. Mar is eol duit, níl cead corda iii ná corda vii a úsáid mar sin níl ach féidearthacht amháin ann agus is é sin corda V G mór. Scríobh G isteach sa chéad bhosca.

- Bosca 2: Scríobh síos na nótaí atá idir é seo agus bosca 3._____ Níl ann ach dhá nóta, A agus C.
- Cén cordaí ina bhfuil na nótaí seo? _____. Tá rogha anseo idir corda F mór agus A mion. Sríobh síos an dá fhéidearthacht agus lean ort go bosca 3.
- Bosca 3: Ainmnigh na nótaí: _____ Cén corda ina bhfuil an chuid is mó de na nótaí seo? _____. Tá G agus E i gcorda C mór, agus E mion ach is corda iii atá i gceist le corda E mion, mar sin ní féidir é a úsáid. Tá G agus D i gcorda G mór. Scríobh síos na féidearthachtaí C agus G in aice le bosca 3 mar sin.
- Bosca 4: Ainmnigh na nótaí: _____. Níl ann ach nóta amháin agus tá an nóta sin i gcorda I, vi agus iii. Scríobh síos féidearthachtaí C agus Am in aice le bosca 4.
- Bosca 5: Ainmnigh na nótaí: _____. Níl ach féidearthacht amháin ann mar sin scríobh isteach G i mbosca 5.
- Bosca 6: Ainmnigh na nótaí _____. Níl ann ach nóta amháin, agus na féidearthachtaí atá ann ná F, A mion agus C mór. Ach is é seo an dara bosca deireanach agus ní féidir ach corda IV nó V a chur isteach anseo. Mar sin caithfear corda IV nó F a roghnú.
- Bosca 7: Caithfear críochnú ar chorda I mar sin scríobh isteach corda C.
- Anois téigh siar ar na boscaí nach bhfuil líonta isteach.
    - I mbosca 2, tá rogha idir F agus Am. Tá V – vi níos fearr ná V – IV, mar sin is fearr Am a scríobh isteach.
    - I mbosca 3, tá rogha idir G agus C. Níl vi – I ná vi – V go maith ach tá vi – V giota beag níos fearr. Mar sin scríobh isteach G i mbosca 3.
    - I mbosca 4, tá rogha idir C agus Am. D’úsáid muid Am i mbosca 2 mar sin is fearr C a roghnú.

Cleachtadh 11.4.1

Anois bain triail as na samplaí seo tú féin.

Ceacht 1:



Ceacht 2:



Ceacht 3:



Ceacht 4:



Ceacht 5:



Ceacht 6:



Ceacht 7:



Plean oibre do cheist 8C ar an bpáipéar scrúdaithe

Le tabhairt faoin gceist seo lean na céimeanna seo a leanas:

Céim 1: Oibrigh amach cén gléas ina bhfuil an píosa agus déan bosca cordaí don ghléas sin.

Céim 2: Ag féachaint ar na nótaí atá i ngach barra, scríobh síos féidireachtaí na gcordaí in aice leis an bhosca. Mar shampla má tá A sa bharra, is iad Dm, F agus Am na féidireachtaí Má tá D agus F ann, is iad Dm agus corda vii (nach bhfuil ceadaithe) na féidireachtaí. Mar sin, beidh ort Dm a chur sa bhosca.

Céim 3: Scríobh corda I sa bhosca deireanach.

Céim 4: Ní féidir ach IV nó V a chur sa dara bosca deireanach, oibrigh amach cén ceann is fearr, bunaithe ar na nótaí atá ann, agus cuir isteach é.

Céim 5: Má tá rogha idir dhá chorda, smaoinigh faoi na gluaiseachtaí maithe:

Gluaiseachtaí maithe:

I – vi – IV – ii – V

I – IV – V

Seachain más féidir: V – ii; ii – I; vi – V

Céim 6: Gabh siar ar an cheist, agus déan cinnte go bhfuil “m” scríofa in aice le gach corda atá mion, agus Bb nó F# curtha isteach nuair is gá.

Auigisín: Foclóir ceoil

8ba: Seinn na nótaí seo 8ch níos ísle ná mar atá scríofa.

8va----------: Seinntear na nótaí faoin gcomhartha seo suas 8ch.

A capella: I stíl na heaglaise. Guthanna gan tionlacan ó uirlisí.

Ábhar: Téama ceoil, go háirithe i siansa, sonáid, fiúga.

Accel: Accelerando: Éirigh níos tapúla de réir a chéile.

Adagio: Go mall

Aiceann: Béim. Bíonn aiceann ar an gcéad bhuille den bharra go rialta.

Ainteafanúil: Stíl ina bhfreagraíonn dhá chór a chéile sa chanadh. Coitianta i gceol eaglasta.

Áiria: Amhrán a chantar le linn ceoldráma. Bíonn an bhéim ann ar áilleacht an cheoil agus ní ar na focail.

Aisfhuaimniú: (*Reverb/reverberation*) Macalla na fuaime sa cheol. An ceol ag leanacht ar aghaidh i ndiaidh don nóta a bheith buailte. Usáidtear sa taifeadú é leis an fhuaim a bhuanú go leictreach.

Aisiompú (*inversion***):** Seinntear téama bun os cionn.

Aithris: Déanann uirlis nó grúpa uirlisí aithris ar uirlis (grúpa) eile tríd an rud céanna nó cóir a bheith mar an gcéanna a sheinm ina dhiaidh.

Al fine: go dtí an deireadh

Allegretto: Éadrom agus bríomhar

Allegro: Go gasta/tapaidh.

Alt: An guth baineann is ísle. Tá réimse idir F faoi C lár agus F ochtach go leith os cionn C lár aici.

Amchomhartha: Dhá uimhir ar bharr a chéile ag tús an phíosa ceoil. Léiríonn an uimhir ar an mbarr cá mhéad buille atá i ngach barra. Léiríonn an uimhir ar bun cén saghas buille atá i gceist.

Amhráin Oibre: Chastaí na hamhráin seo agus daoine ag obair – sa chistin, sa pháirc nó ar an bhfarraige. Bhíodh rithim faoi leith acu – macasamhail rithim na hoibre. I measc na n-amhrán seo tá: Ding Dong Dedero- amhrán a chas an gabha ag obair sa teallach, Amhrán na cuiginne – amhrán a chasadh bean ag déanamh ime sa chistin.

Amhráin Tírghrá: Sna hamhráin seo go minic sheasadh ainm chailín don tír mar nach raibh cead ag muintir na hÉireann a bheith ag caint faoin nGaelachas. Samplaí: Táimse im' Chodladh, Róisín Dubh.

Amhrán Ealaíne: Is éard atá san amhrán ealaíne ná dán curtha le tionlacan ionstraimeach. Bíonn a fhios againn cé hé/hí an cumadóir. Canann an t-amhránaí an t-amhrán seo de réir treoracha atá scríofa síos. De ghnáth is é an pianó an uirlis tionlacain.

Amoroso: Seinnte go grámhar.

Andante: Ag luas siúil.

Animato: Go bríomhar

Arco: Nótaí ar théad-uirlisí seinnte leis an bhogha. Cuireann an t-ordú seo "pizz" ar ceal.

Armónaic: In áiteanna faoi leith ar na téada (leathbealaigh suas, ceathrú den bhealach suas srl) is féidir méar na láimhe clé a chur síos an-éadrom ar fad agus tagann fuaim ghlan, éadrom amach. Tugtar armónaic ar na nótaí seo.

A tempo: ar ais go dtí an chéad luas (úsáidte tar éis ritardando nó accelerando)

Bailéad: Amhrán nó dán a léiríonn scéal is ea an bailéad.

Bainisteoir: An duine a shocraíonn ceolchoirmeacha don bhanna agus a shocraíonn cé mhéad airgid a bheas díolta leo. De ghnáth, bíonn aithne mhaith aige ar léar mór daoine i dtionscal an cheoil agus bíonn sé ábalta na ceolchoirmeacha is fearr a aimsiú don bhanna.

Barra: sa cheol cuirtear na buillí i ngrúpaí .i. cuirtear iad sa bharra.

Bloc-chordaí: Seinntear na nótaí den chorda uilig le chéile.

Buille: An chuid den cheol a bhuailimid lenár gcos. Tá sé rialta agus fanann sé mar an gcéanna tríd an gceol ar fad.

Caidéinse/Cadenza: Cuid den chéad ghluaiseacht i gcoinséartó don aonréad. Stadann an cheolfhoireann agus seineann an t-aonréadach leis féin, is píosa casta é a thugann deis don seinnteoir a thallann ar an uirlis a léiriú. In amanntaí scríobhadh an cumadóir an ceol don chaidéinse amach ach in amanntaí eile fágadh faoin seinnteoir tobchumadh a dhéanamh air.

Camán: Nóta leath-bhuille.

Canóin: Déanann na huirlisí nó guthanna aithris ar a chéile agus tá gach páirt ar chomhthábhacht.

Cantabile: I stíl chanta

Cantáid: Píosa ceoil atá canta, le hábhar reiligiúnda nó eile, cosúil le oratóir ach níos giorra.

Casadh (*turn*): Seinntear an nóta scríofa, an nóta os a chionn, an nóta scríofa, an nóta faoi agus an nóta scríofa. Is féidir le casadh a bheith inbhéartaithe/aisiompaithe chomh maith. Sa sampla thíos feictear casadh ar D sa chéad barra mar a sheinntear é, agus casadh aisiompaithe ar F sa 2ra barra.



Ceathairéad: Píosa ceoil do cheithre uirlisí, go minic is ceathairéad téadach atá i gceist le dhá veidhlín, viola amháin agus dordveidhil. Ciallaíonn ceathairéad piano go bhfuil piano chomh maith le trí théaduirlis ag seinm.

Ceol aireagail (*chamber music)*: Ceol atá scríofa fá choinne grúpa beag uirlisí agus gur féidir a sheinm in áit bheag cosúil le seomra.

Ceol Damhsa Feidhmiúil – Ceol damhsa a chumtar don damhsa amháin

Ceol Damhsa Neamhfheidhmiúil – Ceol damhsa a chumtar don éisteacht amháin.

Ceol Léiritheach: ceol a insíonn scéal nó a chruthaíonn pictiúr inár n-intinn gan aon fhocal a úsáid.

Ceolreacaireacht – séis le líne amháin ina n-insíonn an t-aisteoir an scéal (canta i stíl chainte).

Ceol Scannáin: ceol scríofa i gcomhair scannáin chun mothúchán a chur in iúl nó chun aird a tharraingt ar rud áirithe nó béim a leagan air.

Ceol tuatach: Ceol nach ceol eaglasta é.

Chaconne: Damhsa mall, uasal le trí bhuille sa bharra ón 18ú céad, coitianta sa Fhrainc.

Ciombail: Is féidir iad a bhualadh le chéile, nó iad a bhualadh, a chreathadh nó gliogarnach a dhéanamh le cineálacha éagsúla bataí.

Ciombal creatháin *(ride cymbal*): Ciombal a dhéanann fuaim creatháin nuair a sheinntear é.

Ciombal plimpe (*crash cymbal):* Ciombal a chruthaíonn fuaim phlimpe.

Cliath: Na cúig líne agus na ceithre spás ar a scríobhtar ceol.

Cloigíní: (*Cow-bells)* Sraith acu le chéile.

Cnaguirlisí na Ceolfhoirne: *Uirlisí le hAirde Chinnte:* Tiompáin, Xileafón, Glockenspiel, Celesta, Cloig Mhóra

Uirlisí gan Airde Chinnte: Dord-druma, Taobhdhruma, Triantán, Ciombail, Tambóirín,

Coinséartó: Píosa ceoil d'uirlis aonair le tionlacan ón cheolfhoireann le trí ghluaiseacht – tapaidh, mall, tapaidh. Bíonn caidéinse ag deireadh na chéad ghluaiseachta. **Mórchoinséartó:** Píosa ceoil le grúpa beag uirlisí ag seinm i gcodarsnacht leis an gceolfhoireann uile. Bhí sé coitianta sa tréimhse Bharócach.

Cóiriú: An leagan amach atá ar na páirteanna éagsúla. Is féidir amhrán simplí (Frère Jacques mar shampla) a chóiriú fá choinne ceathairéad téadach; ciallaíonn sé seo go gcumtar nótaí nó páirteanna faoi leith do na huirlisí seo bunaithe ar an amhrán.

Comhrá: Seinneann uirlis/grúpa uirlisí mír cheoil agus freagraíonn uirlis/grúpa uirlisí é le ceol atá gaolta leis an gcéad mhír. Is féidir leis seo leanacht ar aghaidh le roinnt frásaí agus deirtear go bhfuil comhrá ar siúl idir an dá uirlis/ghrúpa uirlisí.

Con ped: Leis an troitheán. Treoir é seo don seinnteoir piano an troitheán marthannach a úsáid.

Con sordini: Leis an maothadóir. Is féidir an treoir seo a fheiceáil ar na téaduirlisí nó ar na gaothuirlisí práis. Is teicníocht uirlise é seo.

Cordaí arpéitsithe: Nótaí den airpéitse (*dó, mí, só)*seinnte ceann i ndiaidh a chéile go gasta suas nó síos in ionad iad a sheinm díreach ag an am céanna. Seinntear an chruit ar an dóigh seo go minic sa stíl cheoil rómánsach.

Cordaí briste: Seinntear nótaí den chorda (*dó, mí, só* mar shampla*)* ceann amháin ag an am, in ord meascaithe.

Crescendo: Éirigh níos láidre. **Decrescendo:** éirigh níos ciúine

Croisín: Nóta le buille amháin air.

Cúlbhuille: Buillí 2 agus 4 le béim orthu ón druma-sreang (snare).

Cuntraphointe: Dhá pháirt nó níos mó agus iad ar chomh-thabhacht. Is féidir leo aithris a dhéanamh ar a chéile ach ní gá.

Cuntrashéis: Séis a sheinntear os cionn na príomhshéise. Bíonn uigeacht cuntraphointeach ag an gceol dá bharr. (Féach forshéis don chomparáid)

Damhsaí: Máirseáil: 4/4 le buillí an-láidir. Ríl: 4/4 agus an-tapa ar fad. Cornphíopa: 4/4 measartha tapa le rithim phoncaithe. Minit: 3/4 Measartha tapa, mothú uasal, maorga ag baint leis. Válsa: 3/4 Tapa, luascach. Port: 6/8 tapa, rithimiúil.

Decrescendo: éirigh níos ciúine

Détaché: Scartha. Treoir don seinnteoir ar TU gach nóta a sheinm le buille nua den bhogha le fuaim scartha a thabhairt do na nótaí – a mhalairt ar fad ó legato.

Díchordaí: Is cordaí iad seo nach bhfuil deas le héisteacht leo. Bíonn siad foréigneach go minic, nó uaireanta mothaíonn an t-éisteoir go bhfuil rud éigin "mícheart" sa cheol

Dim.: diminuendo. Ag éirí níos ciúine.

Dísréad: Píosa ceoil do dhá uirlis nó cantóir, nó dhá uirlis nó cantóir ag seinm le chéile.

Dolce ma sensibile: Go binn ach go mothálach. (sensibile = mothálach, leochailleach, íogaireach)

Dolce: Go binn

Dordán: Seinntear sreangacha oscailte ar na téaduirlisí faoin tséis, rud atá an-choitianta sa cheol traidisiúnta.

Dord-druma: Níl aon airde ag an druma seo a bhuailtear le bata-druma.

Dord-ghiotar: Giotar íseal nach bhfuil ach 4 shreang air. Seineann sé bun-nótaí na gcordaí sa cheol; nó déanann sé breachnú air seo. Seinneann sé go minic le rithim na ndrumaí.

Droichead: Giota den cheol a bhogann ó théama amháin go téama eile. Ní bhíonn téama láidir ann, ceol gluaiseachta atá ann.

Dúnadh: Dhá chorda ag deireadh frása a ghníomhaíonn mar a bheadh poncaíocht ann. Tá ceithre chineál dúnadh ann:

i. Dúnadh briste V – vi
ii. Dúnadh tánaisteach: IV – I
iii. Dúnadh foirfe V – I (Lán stad)
iv. Dúnadh neamhfhoirfe: I, ii, IV nó vi – V (comhartha ceiste)

Espr: espressivo: Seinnte le mothú, go leochailleach.

Falsetto: Nótaí "bréagacha" canta ag fir níos airde ná an gnáth-réimse a bhíonn acu. Is féidir leis an bhfuaim seo a bheith greannmhar nó dáiríre.

Fantaise: Saothar le foirm shaor atá bunaithe ar 'théama' (fonn/séis) atá ann. Tá an phríomhthábhacht ag baint le samhlaíocht an chumadóra. Ní ghlacann an fhoirm ach mionpháirt sa saothar.

fff: Chomh láidir agus is féidir.

Focaldathú (péintéireacht focal/*word painting*): Léiríonn an ceol brí na bhfocal le teicníochtaí ceoil m.sh. ceol na n-éan léirithe le nótaí arda tapaidh ar fheadóg.

Foirm Chumtha Tríd: Úsáidte in amhráin ealaíne. Ní leanann an ceol aon struchtúr faoi leith ach athraíonn sé de réir mar a athraíonn na focail agus mothú na bhfocal.

Foirm Dhénártha: Foirm a bhfuil dhá chuid ann: A B.

Foirm shaor: Ní leanann an cumadóir aon fhoirm faoi leith.

Foirm Shonáideach: Foirm thrénártha speisialta. A (foilsiú) B (forbairt) A1 (athsheinm).

Foirm Strófach: Le fáil in amhráin tíre go minic, bíonn an ceol céanna ann do gach véarsa.

Foirm Thrénártha (thrianach): Foirm a bhfuil dhá chuid ann ach go dtagann an chéad chuid ar ais ag an deireadh: A B A, nó A B B A.

Foirm Thrépháirteach: Foirm ina bhfuil trí pháirt éagsúla: A B C.

Foirm: Leagan amach na bhfrásaí in amhráin/píosaí simplí gearra. Struchtúr an phíosa i saothair níos faide. Léirítear an fhoirm le litreacha: A, B, C, A1, D srl.

Forshéis: Líne cheoil a sheinntear nó a chantar os cionn na príomhshéise. Níl an tábhacht céanna ag baint leis is atá ag baint leis an tséis agus ní bhíonn an uigeacht cuntraphointeach dá bharr. (Feach cuntrashéis don chomparáid.)

Frása: Cothrom le habairt sa cheol; an chuid den cheol a chanfá in aon anáil amháin.

Frásaí freagartha: Dhá fhrása nó mír a bhfuil cosúlachtaí eatarthu ach nach bhfuil mar an gcéanna. Tá an chéad cheann cosúil le ceist agus bíonn sé oscailte ag an deireadh agus oibríonn an dara ceann cosúil le freagra agus bíonn sé dúnta ag an deireadh.

Gaothuirlisí Adhmaid na Ceolfhoirne: An Fheadóg Mhór, An tÓbó, An Chláirnéid, An Basún, An Fhliúiteog, An Corn Sasanach, An Dordchlairnéid, An Basún Dúbailte.

(Gaoth)uirlisí práis na Ceolfhoirne: An Trumpa, An Corn Francach, An Trombón, An Tiúba.

Geantraí: Amhrán grá agus go minic grá éagmaiseach atá i gceist.

Giotar: De ghnáth, seineann sé cordaí amháin. Go minic i mbanna ceoil, canann an duine a sheinneann an uirlis seo.

Glacaire (*Pick-up*): Micrafón iontach beag ar ghiotar nó uirlis eile leictreach.

Glissando: Sleamhnú suas nó síos nótaí uilig na huirlise nó gutha.

Goltraí : Amhrán mall, brónach chun duine marbh nó duine ar imirce a chaoineadh.

Gong: De ghnáth buailtear le bata-druma bog é.

Gran cassa: Dord druma. Scríobhtar an ceol ar líne amháin mar nach bhfuil aon airde ag an uirlis seo – ní úsáideann sé an gnáth-chliath.

Homafóine: Séis le tionlacan. Bíonn uigeacht homafónach sa cheol nuair atá séis amháin le cloisteáil agus tionlacan ag dul leis an tséis sin

Idirchéim: An spás idir dhá nóta. Aonach/aon-cheol: C – C; Déach: C – D; Tréach: C – E; agus araile.

Ilrianú: Muna bhfuil ann ach cantóir amháin is féidir a ghuth a thaifeadú ar rian amháin ar dtús, agus ansin é a thaifeadú ag canadh páirt difriúl ar rian eile, agus b'fhéidir é ag canadh an tríú páirt ar an tríú rian. Is féidir na rianta seo uilig a chur le chéile agus fuaimíonn sé cosúil le cór trí pháirt, cé nach bhfuil ann ach cantóir amháin. Seo ilrianú.Is féidir é a dhéanamh tú féin ag úsáid an bhogearra "Audacity"

Intermezzo/Idircheol: Píosa a sheinntear idir dhá aonad ceoil eile. Is féidir leis a bheith i gceoldráma nó dráma. Is féidir le *intermezzo* uirlise a bheith seinnte leis féin mar phíosa neamhspleách.

Legato: Seinnte go mín, cothrom.

Lied: Seo amhrán ealaíne ón nGearmáin. Scríobhtaí an *lied* ó 1800 ar aghaidh. Cumadh é d'amhránaí aonair agus tionlacan pianó. Déanann an tionlacan aithris ar fhonn nó atmaisféar an téacs.

Maracas: Gourd nach bhfuil lár ann le síolta tirime, pónairí nó eile taobh istigh. De ghnáth seinntear níos mó ná ceann amháin. Déantar gliogarnach leo nuair a chreathtar iad. Úsáidtear mar uirlis iad i mbannaí damhsa i Meicseacó agus Meirceá Láir agus Theas.

Marc: marcato. Nótaí béimithe go héadrom, nó marcáilte.

Marimba: Cineál xileafóin le barraí adhmaid - tá fuaim shéimh aige, as Meicseacó, agus Meiriceá Láir agus Theas.

Meiliosma: Siolla amháin fá choinne go leor nótaí den cheol.

Meno ped: Níos lú den troitheán.

Minim: Nóta le dhá bhuille air.

Mion: Tonulacht ina bhfuil *lá* ina lárnóta tonúlachta – fuaimníonn an ceol críochnaithe nuair a théann sé ar ais go *lá.*

Mionghléas coibhneasta: Chun an mionghléas coibhneasta (an mionghléas atá gaolta leis an mórghléas) a aimsiú, faigh an nóta 'lá' sa mhórghléas.

Moderato assai: Assai = an-. An-mheasartha ar fad.

Modhnú: Athrú ó ghléas amháin go gléas eile. Tugann seachtrán le fios go bhfuil athrú sa ghléas taobh istigh de phíosa ceoil. Má ardaíonn an seachtrán an nóta leath-thon, is é sin an treoirnóta nó *tí* nua. Is féidir teacht ar *dó* nua nó ar an tonach nua trí dhul suas leathchéim ón nóta ar a bhfuil an seachtrán.

Modúil: Tonúlacht choitianta sa sean-cheol eaglasta agus sa cheol traidisiúnta, áit a bhfuil *ré* nó *mí* nó *só* ina lárnóta tonúlachta. Má tá an ceol i mód *só* fuaimíonn an ceol críochnaithe nuair a théann sé ar ais go dtí *só.*

Molto meno mosso: I bhfad níos lú gluaiseachta. Níos moille.

Molto: A lán

Monafóine: Bíonn uigeacht mhonafónach sa cheol nuair nach bhfuil ann ach líne amháin, gan aon tionlacan ná comhcheol

Mór: Scála nó gléas atá bunaithe ar na nótaí den solfa tónach áit gurb é *dó* an nóta is láidre. Fuaimníonn an ceol críochnaithe nuair a théann sé ar ais go *dó.*

Mórchoinséartó: Píosa ceoil le grúpa beag uirlisí ag seinm i gcodarsnacht leis an gceolfhoireann uile. Bhí sé coitianta sa tréimhse Bharócach.

Móitíf/Motif: Pátrún gairid nótaí a úsáidtear go minic i rith píosa ceoil, cosúil le téama ceoil ach i bhfad níos giorra – b'fhéidir nach mbeadh ann ach trí nóta, nó rithim a sheasann amach.

Neamhthonúil: Níl aon lárnóta tonúlachta ann, bíonn gach nóta ar chomhthábhacht. Bíonn sé deacair ceol neamhthonúil a chanadh.

Non troppo: Gan an iomarca.

Nótaí crómatacha: Nótaí atá leath-thon óna chéile - an dá nóta déag den scála. Nuair a úsáidtear na nótaí breise (nach bhfuil i scála mór) i bpíosa ceoil i ngléas mór, tugann siad "dath" don cheol. Tá siad coitianta i stíl snagheol mar shampla: When I'm 64.

Ochtréad: Píosa ceoil do ocht n-uirlisí, nó grúpa d'ocht n-uirlis ag seinm le chéile.

Oratóir: Cuirtear ceol le téacs eaglasta san oratóir. Bíonn aonréadaí, cór agus ceolfhoireann ann, ach ní bhíonn culaithe ná láithreán ann.

Ostinato: Patrún séise nó cordaí nó rithime a thagann ar ais arís agus arís i rith an phíosa. Tá ostinato comhcheol le fáil san amhrán "*59th Street Bridge Song"***.** Tá ostinato rithimeach le fáil sa phíosa ceoil *Bolero* le Ravel.

Péintéireacht Focal/ Focaldathú: Léiríonn an ceol brí na bhfocal le teicníochtaí ceoil m.sh. ceol na n-éan léirithe le nótaí arda tapaidh ar fheadóg..

Pizz/Pizzicato: Nótaí ar théad-uirlisí stoite in ionad a bheith seinnte leis an mbogha. Is teicníocht uirlise é seo.

Plancadh (*strumming)*: Seinntear an téaduirlis díreach cosúil le giotar.

Poco: beagán

Príomh-ghiotar: Go hiondúil, seineann an príomh-ghiotar séiseanna, nó motifeanna níos mó ná cordaí, cé go bhfuil an dá rud i gceist.

Quasi moderato: cóir a bheith (beagnach) measartha

Raon-airde/réimse: An spás idir an nóta is ísle (sa phíosa nó ag uirlis) agus an nóta is airde.

Reacaireacht – ceol canta i gceoldráma, áit a bhfuil an bhéim ar na focail agus ní ar an cheol. Cuidíonn sé leis an dráma a bhogadh chun tosaigh. Go minic bíonn go leor nótaí athsheinnte ann agus bíonn an rithim saor.

Réamhcheol: píosa ceoil a sheinntear ag tús ceoldráma nó dráma ina mbíonn cuid de cheol an cheoldráma/dráma ann, de ghnáth.

Réamhdhréacht: Píosa ceoil a sheinntear roimh cheol eile, nó a sheasann leis féin mar cheol neamhspleách. Bíonn sé níos giorra ná réamhcheol.

Rif: Frása a athsheinntear cosúil le ostinato i gceol pop nó i snag-cheol.

Ritardando/Ritenuto: Éirigh níos moille

Rithim: Meascán de nótaí fada agus gearra curtha le chéile le píosa ceoil a dhéanamh. Is féidir é a bhualadh le do lámha.

Saranáid: Ceol atá seinnte san oíche, go stairiúil taobh amuigh mar a bheadh canta ag fear dá ghrá taobh amuigh dá fuinneog. Ón 18ú haois ar aghaidh ceol uirlise a bhíodh i gceist.

Scála: Ocht nóta a théann suas nó síos céim ar chéim ó *dó* go *dó* nó ó *só* go *só* agus araile. Bíonn scála mór déanta suas de na hidirchéimeanna seo:
Ton, ton, leath-thon, ton, ton, ton, leath-thon

Scála Mantach: Scála ina bhfuil roinnt nótaí in easnamh. Is minic go mbíonn *fá* agus/nó *tí* in easnamh. Bíonn roinnt mhaith den cheol traidisiúnta bunaithe ar scála mantach.

Scála Peinteatonach: Scála ina bhfuil cúig nóta – *dó, ré, mí, só, lá.*

Scór: Na páirteanna iomlána den cheol scríofa amach go díreach mar atá siad seinnte.

Séach: Idirchéim de 6 nóta – ó *dó* go *lá*. **Seachtach:** Idirchéim ó *doh* go *ti* os a chionn, seacht nóta. Nó corda ina bhfuil an bun-nóta, 3ch, 5ch agus 7ch os a chionn seinnte.

Seicheamh: Pátrún nótaí atá athsheinnte ar nóta níos airde nó níos ísle gan an pátrún a athrú. Mar shampla clingthon (*ringtone)* Nokia.

Séis mheiliosmatach - tugtar níos mó ná nóta amháin do gach siolla

Séis shiollach – tugtar nóta/buille amháin do gach siolla

Seisiún: Ceoltóirí bailithe le chéile le ceol – go minic ceol traidisiúnta – a sheinm go poiblí i dteach tábhairne nó dóibh féin i dteach príobháideach.

Sempre f: sempre= i gcónaí. Caithfidh an giota seo ar fad a bheith seinnte go láidir.

Senza: Gan

Sfz: Béim tobann ar an nóta seo amháin.

Siansa: Píosa ceoil do cheolfhoireann le ceithre ghluaiseacht ann. Bíonn an chéad ghluaiseacht tapaidh agus i bhfoirm shonáideach de ghnáth, an dara ceann mall agus i bhfoirm dhénartha go minic. Bíonn an tríú ceann i 3/4 agus is minic gur damhsa nó ceol éadrom a bhíonn i gceist. Bíonn an ceathrú gluaiseacht tapaidh arís.

Simile: Mar an gcéanna – is treoir é seo le leanacht ar aghaidh ag seinm an dóigh chéanna is a sheinn tú sna nótaí roimhe.

Sioncóipiú: Nuair a bhaintear an bhéim de nóta a mbíonn béim air de ghnáth (an chéad bhuille den bharra) agus nuair a chuirtear sos ina áit. Mothaítear buille in easnamh sa cheol, agus tugtar sioncóipiú air seo. Má dhéantar go rialta é tríd an phíosa ar fad, tugann sé rithim an-bhríomhar don cheol. Tá sé seo an-choitianta i gceol nua-aimseartha, go háirithe ceol atá gasta. Tá trí bhealach inar féidir an sioncóipiú a chur i gcrích: i. sos a chur ar príomhbhuille an bharra, ii. An príomhbhuille sa bharra a cheangal leis an nóta roimhe nó iii. Nóta gairid a chur ag tús barra agus nóta fada díreach ina dhiaidh.

Sleamhnán: an chuid den trombón a bhogann an seinnteoir le nótaí éagsúla a dhéanamh.

Sólfá tonach: Ainmneacha na nótaí sa scála. Úsáideadh an córas seo ón 11ú céad mar áis do mhúinteoirí a bhí ag iarraidh léitheoireacht an cheoil a mhúineadh dá ndaltaí. *D r m f s l t d.*

Solo/aonréad: Ní sheineann ach uirlis amháin an giota seo.

Sonáid: Píosa ceoil d'uirlis aonair, nó d'uirlis aonair le tionlacan ó phiano. De ghnáth bíonn trí ghluaiseacht ann – tapaidh, mall, tapaidh.

Spioradálach: Amhrán reiligiúnach na Meiriceánach Gorma, mar shampla Swing Low Sweet Chariot.

Soprán: An guth baineann is airde. Tá réimse ó C-lár go C dhá ochtach os a chionn ag soprán traenáilte.

Sraith: Bailiúchán píosaí a bhfuil téama, gléas nó scéal i gcoitinne eatarthu. Sraith Damhsaí – bailiúchán damhsaí éagsúla – Allemande, Courante, Sarabanda, Gigue – coitianta san 18ú haois.

Sraith Shiansach: Grúpa de ghluaiseachtaí le téama i gcoitinne eatarthu, seinnte ag an gceolfhoireann.

Srathú: Teicníocht chumadóireachta a forbraíodh sa 20ú haois.

Sreangacha oscailte: Tugann sé seo fuaim níos crua don cheol. Níl ach ceithre théad ar gach téaduirlis, agus dá bharr sin ceithre nóta lenar féidir an treoir seo a úsáid.

Sreangdhruma: Taobhdhruma ach go bhfuil sreanga miotal ina luí in éadan bunchraiceann an druma. Nuair a bhuailtear an druma déantar gliogarnach (*rattle).*

Staccato: Nótaí gearra nuair a phreabtar den nóta. Léirítear é seo le ponc scríofa os cionn nó faoin nóta.

Stíl: Cineál nó faisean faoi leith sa cheol. Baineann tréithe an phíosa le faisean áirithe sa cheol mar shampla popcheol, rac-cheol, ceol clasaiceach, snagcheol.

Stopanna dúbailte: Seinntear dhá shreang ar na téaduirlisí ag an am céanna.

Strófach: Foirm nó struchtúr ina mbíonn an ceol céanna i ngach véarsa. Mar shampla: The Fields of Athenry.

Suantraí: Amhráin chun leanaí a chur ina gcodladh. Samplaí – Déirín Dé, Seothín Seo, Éiníní.

Subito: go tobann.

Tambóirín: Is féidir é seo a bhualadh nó a chreathadh.

Téaduirlisí na Ceolfhoirne: An Veidhlín, An Vióla, An Dordvheidhil, An tOlldord, An Chláirseach.

Téama: Giota den cheol, 4-bharra go minic, a fhanann i d'intinn. Béim láidir ar an tséis/rithim.

Téama agus Breachnuithe: Séis a sheinntear gan athrú ar dtús agus ansin le hathruithe difriúla le héagsúlacht a chur sa cheol.

Timbre/tondath: Timbre an rud a chuireann ar ár gcumas an difear idir piano agus veidhlín a aithint.

Timpani/tiompáin: Trí dhruma agus iad tiúnáilte go nótaí faoi leith de réir mar a ordaíonn an cumadóir. Tá troitheáin ar na huirlisí seo agus is féidir na nótaí seo a athrú más gá.

Tobchumadh: Nuair a sheinneann ceoltóir nótaí a chumann sé de réir mar a théann sé ar aghaidh, ach iad bunaithe ar rithim faoi leith, nó cordaí faoi leith. Ní bhíonn sé mar an gcéanna aon dá uair. Seo tréith a bhain le snag-cheol; tá sé an-choitianta i gceol triaidisiúnta chomh maith. Ní bhíonn an ceol scríofa síos ná réamhullmhaithe.

Tonúlacht: An gaol atá idir nótaí agus an lárnóta tonúlachta i bpíosa ceoil. Is féidir le ceol tonúil a bheith mór, mion nó modúil. Is féidir le ceol a bheith neamhthonúil chomh maith.

Trasdul (Droichead): Giota ceoil a dhéanann ceangal idir dhá chuid den saothar.

Tríleach (*trill*): Seinntear an nóta scríofa agus an nóta os a chionn i ndiaidh a chéile roinnt uaireanta chomh tapaidh agus is féidir. I rith an tréimhse Barócach tosaítear ar an nóta is airde.

Tríphléadach: Trí nóta seinnte san am a mbíonn dhá cheann de ghnáth.

Tríréad: Píosa ceoil do thrí uirlisí, nó grúpa de thrí uirlis ag seinm le chéile.

Tríthon: An idirchéim idir *fá* agus *tí* i scála mór. Tá fuaim ghránna ag baint leis i gceol Clasaiceach, tugadh an "deabhal sa cheol" air mar gheall air sin. Sa chumadóireacht don Ardteist nó Teastas Sóisearach tá sé inmholta an idirchéim seo a sheachaint.

Troitheán (nóta troitheánach): Nóta íseal marthannach nó nóta íseal athsheinnte faoi chordaí a athraíonn. Cruthaíonn sé teannas sa cheol agus de ghnáth scaoiltear an teannas trí dhúnadh a chur isteach nuair a bhogann an nóta.

Troitheán aisiompaithe: Bíonn an nóta seo le fáil os cionn an chuid eile den cheol, ach oibríonn sé mar an gcéanna le troitheán íseal.

Tiúba: An uirlis phráis is mó. Bíonn eochair an doird in úsáid aige.

Tutti: Gach duine nó uirlis le chéile

Uigeacht: Saibhreas fuaime. Is féidir le huigeacht a bheith homafónach (séis le tionlacan), monafónach (líne amháin séise) nó cuntraphointeach/iolfhónach (dhá líne nó níos mó seinnte ag an am céanna agus iad ar chomhthábhacht). Chomh maith leis sin is féidir le huigeacht a bheith tanaí nó saibhir ag brath ar fhuaim na n-uirlisí, raon-airde na nótaí, líon uirlisí agus araile.

Unis: Ceallaíonn sí seo an t-ordú “divisi”

Vibrato: Bogann an seinnteoir ar théaduirlis a mhéar (lámh chlé) go gasta suas agus síos ag athrú airde an nóta beagán. Cuireann sé fuaim theolaí leis an gceol.